Do b'fada le Máire go dtáinig Oiḋċe Nodlag. Aċt mar ṫéiġear caiṫeaṁ i ngaċ níḋ, do ċuaiḋ caiṫeaṁ san gcáirde aimsire sin. Do b'fada léiṫi lá Oiḋċe Nodlag go dtáinig an deireaḋ lae. Do sguab sí urlár an tiġe agus do ġlan sí na caṫaoireaċa agus d'fauiġ sí teine ṫéagarṫa roiṁ ḋul do ċodlaḋ di. D'fág sí an dorar ar orgailt agus do leag sí coinneall fada ġeal san ḃfuinneoig. Nuair do ṡín sí le hair a fir, níorḃ' ċum codlata é, aċt ċum faire. Do b'fada léiṫi gur ċodail a fear. D'airiġ sí fá ḋeireaḋ ar a ċiúine is do ḃí sé ag tarraing a anáil go raiḃ sé ina ċodlaḋ. Annsin d'éiriġ sí, do ċuir uimpi a gúna, agus do ṫéaluiġ amaċ go dtí an ċirtin. Ní raiḃ aon duine roimpi. Ní raiḃ siú na luiċe ag corruiġe sa teaċ. Do ḃí na criogair féin ina gcodlaḋ. Do ḃí an teine ina gríoraiġ ḋeirg. Do ḃí an ċoinneall ag lonnraḋ go roillseaċ. Do ċrom sí ar a glúnaiḃ i ndorar an treomra. Ba ḃinn léiṫi ciúinear an tiġe san meaḋon oiḋċe cé go mb'uaṫṁar. Ṫáinig árduġaḋ aigeanta uirṫi mar do ṫigeaḋ uaireannta san tréirséal agus í ar tí Corp Ċríorṫ do ġlacaḋ ó láṁaiḃ an tragairt. Do ṫuig sí ar ṁoḋ éigin

nárḃ' ḟada uaiṫi an Ṁórḋaċt Do-ḟeicfeana agus gur gearr go gcluinfeaḋ sí a coiscéim. D'éirt sí go foiġdeaċ. Do ḃí an teaċ féin, dar léiṫi, agus a raiḃ ann ioir beo agus neaṁ-ḃeo, ag éirteaċt fréisin. Do ḃí na cnuic ag éirteaċt agus cloċa na talṁan agus feanna péaltannaċa na sréise.

Do ċuala sí an ḟuaim. Coiscéim ar lic an doras. Do ċonnaic sí bean óg ag teaċt isteaċ agus Leanḃ fáisgṫe le n-a huċt aici. Do ḋruid an bean óg aníos ċum na teine. Do ṡuiḋ sí ar an gcaṫaoir. Do ṫosnuiġ sí ag crónán ór íseal dá Leanḃ. D'aiṫniġ Máire an ceol. Sé an ceol do ḃí ann Crónán na Banaltra.

Tamall dóiḃ mar sin. An bean ag fáisgeaḋ a Leinḃ le n-a huċt agus ag crónán go fíor-ḃinn, go fíor-ḃog. Máire ar a ḋá glúin fá sgáṫ an doras. Ní raiḃ innti labairt ná cosruiġe. Is ar éigin do ḃí innti a hanál do ṫarraing.

Sa deireaḋ d'éiriġ an bean. Is annsin d'éiriġ Máire. Do ċuaiḋ sí anonn ċum na mná.

"A Ṁuire," ar sise de ġlór an-íseal.

Do ṫionntuiġ an bean a haġaiḋ uisṫi. Aġaiḋ áluinn ṁaorḋa dob' eaḋ í.

"A Ṁuire," adeir Máire arís, "impiḋe agam ort."

"Abair," arr' an bean eile.

"Leanḃ ag ól bainne mo ċíċe," arsa Máire. "Ná diúltuiġ mé, a Ṁuire."

"Druid liom níos goire," adeir an bean eile.

Do ḋruid Máire léiṫi. D'ardduiġ an bean eile a Leanḃ féin. Do ṡín an Leanḃ a ḋá láiṁ ḃeaga amaċ agus do leag láṁ go mín ar gaċ leacain de ḋá leacain Ṁáire.

"Déanfaidh an bean nach sin torraíthe tú," adeir an Máthair.

"Is maith an bean tú, a Mhuire," arsa Máire. "Is maith é do Mhac."

"Fágaim bean nach ins an tigh so," arsa an bean eile.

D'fhágsadh sí a leanbh le n-a huchtaibh agus do ghabh an doras amach. Do chuaidh Máire ar a glúnaibh.

. . . . . .

Tá bliadhain caithte ó'n Oidhche Nodlag sin. An uair dheiridh do ghabhas tharsa tigh Mháire, do bhí leanbh ina huchtaibh. Do bhí an fhéachain úd uirthi nach mbíonn ar éinne acht ar mháthair nuair mhothuigeas sí béal a céad-mhic le n-a cích.

"Is fearr le Dia na mná ionná na fir," adubhras liom féin. "Is chuca-san chuireas sé na bróin is mó agus is orthá-san bhronnas sé an t-aoibhneas is mó."

An Dearg-Daol

An Dearg-Daol

Fear riubail ar Dúchais Seoige cáinig irteach i dteach m'athar d'innir an rgéal ro dúinn coir teallaig oidhche gairb geimhridh. Do bí an gaoth ag caoineadh thart timcheall an tige, ar nór mná ag caoineadh marbh, le linn labharta dó, agus do-ghníodh ré a glór d'árdughadh nó d'írliughadh de réir mar d'árduigeadh nó mar d'írligeadh glór na gaoithe. Fear árd do bí ann, rúile fiadháine aige, agus a chuid éadaigh beag nach ina mbalcairíbh. Do bí ragar eagla orm roimhe nuair cáinig ré irteach, agus níor lugde m'eagla a rgéal.

Na trí feichidí ir beannuighthe ar an domhan, arr' an fear riubail, an chadóg, an rpideoigín, agus bó Dé. Agus na trí feichidí ir malluighthe ar an domhan, an nathair nimhe, an dreoilín, agus an dearg-daol. Agus 'ré an dearg-daol an feichide ir malluighthe aca. Ir agam-ra atá a fhior rin. Dá marbhóchadh fear do mhac, a bean an tige, ná tabair dearg-daol mar ainm air. Dá dtiocfadh bean idir tú féin agus do chéile leapthan ná cuir i gcomórtas leir an dearg-daol í.

" Sábálaidh Dia rinn," adeir mo mháthair.

" Ámén, a Thigearna," arr' an fear riubail.

Níor labair ré arís go ceann rgathaimh. D'éirteamar ar fad, mar do bí a fhior againn go raibh ré chum rgéal d'innrint. Ba gearr gur thornuig ré.

Nuair a bí mise 'mo sgurrac, arr' an fear siubail, bí bean ar an bpobal r'againne a raib faitcíor ar 'cuile duine roimpi. I mbothán uaigneach i mám sléibe a bí comhnaide uirthi. Ní gabad aon duine i bfoigreacht dá teach. Ní thagad sí féin i ngar do teach duine ar bith eile. Ní labhraighthí léithi nuair a cartaoi do duine ar an mbóthar í. Ní chuireadh sise focal ná fáirnéis ar duine ar bith. Dá dhrugh leat an chréatúir a fheiceál agus í ag gabáil an bóthair ina haonar.

"Cia hí súd," adeirinn-se lem' mháthair, "nó 'tuige nach labhraighteas léithi?"

"Éirt, a ghiolla," adeireadh mo mháthair liom. "Sin í an Dearg-Daoi. Is bean mhalluighte í."

"Céard a sinne sí, nó cia chuir an mhallacht uirthi?" adeirinn-se.

"Sagart Dé a chuir an mhallacht uirthi," adeireadh mo mháthair. "Níl a fhios ag duine ar bith céard a sinne sí."

Agus sin a bhfuaireas d'eolas ina taoibh go raibhas im' shócach fásta. Agus go deimhin díbh, a chomhsrana, níor chuala mé ina taoibh riamh acht go ndearna sí peacadh náireach eicínt i dtúr a raoghail agus gur chuir an sagart a mhallacht uirthi or comhair an phobail i ngeall ar an bpeacadh sin. Domhnach amháin dá raibh an pobal cruinn ag an Aifreann, d'ionntuigh an sagart tart orta, agus ar seisean:

"Tá bean annso," ar seisean, "thuillfeas damnughadh síorraidhe di féin agus do 'chuile duine dhéanfas caidreamh léithi. Agus adeirim-se leis an mnaoi sin," ar seisean, "gur bean mhalluighte í, agus adeirim-se lib-se gan caidreamh ná comhsranacht a

beiṫ agaiḃ leis an mnaoi sin aċt an oiṡeaḋ is a ḃeaḋ le Dearg-Daol. Éiriġ ṡoṁat anois, a Ḋearg-Daoil," ar seisean, "agus seaċain coṁluadar deaġ-ḋaoine ṡeasta!"

D'éiriġ an bean boċt agus ṫug sí dosar an tréisréil amaċ uisṫi féin. Ní raiḃ d'ainm uisṫi ó ṡoin aċt an Dearg-Daol. Leigeaḋ a hainm is a sloinneaḋ féin ar cuiṁne. Deistí go raiḃ súil ḟiata aici. Dá mbreaṫnuiġeaḋ sí ar ġaṁain nó ar ċaoiriġ nár léiṫi ġeoḃaḋ an beiṫiḋeaċ bás. Ḃí faitċíos ar na mnáiḃ a gcuid páirtí a leigean amaċ ar an trráid dá mbeaḋ an Dearg-Daol ag siuḃal an bealaiġ.

Ṗós mise cailín dóiġeaṁail nuair a ḃí mé i n-aois mo ḃliaḋna is ṡiċe. Ḃí garún beag de ġearrċaile againn agus súil againn le leanḃ eile. Lá aṁáin dá raiḃ mé ag baint ṁóna sa bportaċ, ḃí mo ḃean ag beaṫuġaḋ na héanlaiṫe ar an trráid nuair a ċonnaic sí—Dia idir sinn agus an anaċain—an Dearg-Daol ag déanaṁ uisṫi aníos an bóiṫrín agus an pataire beag ina huċt aici. Ḃí láṁ na gissrriġe timċeall muineáil na mná, agus a seál-se dá folaċ. Níor ḟan cainnt ag mo ṁnaoi-se.

Leag an Dearg-Daol an cailín beag i n-uċt a máṫar. Ṫug mo ḃean-sa ḟá dearsa go raiḃ a cuid éadaiġ fliuċ.

"Céard d'éiriġ do'n leanḃ?" ar sise.

"Tuitim isteaċ i loċán na luaċra a sinne sí," adeir an Dearg-Daol. "Ar ṫóir bileogaí báiḋte a ḃí sí. Ḃí mé ag dul ṫart ar an mbóṫar agus ċuala mé a sgread. Isteaċ ṫar ċlaiḋe liom. Ní raiḃ ann aċt go rug mé uisṫi ar éigin."

"Go gcúitiġiḋ Dia ṫu," arra mo ḃean. D'imṫiġ an ḃean eile ful a raiḃ am aici níor mó a ráḋ. Ṫug mo ḃean an ruidín beag irteaċ, ṫiormuiġ sí í, agus ċuir a ċodlaḋ í. Nuair ṫáinig mé féin irteaċ ó'n bportaċ d'innis sí an sgéal dom. Ṫug an ḃeirt againn ar mbeannaċt do'n Dearg-Daol an oiḋċe sin.

Lá ar n-a ḃárać ṫoruiġ an cailín beag ag cainnt ar an mnaoi a ṡáḃáil í. "Ḃí an t-uisge irteaċ im' ḃéal agus im' ṡúilib agus im' ċluasaib," ar sise; "ċonnaic mé teintreaċa geala agus ċuala mé torann mór; ḃí mé ag sleaṁnuġaḋ, ag sleaṁnuġaḋ," ar sise; "agus annsin," ar sise, "ṁoṫuiġ mé an láṁ timċeall orm, agus ṫóg sí ina huċt mé, agus ṗóg sí mé. Ċeap mé go raiḃ mé sa mbaile nuair a ḃí mé ar a huċt agus a seál timċeall orm," ar sise.

Cúpla lá ina ḋiaiḋ sin d'aiġiġ mo ḃean an cailín beag uaiṫi. Ḃí sí ar iarraiḋ ar feaḋ cúpla uair. Nuair ṫáinig sí a ḃaile d'innis sí ḋúinn go raiḃ sí tar éis cuairt a ṫaḃairt ar an mnaoi a ṡáḃáil í. "Rinne sí cáca ḋom," ar sise. "Níl duine ar biṫ sa teaċ aici aċt í féin, agus duḃairt mé léiṫi go ngaḃfainn ar cuairt aici 'ċuile ṫráṫnóna."

Níor ḟéad mise ná mo ḃean focal a ráḋ ina haġaiḋ. Ḃí an Dearg-Daol tar éis anam ar ngiseriġe a ṡáḃáil, agus ní ḃeaḋ sé nádúrṫa a ċroraḋ ar an leanḃ dul irteaċ ina teaċ. Ó'n lá sin amaċ ṫéiġeaḋ an cailín beag suas an cnoc ċuici gaċ sé lá.

Duḃairt na comṡusana linn naċ raiḃ sé ceart. Ḃí sórt aiṁreas orainn féin naċ raiḃ sé ceart, aċt cia an neart a ḃí againn air?

An gcreidfeaḋ siḃ mé, a ḋaoine? Ó'n lá leag an Dearg-Daol súil ar an gcailín beag ṫoruiġ sí ag

imṫeaċt ar, ag imṫeaċt ar, mar d'imṫeoċaḋ teine naċ ndearóċaiḋe. Ċaill sí a goile agus a lúṫ. Tar éis ráiṫe ní raiḃ ann aċt a sgáil. Tar éis míora eile ḃí sí sa gcill.

Ṫáinig an Dearg-Daol anuas an sliaḃ an lá ar cuireaḋ í. Ní leigfiḋe isteaċ sa roilig í. D'imṫig sí a bealaċ suas an sliaḃ arís go huaigneaċ. Ḃí truaġ agam do'n ċréatúir, mar ḃí a ḟior agam nár ṁó ar mbrón-ne 'ná a brón-se. Ċuaiḋ mé féin suas an cnoc maidin lá ar n-a ḃárraċ. Ḃí súm á ráḋ léiṫi naċ raiḃ aon ṁilleán agam-sa ná ag mo ṁnaoi uirṫi. Ḃuail mé ar an doras. Ní ḃfuair mé aon ḟreagra. Ċuaiḋ mé isteaċ sa teaċ. Ḃí an ġríoraċ dearg ar an teallaċ. Ní raiḃ duine ar biṫ le feiceál. Ṫug mé leaba fá dearga sa gcúinne. Ċuaiḋ mé anonn go dtí an leaba. Ḃí an Dearg-Daol ina luiġe annsin agus í fuar marḃ.

Ní raiḃ aon rud orm-sa ná ar mo ċoṁluadar ó'n lá sin amaċ. Cailleaḋ mo ḃean mí ina ḋiaiḋ sin agus í ag breiṫ a leinḃ. Níor ṁair an leanḃ. Ṫáinig galar ar mo ḃeiṫiḋeaċaiḃ an geiṁreaḋ dár gcionn. Ċuir an tiġearna amaċ ar mo ḟeilḃ mé. Tá mé im' ḟear ḟiuḃail, agus bóiṫre Connaċt roṁam, ó ḟoin i leiṫ.

na bóiṫre

na bóiṫre

Béiḋ cuiṁne i Ros na gCaosaċ go héag ar an oiḋċe ṫug fear Baile Áṫa Cliaṫ an ḟleaḋ dúinn i dteaċ sgoile an Tuslaiġ Big. Ní raiḃ d'ainm ná de ṡloinneaḋ againn ar an bfear céadna riaṁ aċt fear Baile Áṫa Cliaṫ. 'Sé adeiread Peaitín Ṗárraic linn gur fear sgríobṫa páipéir nuaiḋeaċta é. Do léiġeaḋ Peaitín an páipéar Gaeḋilge do ṫagaḋ go dtí an ṁáiġistreár gaċ seaċtṁain, agus is beag nió naċ raiḃ ar eolas aige, mar do bíoḋ cur síos ar an bpáipéar sin ar imṫeaċtaiḃ an Domain Ṫiar agus ar imṫeaċtaiḃ an Domain Ṫoir, agus ní bíoḋ teora leis an méid fearra do bíoḋ ag Peaitín le taḃairt dúinn gaċ Domnaċ ag geata an tréipéil. Adeiread sé linn go raiḃ an-ċuimse airgid ag fear Baile Áṫa Cliaṫ, mar go raiḃ dá ċéad punnt sa mbliaḋain ag dul dó ar uċt an páipéar sin do sgríobaḋ gaċ uile ṡeaċtṁain.

Ṫugaḋ fear Baile Áṫa Cliaṫ cuairt coicṫiġire nó míosa ar an Tuslaċ gaċ bliaḋain. An bliaḋain áiriṫe so do ċuir sé gairm scoile amaċ ag glaoḋaċ boċt agus noċt ċum fleiḋe agus féasta do bí sé do ċomóraḋ dúinn i dteaċ na sgoile. D'ḟógair sé go mbeaḋ ceol agus damsa agus óráideaċa Gaeḋilge ann; go mbeaḋ síobaise ann ó'n gCeaṫraṁaḋ Ruaḋ; go mbeaḋ bríġid Ní Mainín ann ċum "Conntae Muiġeo" do ṫaḃairt uaiṫi; go n-innseoċaḋ Máirtín

larsaire sséal siannaideacta; go n-aitsiseocad sean-Úna Ní Ghiallsair dán muna mbead siacán ar an sceréatúir; agus go ndéanfad Marcuirín Mícíl Ruaid dreas damsa muna mbead na sgoilteacha go só-dona air. Niorb' eol d'éinne na sgoilteacha do beit ar Marcuirín siam act nuair do hiarrtaoi air damsa do déanam. "Bedam but tá mé marb ag na sgoilteacha le seachtmain," adeiread sé i gcomnaide nuair do luadfaide damsa. Act ní túisge do tosnuigead an síobaire ar "Tatther Jack Walsh" iona do chaitead Marcuirín a cáibín san aer, "hup!" adeiread sé, agus do fágtaoi an t-uilár faoi.

Do bí comluadar Cóil Labráir ag ól tae tráthnóna na fleide.

"An sacamuid ag teach na sgoile anocht, a deaide?" arsa Cuimín Cóil le n-a athair.

"Gabfaid. Dubairt an tAthair Rónán go mbad maith leis an poball uilig a dul ann."

"Nach againn béar an sprraoid!" arsa Cuimín.

"Fanfaid tusa sa mbaile, a Nóra," adeir an máthair, "le aire a thabairt do'n báisde."

Do chuir Nóra pus uisci féin act níor labair sí.

Tar éis tae do chuaid Cól agus a bean siar sa seomra le hiad féin do gléasad chum bóthair.

"Mo léan nach garúil fir a sinne Dia díom," adeir Nóra le n-a dearbráthair.

"Muise, 'tuige?" arsa Cuimín.

"'Chuile chuige níor fearr 'ná a chéile," arsa Nóra. Leis sin thug sí borógh beag do'n leanb do bí idir beith ina chodlad ir ina dúiseacht sa gcliabán. Do chuir an learb béic ar.

"Ara, éirt leis an bpáirtse," arsa Cuimín. "Má choisfeann mo mháthair ag béicigil é, bainfidh sí an chuas díot."

"Is cuma liom má baineann sí an dá chluais díom," arsa Nóra.

"Céard tá ort?" Do bí Cuimín ag á nigh féin agus do stad sé agus d'amharc anonn thar ghualainn ar a dheirbhfhiúirs, agus an t-uisge ag sileadh le n-a éadan.

"Tuisfeach de beith im' arailín ag mo mháthair agus ag 'chuile duine atáim," arsa Nóra. "Ag obair ó mhaidin go hoidhche dom agus sibh-se ar bhur suaimhneas. Sibh-se ag dul ag an sgraoidh anocht, agus mise i mo shuidhe annso i mo bhanaltra do'n pháirtse so. 'Sanfaidh tusa sa mbaile, a Nóra, le aire a thabhairt do'n pháirtse,' adeir mo mháthair. Sin í an chaoi i gcomhnaidhe. Is truagh nach gcaithfidh sí a sinne Dia díom."

Do bí Cuimín ag tiormughadh a éadain fá'n am sin, agus "s-s-s-s-s" ar bun aige ar nós duine do bheadh ag dearughadh capaill.

"Is truagh, 'o eile," ar seisean nuair d'fhéad sé labhairt.

Do chaith sé uaidh an tubáille, do chuir a cheann ar leath-taobh, agus d'fhéach go fásta air féin san sgáthán do bí ar chrochadh ar an mballa.

"Sgoilt a dhéanamh im' chuid gruaige anois," ar seisean, "agus béidh mé ar fheabhas."

"Bhfuil tú réidh, a Chuimín?" adeir a athair ag teacht aniar as an seomra.

"Táim."

"Bhéimid ag bogadh linn."

Tháinig an mháthair aniar.

"Má bíonn sé súd ag caoineadán, a Nóra," ar sise, "tabair deoc bainne dó ar an mbuidéal."

Ní dubairt Nóra focal. D'ḟan sí ina suide ar an suidirtín i n-aice an ċliabáin agus a sméig leagta ar a dá láiṁ agus a dá huilinn leagta ar a glúnaib. Do ċuala sí a hatair agus a máthair agus Cuimín ag dul amach an doras agus trearna na sráide; d'aitin sí ar a nglórtaib go rabadar ag dul síos an bóithín. Do ċuaiḋ na glórta i n-éag agus do ṫuig sí go rabadar tar éis an bóthar do ṫabairt dóib féin.

Do ġab Nóra ag cumaḋ pictiúirí bréige ina haigne. Do ċonnaic sí, dar léite, an bóthar breaġ péiḋ agus é geal fá ḟolus gealaiġe. Do bí na daoine ina mion-sgataíb ag déanaṁ ar teach na sgoile. Do bí muinntir Ros na gCaorach ag teacht amach an bóthar, agus muinntir Ġairbḋeanach ag triall tart le teach na máiġistreára, agus muinntir Ċill Bríocáin ag bailiuġaḋ anuas an cnocán, agus muinntir an Turlaiġ Big cruinniġte ceana; do bí dream ó'n Turlach agus corr-sgata ó Ġleann Ċatha, agus duine nó beirt as Inbear ag teacht isteach an bóthar. Do ramhluiġeaḋ di go raib a muinntir féin ag geata na sgoile anois. Do bíodar ag dul suas an carán. Do bíodar ag beannuġaḋ isteach an doras. Do bí teach na sgoile beag nach lán, agus gan deireaḋ le teacht na ndaoine fós. Do bí lampaí crochta ar na ballaib agus an teach ċoṁ geal is do beaḋ i lár an lae. Do bí an tAthair Rónán annsin agus é ag dul ó duine go duine agus ag cur fáilte roiṁ gach éinne. Do bí fear Baile Átha Cliath ann agus é go láġach mar baḋ ḋual dó. Do bí an máiġistreár ann agus máiġistir agus máiġistreár an Ġuirt Mór

agus bean na láraí. Do bí gearrcaillí na sgoile ina suidhe le chéile ar na suidheachánaibh torraigh. Nach raibhadar le amhrán do ráidh? Do chonnaic sí, dar léithi, Máire Seagháin Mhóir, agus Máire Pheaitín Johnny, agus Baibín Choil Mharcuis, agus Bríghid an Bhádhóra agus a cloigeann suaidh uirthi, agus Bríghid Cháitín Ní Fhiannachta, agus a béal osgailte aici mar ba ghnáthach léithi. Do bí na gearrcailí ag féachaint thart agus ag thabhairt uilinn dá chéile agus ag fiafruighe dá chéile cá raibh Nóra Choil Labhráis. Do bí teach na sgoile lán go dorras anois. Do bí an tAthair Rónán ag bualadh a dá bhois le chéile. Do bíthear ag stad de'n chainnt agus de'n chogarnach. Do bí an tAthair Rónán ag labhairt leo. Do bí sé ag labhairt go sgeannmhar. Do bí gach éinne ag gáirdhe. Do bí sé ag glaodhach ar gearrcailíbh na sgoile chum an amhráin do thabhairt uatha. Do bíodar súd ag éirghe ina seasamh agus ag siubhal go dtí ceann an treomra agus ag umlughadh do'n phobal.

"Mo léan gan mé ann," arsa Nóra bhocht léithi féin, agus do leag a héadan ar a bosaibh agus do thosnuigh ag gol.

Do stad sí de'n ghol go hobann. Do chroch sí a ceann agus do chuimil bos dá súilibh.

Ní raibh sé ceart, ar sise ina haigne féin. Ní raibh sé ceart, cóir, ná feileamhnach. Cad chuige ar choingbhighadh sa mbaile í? Cad chuige a gcoingbhighthí sa mbaile i gcomhnaidhe í? Dá mbadh gasúr fir í do leigfidhe amach í. Ó nach raibh innti acht gasúr mná do coingbhighthí sa mbaile í. Ní raibh innti, mar adubairt sí le Cuimín an tráthnóna sin, acht asailín beag gearrcaile. Ní chuirfeadh sí suas leis a thuilleadh.

Do beaḋ ceaḋ a cinn aici. Do beaḋ sí ċoṁ saor le garúr fir ar biṫ dá dtáinig nó dá dtiocfaḋ. Ba ṁinic roiṁe sin do ċuiṁnig sí ar ġníoṁ. Do ḋéanfaḋ sí an gníoṁ sin anoċt.

Ba ṁinic do ḟil Nóra go mbaḋ breaġ an saoġal beiṫ ag imṫeaċt roimpi ina seasbac siubail gan beann aici ar ḋuine ar biṫ. Bóitre na hÉireann roimpi agus a haġaiḋ orṫa; cúl a cinn leis an mbaile agus le cruaḋtain agus le cosaċt a muinntire. Í ag siubal ó baile go baile agus ó ġleann go gleann. An bóṫar breaġ réiḋ roimpi, glasraḋ ar gaċ taoiḃ de, tiġṫe beaga cluṫṁara ar ṡleasraiḃ na gcnocán. Dá n-éireoċaḋ sí tuirseaċ d'ḟéadfaḋ sí síneaḋ siar coir ċlaiḋe, nó d'ḟéadfaḋ sí dul isteaċ i dteaċ éigin agus deoċ bainne agus suiḋe coir teine d'iarraiḋ ar ṁnaoi an tiġe. Codlaḋ na hoiḋċe do ḋéanaṁ i gcoill éigin fá sgáṫ crann, agus éirġe i moċ na maidne agus síneaḋ roimpi arís fá'n aer úr-aoibinn. Dá dteastóċaḋ biaḋ uaiṫi (agus is dóċa go dteastóċaḋ) do ḋéanfaḋ sí obair lae annso agus obair lae annsúd, agus do beaḋ sí lántsásta dá bruiġeaḋ sí cupán tae agus blúire arán i ndíolaiḋeaċt a hoibre. Nár breaġ an saoġal é sin seaċ is beiṫ ina harailín beag gearrċaile sa mbaile ag beaṫuġaḋ na gceapc agus ag taḃairt aire do'n naoiḋeanán!

Ní ina cailín d'imṫeoċaḋ sí roimpi aċt ina malraċ. Ní beaḋ a ḟior ag duine ar biṫ naċ malraċ do beaḋ innti. Nuair do ġearrfaḋ sí a cuid gruaige agus culaiḋ báinní le Cuimín do ċur uiṫi féin cia d'aiṫneoċaḋ gur gearrċaile í?

Ba ṁinic do ċeap Nóra an ċoṁairle sin di féin,

act níor leig an faithíos fuaim di a cur i ngníomh. Ní raibh faghail ceart aici fuaim air. Do bíodh a máthair fa teach i gcomhnaidhe agus ní tháirgse do bhead sí imtighthe iona do haireochaidhe ar iarraidh í. Acht do bhí faghail aici anois. Ní bhead éinne aca thar air fa teach go ceann uaire a chluig ar a laighead. Do bhead neart ama aici chum a cuid éadaigh d'athrughadh agus imtheacht i gan fhios do'n traoghal. Ní carfaidhe éinne uirthi ar an mbóthar ó bhí an pobal uile cruinnighthe i dteach na sgoile. Do bhead am aici dul chomh fada le hEileabhrach anocht agus codladh do dhéanamh fa gcoill. D'éireochadh sí go moch maidin lá ar n-a bhárach agus do bhailfeadh bóthar rul do bhead éinne ina fhuidhe.

Do phreab sí de'n ruidhirtín. Do bhí riorúr i ndorás an dhiriúir. Níorbh' fada go raibh sí i ngreim fa riorúr agus rnip rneap! Do ghearr sí dí a cúl gruaige, agus an cluibe do bhí ar a malainn, agus gach dual fáinneach dá raibh uirthi i n-aon ionnraidhe amháin. Do dhearc sí uirthi féin fa sgáthán. A inghean ó! nach maol lom d'fhéach sí! Do bailigh sí na fáinní gruaige de'n urlár agus do chuir i bhfolach i sean-bhorga iad. Anonn léithi annsin go dtí an áit a raibh culaidh ghlan bháinní le Cuimín ar chrochadh ar thaisnge. Síos léithi ar a glúnaibh ag cuardach léine le Cuimín do bhí i ndorás íochtair an dhiriúir. Do chaith sí an méid sin éadaigh ar an urlár i n-aice na teine.

So anois í ag baint di a cuid éadaigh féin go deifreach. Do chaith sí a gúna agus a cóitín beag agus a léine irteach i gcomhrainn do bhí fá'n mbord. Do chuir sí léine Chuimín uirthi féin. Do fháith sí a cora irteach fa mbrírte agus do tharraing aníos uirthi

féin é. Do chuimhnigh sí annsin nach raibh gealas ná crios aici. B'éigin di crios do dhéanamh as seanfhiosa cósda. Do chuir sí an chaós uirthi féin. D'fhéach sí sa sgáthán agus do ghéit sí. Is amhlaidh do fhíl sí go raibh Cuimín os a comhair! D'fhéach sí thar a gualainn acht ní fhaca sí éinne. Is annsin do chuimhnigh sí gusrab í féin do bhí ag féachaint uirthi féin, agus do sinne sí gáire. Acht má sinne féin do bhí sí beagán sgannruighthe. Dá mbeadh caipín aici anois do bhí sí réidh chum bóthair. 'Seadh, do bhí a fhios aici cá raibh sean-chaipín le Cuimín. Do fuair sí é agus do chuir ar a ceann é. Slán beo anois leis an seantraoghal agus céad fáilte roimh an raoghal nua!

Nuair do bhí sí ag an doras d'ionnthuigh sí ar air agus do théaluigh anonn go dtí an cliabhán. Do bhí an leanbh ina fhámh-chodlaidh. Do chrom sí agus thug póg do'n naoidheanán, póigín beag éadtrom isteach ar a mhalainn. Do théaluigh sí ar bharraibh a cos go dtí an doras, d'osgail go ciúin é, do chuaidh amach ar an tsráid, agus do dhún an doras go rocair ina diaidh. Tseasna na sráide léithi, agus síos an bóithrín. Ba ghearr go dtug sí an bóthar di féin. Do lasg léithi annsin fá dhéin an Tuslaigh Dhig.

Ba ghairid go bhfaca sí teach na sgoile ar thaobh an bóthair. Do bhí solus bheag ag sgallaidh trí na fuinneogaibh. Do chuala sí torann mar do bheithí ag gáirídhe agus ag bualadh bos isteigh. Anonn thar claidhe léithi agus suas carán na sgoile. Do chuaidh sí thart go dtí tóin an tighe. Do bhí na fuinneoga árd go maith acht d'éisigh léithi í féin d'ardughadh suas go raibh radharc aici ar a raibh ar siubhal taobh isteigh. Do bhí an tAthair Rónán ag labhairt. Do stad sé,

agus a Tiġearna! do tornuiġ na daoine ag éirġe ina seasaṁ. Ba léir go raiḃ an siamsa tart agus go raḃtar ċum sgaraṁna le dul a ḃaile. Céard do ḋéanfaḋ sí dá ḃfeicfiḋe í?

Do ċaiṫ sí léim ó'n ḃfuinneoig. Do sgiorr a cos uaiṫi ag teaċt anuas ar an talaṁ di agus do bainead leagan airti. Ir beag nár sgread sí os árd, aċt do ċuiṁniġ sí uirṫi féin i n-am. Do ḃí a glún beagán gortuiġṫe, do ḟil sí. Do ḃí na daoine amaċ ar ṡráid na sgoile faoi rin. Do ċaiṫfeaḋ sí fanaċt i ḃfolaċ go mbeidís ar fad imṫiġṫe. Do ḋruid sí isteaċ leis an mballa ċoṁ dlúṫ agus d'ḟéad sí. Do ċuala sí na daoine ag cainnt agus ag gáirḋe, agus d'aiṫin sí go raḃadar ag sgaipeaḋ i ndiaiḋ a ċéile.

Céard é sin? Glórṫa daoine ag teaċt ċuici; fuaim coiscéim ar an gcarán ina haice! Ir annsin do ċuiṁniġ sí go raiḃ aiṫgiorra tart le cúl an tiġe agus go mbeaḋ roinnt daoine ag dul an t-aiṫ-giorra. D'ḟéidir go mbeaḋ a muinntir féin ag dul an bealaċ sin, mar do ḃí sé beagán níos giorra ioná tart le bóṫar. Ṫáinig sgata beag ċuici: d'aiṫniġ sí ar a nglórṫaiḃ gurab iad muinntir Ḟeaitín Johnny iad. Do ċuadar tart. Sgata beag eile: muinntir an Ḃádóra. Ṫángadar ċoṁ gar sin di gur ṡatail Éamonn ar a coisín ḃuiḋṫ noċtuiġṫe. Ir beag nár leig sí sgread airti an dara huair, aċt ní ḋearna aċt í féin do ḃrúġaḋ níos goire do'n ḃalla. Do ḃí sgata eile i leiṫ: a Ḋia ṁóir, a muinntir féin! Do ḃí Cuimín ag ráḋ, "Nárḃ' iongantaċ an sgóirt Marcuisín ag daṁsaḋ!" Do ċuimil gúna a máṫar le leacain Nóra ag dul tart dóiḃ: níor ṫarraing sí

a hanál ar feaḋ an ama rin. Do ċuaiḋ dream nó ḋó eile ṫart. D'éirt rí ar feaḋ tamaill. Ní raiḃ éinne eile ag teaċt. Ir aṁlaiḋ do bíodar ar fad imṫiġṫe, adubairt rí léiṫi féin. Amaċ léiṫi ar a hionad folaiġ agus do larg léiṫi ṫart an carán. Plimp! Do ruiṫ rí i n-aġaiḋ duine éigin. Do bí ḋá láiṁ ṁóra timċeall uirṫi. Do ċuala rí glór fir. D'aiṫniġ rí an glór. An fagart do bí ann.

"Cia tá agam?" adeir an tAṫair Rónán.

D'innir rí bréag. Céard eile do bí le n-a innrint aici?

"Cuimín Ċóil Labráir, a Aṫair," ar rire.

Do leag sé láṁ ar gaċ gualainn léiṫi agus d'ḟéaċ síor uirṫi. Do bí an ceann cromṫa aici.

"Ṡíl mé gur imṫiġ tú a baile leo' aṫair agus leo' ṁáṫair," ar seirean.

"D'imṫiġ, a Aṫair, aċt ċaill mé mo ċaipín agus ṫáinig mé ar air ḋá iarraiḋ."

"Naċ bfuil do ċaipín ort?"

"Fuair mé ar an gcarán é."

"Naċ bfuil t'aṫair agus do ṁáṫair imṫiġṫe ann t-aiṫgiorra?"

"Tá, a Aṫair, aċt tá mise ag dul an bóṫar ionnur go mbíḋ mé leis na garúir eile."

"Gread leat, mar rin, nó béarfaiḋ na taiḋbrí ort." Leis rin do leig an tAṫair Rónán uaiḋ í.

"Go dtugaiḋ Dia oiḋċe ṁaiṫ duit, a Aṫair," ar rire. Níor ċuiṁniġ sí ar a caipín do baint di aċt ir aṁlaiḋ d'uṁluiġ sí do'n tragart ar nós cailín! Má ṫug an fagart an méid rin fá deara ní raiḃ am aige focal do ráḋ, mar do bí sí imṫiġṫe ar iompóḋ do boire.

Na Boithe

Do bí a dá gruaidh ar dearg-laraḋ le náire agus í ag taḃairt aiġthe ar an mbóthar. Do bí sí tar éis ceithre bréaga móra do ḋéanaṁ leis air fagaṫ! Do b'eagal léithi gur peacaḋ uaṫḃárach ar a hanam na bréaga sin. Do bí faithíos uisṫi ag dul an bóthair uaigniġ úd fá ḋoirchadar na hoiḋche agus an t-ualach mór sin ar a chroiḋe.

Do bí an oiḋche an-duḃ. Do bí gealaḋ beag ar thaoiḃ a láiṁe deise. Lochán an Turlaiġ Ḃig do bí ann. D'éirigh éan éigin, crotach nó naosgach, de ḃruach an locha ag leigean sgreid ḃróinaiġ ar. Do bainead geit ar Nóra nuair do chuala sí glór an éin choṁ hobann sin agus riaḃrán a sgiatháin. Do lean uisṫi agus a croiḋe ag bualaḋ i n-aġaiḋ a hucha. D'fág sí an Turlach Beag ina diaiḋ agus thug aġaiḋ ar an mbóthar fada díreach théigear go cros-ḃóthar Chill Ḃriocáin. Is ar éigin d'aithniġ sí cuma na dtiġthe ar an árdán nuair do ṡroich sí an cros-ḃóthar. Do bí solus i dteach Ṗeadair Uí Neachtain, agus do chuala sí glórtha ó thaoiḃ Ṡnáṁ Ḃó. Do lean uisṫi ag tarraing ar an Turlach. Nuair do ṡroich sí Cnocán na Móna tháinig gealach amach, agus do chonnaic sí uaithi mothar na gcnoc. Tháinig sgamall mór trearna aiġthe na gealaiġe agus do connacthar di gur ḋuiḃe fá ḋó do bí an oiḋche anois. Do ġaḃ imeagla í, óir do chuiṁniġ sí nach raiḃ Cnoc an Leachta i ḃfad uaithi, agus go mbeaḋ an roilig ar thaoiḃ a láiṁe deise annsin. Is minic do chuala sí gur droch-áit é sin i lár oiḋche. Do ġéaruiġ sí ar a himtheacht; do thorruiġ ag siúl. Do connacthar di go raḃthar ar a tóir; go raiḃ bean chor-nochtuiġthe ag fatailt beag nach le n-a fálaiḃ; go raiḃ fear caol duḃ ag

gluaiseacht le n-a taobh; go raibh páirte agus léine bán air ag imtheacht an bóthar roimpi. D'orgail sí a béal le sgread do leigean airti, acht ní tháinig aon glór uaithi. Do bhí fuar-allus léithi. Do bhí a cosa ag lúbadh fúithi. Is beag nár thuit sí ina cnap ar an mbóthar. Do bhí sí ag Cnoc an Leachta fá'n am sin. Do connacthar di go raibh Cill Eoin lán de thaidhbhrigh. Do chuimhnigh sí ar an bhfocal adubairt an sagart: "Fainic an mbéarfaidh na taidhbhrí orat." Do bhíthear chuici! Do chuala sí, dar léithi, plub plab cos nochtuighte ar an mbóthar. D'ionntuigh sí ar thaobh a láimhe clí agus do chaith léim thar claidhe. Is beag nach ndeachaidh sí dá bháthadh i dtóin-ar-bhogadh do bhí idir í féin agus an choill i gan fhios di. Do chas sí a cos ag iarraidh í féin do fhábháil, agus do mhothuigh sí pian. Ar aghaidh léithi go fuaidreach. Do bhí sí ar thalthaibh Eileabhrach annsin. Do chonnaic sí lóchrann an loca thí'n gcraobhaigh. Do bhain préamh crainn tuirle airti, agus do leagadh í. Do chaill sí a meabhair.

. . . . . .

Tar éis tamaill an-fhada do ramhluigeadh di gur líonadh an áit de chineál leat-fholuis, solus do bhí idir solus spéine agus solus gealaighe. Do chonnaic sí go han-troilléir buin na gcrann agus iad dorcha i n-aghaidh spéire buidhe-uaithne. Ní fhaca sí spéir ar an dat sin riamh roimhe, agus do b'áluinn léithi í. Do chuala sí an choircéim, agus do thuig sí go raibh duine éigin ag teacht chuici aníor ó'n loch. Do bhí a fhios aici ar mhodh éigin go raibh miorbhail ádhbhal-mhór ar tí a tairbeánta di agus go raibh páir uathbhárach éigin le fuiling annsin ag Duine éigin. Níorbh' fhada

di ag fanmain go bfaca sí mac óg ag triall go tuisfeach trí aimhréidh na coille. Do bí a ceann cromtha aige agus cuma mór-bhróin air. D'aithnigh Nóra é. Do b'é Mac Mhuire do bí ann agus do bí a fhior ag Nóra go raibh sé ag triall ina aonar chum a athaire.

Do chaith an mac é féin ar a ghlúnaibh agus do ghabh ag guidhe. Ní chuala Nóra aon focal uaidh, acht do thuig sí ina croidhe cad do bí sé do ráidh. Do bí sé ag á iarraidh ar a Athair Sioraidhe duine do chur chuige do fhearfadh le n-a thaoibh i láthair a náimhdeadh agus d'iomchróchadh leath a ualaigh. Bhadh mian le Nóra éirghe agus dul chuige, acht níor fhéadh sí corruighe ar an áit ina raibh sí.

Do chuala sí gleo, agus do líonadh an áit de luchtaibhm. Do chonnaic sí aighthe dorcha diabhlaidhe agus lí lann agus arm fhaobhair. Rugadh go náimhdeach ar an mac mánla agus do shracadh a chuid éadaigh de agus do ghabhadh de sgiúirsíbh ann go raibh a cholainn ina coraibh cró agus ina bhiothghoin ó mhalainn go bonn thoighe. Do cuireadh corróin shíonta ar a mhullach mhodhamhail annsin agus do leagadh croch ar a ghuailnibh agus d'imthigh roimhe go thoighmhall thuaghánta bealach bhónach a thurair chum Calbhaí. Do bhris an slabhra do bí ag ceangal teangan agus ball Nóra go dtí sin agus do sgread sí or árdh.

"Leig dom dul leat, a Íora, agus an chroch d'iomchur duit!" ar sise.

. . . . . .

Do mhothuigh sí láimh ar a gualainn. D'fhéach sí suas. Do chonnaic sí éadan a hathair.

"Céard tá ar mo ċailín beag, nó 'tuige ar imṫiġ sí uainn?" arsa Guṫ a haṫar.

Do ṫóg sé ina ḃaclainn í agus ṫug aḃáile í. Do luiġ sí ar a leabaiḋ go ceann míosa ina ḋiaiḋ sin. Do ḃí sí ar a meaḃair leaṫ an ama sin, agus do ṡíl sí ar uairiḃ go raiḃ sí ag siuḃal na mbóṫar ina caḋan aonraic, agus ag iarraiḋ eolais an ḃealaiġ ar ḋaoiniḃ, agus do ṡíl sí ar uairiḃ eile go raiḃ sí ina luiġe fá'n gcrann irtiġ i nEileaḃrać agus go raiḃ sí ag féaċaint arís ar ṗáir an ṁic ṁánla agus í ag iarraiḋ teaċt do ċongnaṁ air aċt gan é ar a cumar. D'imṫiġ na mearḃaill sin ar a haigne i ndiaiḋ a ċéile agus do ṫuig sí sa deireaḋ go raiḃ sí sa mbaile arís. Agus nuair d'aiṫniġ sí éadan a máṫar do líonaḋ a croiḋe de ṡólás, agus d'iarr sí uisṫi an naoiḋeanán do ċur isteaċ san leabaiḋ ċuici, agus nuair do cuireaḋ isteaċ sa leabaiḋ é do ṗóg sí go dtí é.

"A ṁaimín," ar sise, "ṡíl mé naċ ḃfeicfinn tusa ná m'aṫair ná Cuimín ná an páirte arís go bráṫ. An raiḃ siḃ annso ar feaḋ na haimsire?"

"Ḃí, a uain ġil," adeir a máṫair.

"Fanfaiḋ mé san áit a ḃfuil siḃ-se," ar sise. "A ṁaimín ċroiḋe, ḃí na bóitse an-doraċa . . . Agus ní ḃuailfiḋ mé go deo arís tú," ar sise leis an leanḃ agus í ag taḃairt póiġín eile ḋó.

Do ċuir an leanḃ a lám timċeall a muineáil agus do sinne sí lúb di féin ar an leabaiḋ ar a lán-trártaċt.

bríġid na nampán

Bríġid na nAṁrán

Do b'í Bríġid na nAṁrán an t-aṁránaiḋe ba ṁó clú dá raiḃ i Ros na gCaorać ní aṁáin le mo linn-se ać le linn m'ać́ar. Aḋeirtí go meallfaḋ sí an ċéirseaċ de'n ċraoiḃ le binnear an ċeoil do ġeall Dia ḋi, agus do ċreidfinn féin go meallfaḋ, mar ir minic a ṁeall sí mise agus malraiġ naċ mé ó n-ar ndinnéar nó ó n-ar ruiséar. Do ḃeinn im' ḟear ḟaiḋḃir indiu dá mbeaḋ sgilling agam i n-aġaiḋ gaċ uaire do ḟearar taoḃ amuiġ dá dorar, ar mo ḃealaċ a ḃaile ó'n sgoil dom, ag éirteaċt le n-a cuid aṁrán agus adubairt m'ać́air liom gur mion minic do rinne sé féin an clear céadna nuair do bí seisean ina stócaċ ag imṫeaċt ar sgoil. Do bí sé mar ḃéal-oideas i measg na ndaoine gurab ó'n Reaċtaḃraċ féin d'ḟoġluim Bríġid "Conntae Ṁuiġeo"; agus naċ le "Conntae Ṁuiġeo" do ḃain sí na deora móra ar súilib Ṡeaġáin Ṁic Éil tráṫ a raiḃ sé ar cuairt annso, i ḃfoċair ar nGarpuiġ féin, bliaḋain go díreaċ sul do rugaḋ mise?

Níḋ naċ iongnaḋ, nuair do ċualamar go raiḃ Feir le ḃeiṫ i Muiġ Ċaorṫainn, do ḟocruiġeamar go léir i n-ar n-intinn gurab ag Bríġid do ḃeaḋ an duair ar an aṁránaiḋeaċt, dá ngeoḃaḋ sí ann. Ní raiḃ aon duine eile, d'aṁránaiḋe fir ná d'aṁránaiḋe mná, leaċ ċoṁ maiṫ léiṫi inr na seaċt bparáirtíḃ. Níorḃ' ḟéidir go mbuailfiḋe í, dá mbeaḋ ceart le

fagáil. Do ċuirfeaḋ sí iongnaḋ ar ṁuinntir Ṁuiġe Caorṫainn agus ar na daoiniḃ uaisle do ḃeaḋ ann ar Ġaillimḣ agus ar Tuaim. Do ṫuillfeaḋ sí clú agus cáil do Ros na gCaorać. Do ḃéarfaḋ sí an duais go séiḋ agus do cuirfiḋe go Baile Áṫa Cliaṫ í le aṁrán do ġaḃáil ag an Oifeaċtas. Do ḃí sórt leisge ar Ḃrígid ar dtús. Do ḃí sí só-ḟean adubairt sí. Ní raiḃ a ġuṫ ċoṁ maiṫ is do ḃíoḋ. Ní raiḃ a hanál aici. Do ḃí cuid de na haṁránaiḃ ag imṫeaċt ar a cuiṁne. Níor ṫeartuiġ duais uaiṫi. Nać raiḃ a ḟior ag fearaiḃ fáil gurḃ' í an t-aṁránaiḋe do b'ḟearr i nIar-Ċonnaċtaiḃ í? Nár ṁol an Reaċtaḃrać í; nać ndearna Colm a Ḃailís aṁrán ina honóir, nár ḃain sí deora ar súilib Ṡeaġáin Ṁic Éil? Adubairt Ḃrígid an méid sin agus a ḟeaċt n-oiriḋ eile; aċt ba léir san am ċéadna go raiḃ fonn uirṫi dul ċum na Feire agus do ḃí a ḟior againn uile go ngeoḃaḋ. Le sgéal gairid do ḋéanaṁ ḋe, do ḃíomar léiṫi nó gur ḃaineamar geallaḋ airṫi go raċaḋ sí ann.

Do ċuaiḋ. Is maiṫ is cuiṁin liom lá na Feire. Do ḃí an raoġal fóḋlać ann, do ċearfá. Do ḃí an teać ag cur ṫar maoil le daoiniḃ boċta is le daoiniḃ raiḋḃre, le daoiniḃ uaisle is le daoiniḃ ísle, le hóġánaċaiḃ luaṫa láidre is le seanóirís críonna caiṫte. Do ḃí ragairt is bráiṫre ann ó ġać ceard. Do ḃí doċtúirí is dliġeadóirí ann ó Ṫuaim is ó Ġaillimḣ is ó Uaċtar Árd. Do ḃí luċt páirṫéar nuaiḋeaċta ann ó Ḃaile Áṫa Cliaṫ. Do ḃí mac tiġearna ann ó Ṡarana. Do ċuaiḋ a lán daoine ruar ag ráḋ aṁrán. Do ċuaiḋ Ḃrígid ruar. Do ḃíomar-ne ar ċúl an tiġe ag éirteaċt léiṫi. Do

ṫorṅuiġ ṡí uiṗṫi. Do bí beaġán cúṫaileaċta uiṗṫi ar dtúr, agur bí an ġuṫ ṗó-ḟreal aici. Aċt ṫáinig ṡí ċuici ḟéin i leabaiḋ a ċéile, de ṗéir mar do bí ṡí ag bogaḋ amaċ ran aṁrán, agur bain ṡí deora ar ṡúilib an ċoṁluadair leis an ġceaṫraṁain deiriḋ. Do ċuireadar go léir na gárṫa arta nuair do bí cṗíoċnuiġṫe aici agur í ag teaċt anuas. Do ċuireamar-ne liúġ arainn do ṡílḟeá do ṗléasġraḋ díon an tiġe. Do ċuaiḋ giṗṗreaċ óg ṡuas. Do bí an ġuṫ i bṗad ní b'ḟeaṗṗ aici ioná mar do bí ag Bríġid, aċt, dar linne, ní raiḃ an t-uaiġneas ná an binneas céadna inṡ an aṁrán ir do bí i n-aṁrán Bríġde. Ṫáinig ṡí anuas. Do ċuir na daoine na gárṫa arta arís, aċt ní ṫug mé ṡá dearra go raiḃ éinne ag ġol. D'éiriġ duine de na breiṫeaṁnaiḃ ina ḟeaṗaṁ. Do ṁol ṡé Bríġid go mór. Do ṁol ṡé an ġiṗṗreaċ óg go mór ḟreirin. Do bí ṡé an-ḟadálaċ.

"Cia aca a ġnóṫuiġ an duair?" arṗa duine againne ṡa deireaḋ, nuair do bí ar ġcuid ḟoiġde caiṫte.

"Ó, an duair!" ar ṡeirean. "'Seaḋ, i dtaoiḃ na duaire: támuid 'gá taḃairṫ do Nóra Ní Ċaraide (an cailín óg), aċt támuid ag molaḋ duair ṡpeirialta a ṫaḃairṫ do Bríġid Ní Ṁainín (.i. Bríġid ṡ'againne). Cuirṗear Nóra Ní Ċaraide go Baile Áṫa Cliaṫ le aṁrán a ṗáḋ ag an Oireaċtas."

Do ċuir muinntir Ṁuiġe Caorṫainn liúġ arta, mar b'ar Muiġ Ċaorṫainn Nóra Ní Ċaraide. Ní duḃramar-ne ṡaic. Do ḃreaṫnuiġear anonn ar Bríġid. Do bí a ḥéadan bán-liaṫ, agur í ar ṗriṫ ina ballaiḃ.

"Céard duḃairṫ tú, a ḋuine uasail, leo' ṫoil?" ar ṡiṗe de ġlór airteaċ. "An agam-ṡa atá an duair?"

"Tá muid ag molaḋ duair fheirialta a ṫaḃairt duit, a ḃean ċóir, mar ċruṫuiġ tú go díġ ṁaiṫ, ċruṫuiġ fin, aċt is do Ṁóra Ní Ċaraide atá duair na Feire molta."

Níor labair Bríġid focal, aċt is amlaiḋ d'éirig sí ina fearaṁ agus, gan breaṫnuġaḋ ṫairsti do ṫaoiḃ na láiṁe deise ná do ṫaoiḃ na láiṁe clí, ṫug an dorar amaċ uisṫi féin. Do ḃuail sí an bóṫar go Ror na gCaorać, agus do ḃí sí roṁainn nuair do ḟroiċeamar an baile go deireannaċ fan oiḋċe.

. . . . . .

Do ḃí an tOireaċtas le ḃeiṫ i mBaile Áṫa Cliaṫ an treaċtṁain dár gcionn. Ba ḃrónaċ an dream sinn ar ċuiṁniuġaḋ dúinn naċ mbeaḋ Bríġid na nAṁrán ann. Do ḃíomar lán-ċinnte naċ ḃfuair sí coṫrom na Féinne i Muiġ Ċaorṫainn, agus do ċeapamar dá ngeoḃaḋ sí go Baile Áṫa Cliaṫ go ḃfuiġeaḋ sí sáraṁ agus cúiteaṁ. Aċt fairíor, ní raiḃ aon airgead againn le n-a cur ann, agus dá mbeaḋ féin do ḃí a ḟior againn naċ nglacfaḋ sí uainn é. Do ḃíomar ag cur na ceirte trí ċéile tráṫnóna aṁáin ag binn tiġe an Ḃádóra, nuair do b'ro ċugainn Máirtín beag Ó Conġaile ar lán-ṁiṫ agus adubairt linn go raiḃ Bríġid na nAṁrán imṫiġṫe, an glas ar a dorar, agus gan tárg ná tuairisg uisṫi le faġáil.

Ní raiḃ a ḟior againn céard d'éirig ḋi go ceann coiṫiġire ina ḋiaiḋ sin. So mar ṫárla. Nuair do ċuala sí go raiḃ an tOireaċtas le ḃeiṫ i mBaile Áṫa Cliaṫ ar a leiṫéid so de lá, adubairt sí léiṫi féin go mbeaḋ sí ann dá mairfeaḋ sí. Níor leig sí

tada uirṫi, acht d'imṫiġ léiṫi de ḟiubal oiḋḋe, ag coirṫeacht. Ní raiḃ acht cúpla ṡgilling aici ina póca. Ní raiḃ a ḟior aici cá raiḃ Baile Áṫa Cliaṫ ná cáide uaiṫi é. Do lean sí uirṫi, is cormhail, ag iarraiḋ eolais an bóṫair ar na daoiniḃ do caraḋ di, ag coirṫeacht i gcomhnaiḋe, nó gur ḟág sí ina diaiḋ Coir Loca, agus an Spidéal, agus Gaillimh, agus an tOrán Mór, agus Baile Áṫa an Ríoġ, agus Cill Ċonaill, agus Béal Áṫa na Sluaiġeaḋ, agus Béal Áṫa Luain, agus an Muileann Cearr, agus Maġ Nuaḋad, nó sa deireaḋ go bfaca sí uaiṫi tiġṫe Baile Áṫa Cliaṫ. Is cormhail go raiḃ a cuid airgid caiṫte i bfad roimhe sin, agus ní béiḋ a ḟior ag deoraiḋe go deo cia an ċaoi ar mhair an créatúir ar an airtear fada fior-uaigneach sin. Acht tráṫnóna amháin nuair do bí an t-Oireachtas ar lán-triubal san halla mór i mBaile Áṫa Cliaṫ, do connacaḋ bean tuaiṫe ag teacht isteach an doras, a cosa geasṡta gortuiġṫe ag cloċaiḃ cruaḋa an bealaiġ, a cuid éadaiġ bheacuiġṫe le deannach is le smúr an bóṫair, agus í tugṫa traoċta sáruiġṫe.

Do ḟuiḋ sí súiṫi. Do bí daoine ag amhránaiḋeacht ar an sean-nós. Do glaoḋaḋ ar Bríġid Ní Mhaoilín ó Ros na gCaorach (mar do bí a hainm curṫa isteach againne ar ḟúil go bféadfaimís a cur ann). D'éiriġ an sean-bean, do ċuaiḋ suas agus do ṫosnuiġ ar "Ċonntae Mhuigeo."

Nuair do ċríoċnuiġ sí, do bí an teach i n-aon sí-shá amháin le gáirṫaiḃ, do bí sé ċoṁ bheag sin. Adubhraḋ léiṫi ceann eile do ráḋ. Do ṫosnuiġ sí ar "Sail Óg Ruaḋ." Ní raiḃ acht an ċéad line de'n dara ceathramhain sáiḋte aici nuair ṫáinig meaḃán éigin

ina ceann. Do ṡtad sí agus do ṫosnuiġ uisṫi arís. Ṫáinig an meaḃán uisṫi arís, ṫáinig cnoċnuġaḋ uisṫi, agus do ṫuit sí i lagar ar an ardán. Tugaḋ amaċ ar an halla í. Ṫáinig doċtúir ag breaṫnuġaḋ uisṫi.

"Tá sí so ag faġáil ḃáis de'n ocras agus de'n ċruaḋtain," ar seisean.

Le n-a linn sin go díreaċ do cluineaḋ gártha mórа isteiġ sa halla. Ṫáinig duine de na breiṫeaṁnaiḃ amaċ go deifreaċ.

"Tá an ċéad duais gnóṫuiġṫe agat!" ar seisean. "Rinne tú go ——." Do ṡtad sé go hobann.

Do ḃí sagart ar a ġlúnaiḃ ag cromaḋ os cionn Ḃríġde. Do ṫóg sé a láṁ agus ṫug sé an abrolóid.

"Tá luaċ saoṫair níos fearr ioná an ċéad duais gnóṫuiġṫe aici," ar seisean.

An Zadaiṫe

An Gadaiḋe

Lá dár ṡgaoileaḋ malraiġ an Ġuirt Ṁóir amaċ ó ṡgoil, tar éis imṫeaċta roir do ṁuinntir Ġlinne Ċaṫa agus do ṁuinntir Ḋoire an Ḃainḃ, d'ḟan muinntir an Turlaiġ agus muinntir Inḃir le ṡgaṫaṁ cainnte do ḃeiṫ aca roiṁ ṡgarad ḋóiḃ ag bóṫar Ror na gCaorać. Tá teaċ an ṁáiġistir go díreaċ ag ceann an ḃóṫair, a ċúl leis an gcnoc agus a aġaiḋ ar Loċ Eileaḃraċ.

"Ċuala mé go raiḃ beaċa an ṁáiġistir ag éirġe," adeir Micilín Ḃeaistle Éanna.

"Teanna uait isteaċ sa ngarrḋa go mbreaṫnuiġeaḋ muid orṫa," adeir Darać Ḃairbre an Droiċid.

"Ní leigfeaḋ an faitċíos ḋom," arsa Micilín.

"Cia an faitċíos atá ort?" adeir Darać.

"Ar nóó', béiḋ an máiġistir agus an ṁáiġistreár anois ar ball."

"Cia ḟanfas le focal an ḟaire a ṫaḃairt dúinn nuair ḃéas an máiġistir ag tiġeaċt?" arsa Darać.

"Fanfaiḋ mise," adeir Antoine beag Ó Mainín.

"Déanfaiḋ sin," arsa Darać, "leig fead nuair ḟeicfeas tú ag fágáil na sgoile é."

Isteaċ ṫar sgonnsa leis. Isteaċ ṫar sgonnsa leis an gcuid eile ina ḋiaiḋ.

"Fainic an gcuisfiḋe gaṫ i nduine agaiḃ," adeir Antoine.

"Beag an baoġal," arsa Darać. Agus ar go bráṫ leo.

Do ḟuiḋ Antoine ar an ṡgonnṡa agus a ċúl le bóṫar. D'ḟéadṡaḋ ṡé an máiġiṡtir d'ḟeicṡin ṫar a ġualainn deis dá ḃṡáġṡaḋ ṡé teaċ na ṡgoile. Ba ḋeas an gáirdín do ḃí ag an máiġiṡtir, das le hAntoine. Do ḃí crainn ṡóṡ agus crainn ṡṡionán agus crainn uball aige. Do ḃí cloċa beaga geala aige ṫart leis an gcarán. Do ḃí cloċa móṡa geala ina gcarnán dearg aige agus caonaċ agus duḃ-ċoraċ agus raiṫneaċ ag ṡár eatorṫa. Do ḃí . . .

Do ċonnaic Antoine iongnaḋ ba ṁó ioná aon iongnaḋ dá raiḃ ag an máiġiṡtir san ngáirdín. Do ċonnaic ṡé teaċín beag áluinn ṡá ṡgáṫ crainn de na crannaiḃ ṡóṡ; é déanta d'aḋmad; gloine ḋá ṡtóṡ ann; dat bán ar an ṡtóṡ íoċtair agus dat dearg ar an ṡtóṡ uaċtair; dorsa beag glas air; trí fuinneoga gloine air, ceann ó íoċtar agus ḋá ċeann ó uaċtar; trosgán tiġe ann, iodh buird, caṫaoireaċa, leapċa, gréiṫre, agus eile; agus, arsa Antoine leis féin, féaḋ bean uasal an tiġe ina suiḋe sa dorsa!

Ní ḟaca Antoine teaċ báboiġe riaṁ roiṁe sin, agus do b'iongnaḋ leis a ġleoiḋteaċt agus a ḋeise mar áilleán. Do ṫuig ṡé gur le cailín beag an ṁáiġiṡtir é, le Neansi big. Dá mbeaḋ a leiṫéid ag a ḋeisḃṡiúiṡín beag féin, ag Eiḃlín, an ṡréatúir, do ḃí sínte ar a leabaiḋ le sáiṫe ṁóir agus í lag tinn! Dá mbeaḋ an báboiġín féin aici! Do ċuir Antoine sainnt a ċroiḋe sa mbáboiġ sin d'Eiḃlín. D'ḟéaċ ṡé ṫar a ġualainn deis. Ní raiḃ an máiġiṡtir ná an ṁáiġiṡtreás le feicsin. D'ḟéaċ ṡé ṫar a ġualainn ċlé. Do ḃí na garúir eile ar aṁarc. Ní ḋearna ṡé an dara smaoineaḋ. Ṫug ṡé a ḟean-léim de'n ṡgonnṡa, sus ar an mbáboiġ, do ḟáiṫ isteaċ sá n-a

ċaróig í, d'imṫiġ leis ṫar claiḋe amaċ arís, agus do ġread leis a ḃaile.

"Tá bronntanas agam duit," ar seisean le hEiblín nuair ṗáinig sé an teaċ. "Féaċ!" leis sin do ṫairbeán sé an ḃábóg di.

Ṫáinig daṫ i leacain ċaiṫte an ċailín ḃig do ḃí tinn, agus ṫáinig solus ina súilib.

"Óra, a Antoine, a ġráḋ, cá ḃfuair tú í?" ar sise.

"Neans ḃeag an ṁáiġistir a ċuir ċugat mar bronntanas í," arsa Antoine.

Ṫáinig a ṁáṫair isteaċ.

"A Ṁaimín, a ċuid," arsa Eiblín, "féaċ an bronntanas a ċuir Neans ḃeag an ṁáiġistir ċugam!"

"An dá ṗíseiḃ?" ars an ṁáṫair.

"'Seaḋ," arsa Eiblín. "Antoine a ṫug isteaċ ċugam anois í."

D'ḟéaċ Antoine síos ar a ċosaiḃ agus do ġaḃ as coṁaireaṁ na méar do ḃí orṫa.

"A ṁaisín héin," adeir an ṁáṫair, "naċ í ḃí go maiṫ duit! Muise, mo ġoirm tú, a Neans! Raċaiḋ mé i mbannaiḃ go gcuirfiḋ an bronntanas sin biseaċ mór ar mo ċailín beag."

Agus ṫáinig deora i súilib na máṫar de ḃarr an ḃuiḋeaċais do ḃí aici de Neans ḃig mar ġeall ar gur ċuiṁnig sí ar an leanḃ do ḃí tinn. Cé nár ḟéad sé féaċain idir na súile ar a ṁáṫair ná ar Eiblín le teann náire, do ḃí áṫas ar Antoine go ndearna sé an ġoid.

Do ḃí eagla air a ḟaidreaċa do ṗáid an oiḋċe sin, agus do luiġ sé ar a leabaiḋ gan paidir. Ní ḟéadfaḋ sé gníoṁ croiḋe-ḃrúiġte do ḋéanaṁ mar ní go fírinneaċ d'ḟéadfaḋ sé a ṗáid le Dia go raiḃ

bṗón air ḟá'n bpeacaḋ ṡin. Is minic do ṡgannṗuiġ ṡé ṡan oiḋċe ar n-a ḟaṁluġaḋ ḋó go raiḃ Neanṡ beag ag teaċt ag iarraiḋ na bábóige ar Eiḃlín, go raiḃ an máiġisteir ag cur na gadaiḋeaċta ina leiṫ or coṁair na ṡgoile, go raiḃ urċur iongantaċ beaċ ag éirġe ina ċoinne agus Darać Ḃairbre an Droiċid agus na garúir eile dá ngríoraḋ le gárṫaiḃ béil agus le ceol drumaí. Aċt ar maidin lá ar n-a ḃárać adubairt ṡé leis féin: "Is cuma liom. Cuirfiḋ an bábóg bireaċ ar Eiḃlín."

Nuair do ċuaiḋ ṡé ċum ṡgoile d'ḟiafruiġ na garúir ḋe cad ċuige ar imṫiġ ṡé a gan ḟios an tráṫnóna roiṁe sin agus é tar éis a ġeallaṁna ḋóiḃ go ndéanfaḋ ṡé faire.

"Mo ṁáṫair a ċuis fios orm," arsa Antoine. "Bí gnaiṫe aici ḋíom."

Nuair ṫáinig Neanṡ beag isteaċ sa ṡgoil d'ḟéaċ Antoine uisṫi ór ireal. Do ḟíl ṡé uisṫi go raiḃ sí tar éis beiṫ ag gol; do ċeap ṡé go bfaca ṡé rian na ndeor ar a plucaiḃ. An ċéad uair do ġlaoiḋ an máiġisteir ina ainm air do ġeit ṡé, óir do ḟíl ṡé go raiḃ ṡé ar tí an ċoir do ċur ina leiṫ nó ceist do ċur air i dtaoiḃ na bábóige. Níor ċuir ṡé isteaċ lá ċoṁ dona leis an lá sin riaṁ ar ṡgoil. Aċt nuair do ċuaiḋ ṡé a ḃaile agus nuair do ċonnaic ṡé bireaċ maiṫ ar Eiḃlín, agus í ina suiḋe aniar sa leabaiḋ de'n ċéad uair le mí agus an bábóg fáisgṫe le n-a hucṫ aici, ar seisean leis féin: "Is cuma liom. Tá an bábóg ag cur biriġ ṁóir ar Eiḃlín."

Ar a leabaiḋ ḋó san oiḋċe do bí droc-ḃrionglóidí aige arís. Do ċeap ṡé go raiḃ an máiġisteir tar éis a innste do na píleapsir gur ġoid ṡé an bábóg, agus

go raiḃ na píleapp ar a ṫí; do ḟíl sé uair amáin go raiḃ píleap i ḃfolaċ fá'n leabaiḋ agus go raiḃ ceann eile ar n-a ċromaḋ fá sgáṫ braiṫ na fuinneoige. Do sgrieaḋ sé ór ápo trí n-a ċodlaḋ.

"Céapo tá ort?" adeir a aṫair leis.

"An píleap atá ar ṫí mo ġaḃṫa," arsa Antoine.

"Níl tú aċt ag raḃailleaċt, a ġarúir," arsa a aṫair leis. "Níl aon ṗíleap ann. Téirig a ċodlaḋ duit féin."

Ba ḋona an raoġal ag an duine boċt é ar sin amaċ. Do ṗíleaḋ sé go mbíṫí ag ríneaḋ méir ċuige agus é ag riuḃal an ḃóṫair. Do ṗíleaḋ sé go mbíṫí ag crataḋ an ċinn agus ag ráḋ le n-a ċéile, "Sin Gadaiḋe," nó, "Ar ċuala tú céapo a rinne Antoine Ṗáraic Uí Ṁainín? A ḃábóg a ġoid ó Neanr ḃig an ṁáġistir. Anoir céapo deir tú?" Aċt níor ḟulaing sé rian i gceart go ndeaċaiḋ sé ċum Airfinn Dia Doṁnaiġ agus gur ṫornuig an tAṫair Rónán ag taḃairt seanmóire uaiḋ ar an Seaċtṁaḋ Aiṫint: "Ná déan goid; agus má ḋéanann tú goid, ní maiṫfear duit go dtugaiḋ tú cúitiuġaḋ." Do ḃí Antoine lán-ċinnte go raiḃ sé i bpeacaḋ marḃṫa. Do ḃí a ḟior aige go mbaḋ ċeart dó dul ċum faoistin agus an peacaḋ d'innsint do'n tsagart. Aċt ní ḟéadfaḋ sé dul ċum faoistin, mar do ḃí a ḟior aige go n-abróċaḋ an sagart leis go gcaiṫfeaḋ sé an ḃábóg do ṫaḃairt ar air. Agus ní ṫiuḃraḋ sé an ḃábóg ar air. Do ċruaḋaiġ sé a ċroiḋe agus adubairt naċ dtiuḃraḋ sé an ḃábóg ar air go deo, mar go raiḃ an ḃábóg ag cur biriġ ar Eiḃlín ó ló go ló.

Tráṫnóna aṁáin do ḃí sé ina ḟuiḋe coir na leapṫan i réir ċoṁráiḋ le hEiḃlín nuair do ṗiṫ a ṁáṫair isteaċ go deifeaċ agus ar sise—

"So aníor an bóiṫrín an ṁáiġirtreár agur Neanr beag!"

Baḋ ṁaiṫ le hAntoine go n-orglóċaḋ an talaṁ agur go rluigfeaḋ rí é. Do bí a éadan dearg ruar go dtí an dá ċluair. Do bí allur leir. Níor ḟéad ré focal do ṗáḋ ná ṁaoineaḋ do ċeapaḋ. Aċt do bí na focla ro ag ṗiṫ trí n-a ċeann: "Bainfiḋ riad an bábóg d'Eiblín." Baḋ ċuma leir céard déanfaiḋe nó céard déanfaiḋe leir féin. Ní beaḋ d'ḟreagra aige aċt: "Tá an bábóg ag cur biriġ ar Eiblín."

Ṫáinig an ṁáiġirtreár agur Neanr beag irteaċ san seomra. D'éiriġ Antoine. Níor ḟéad ré ḟéaċaint san éadan orṫa. Do ṫornuiġ ré ar a ḟean-treirt, ag coṁaireaṁ méar a ċor. Cúig cinn ar gaċ coir; ceiṫre méar agur ordóg; nó trí méar, ordóg, agur laḋraicín; rin cúig cinn; a cúig fá ḋó, a deiċ; deiċ gcinn ar fad. Níor ḟéad ré a lion do ṁéadugaḋ ná do laġeadugaḋ. Do bí a ṁáṫair ag cainnt, do bí an ṁáiġirtreár ag cainnt, aċt ní raiḃ aon áird ag Antoine orṫa. Do bí ré ag fanṁaint nó go n-abróċaiḋe rud éigin i dtaoiḃ na bábóige. Ní raiḃ le déanaṁ aige go dtí rin aċt a ṁéaraċa do ċoṁaireaṁ. A haon, a dó, a trí . . .

Céard é rin? Do bí Eiblín ag tagairt do'n bábóig. D'éirt Antoine anoir.

"Ní ḟaca mise riam ṫú go dtí le goirid."

"Bíonn na daoine fárta dall."

"Agus ina ḋiaiḋ sin geallaḋ ḋom ṫú ḟeiceál, a Ísagáin?"

"Ṫug m'Aṫair cead dom mé féin a ḟoillsiugaḋ duit de bríġ gur ṫug tú grád dá ṗáirtíḃ beaga."

Cluineaḋ glórṫa na ndaoine ag filleaḋ ó'n Aifreann.

"Caiṫfiḋ mé imṫeaċt anois uait."

"Leig dom imeall do ċóta a ṗógaḋ, a Ísagáin."

"Déan."

"An bfeicfiḋ mé arís tú?"

"Feicfir."

"Cia an uair?"

"Anoċt."

Leis an bfocal sin bí sé imṫiġṫe.

"Feicfiḋ mé anoċt é!" arsa sean-Ṁaitias agus é ag dul isteaċ sa teaċ.

. . . . . .

Ṫáinig an oiḋċe fliuċ stoirmeaṁail. Cluineaḋ na tonntraċa mórа ag bristeaḋ le fuamán i n-aġaiḋ an ċladaiġ. Bí na crainn ṫart timċeall ar ṫeaċ an ṗobail ag luasgaḋ is ag lúbaḋ le neart na gaoiṫe. (Tá an réiréal ar árdán atá ag tuitim le fánaiḋ síos go fairsge). Bí an tAṫair Seaġán ar tí a

leabhar a dúnadh agus a phaidrín a ráidh nuair a chuala sé an tornann mar a bead duine ag bualadh an dorais. D'éirt sé ar feadh sgathaimh. Chuala sé an tornann arís. D'éirigh sé ó'n teinidh, chuaidh go dtí an dorar, agus d'osgail é. Bhí garúr beag fir ina seasamh ar lic an dorais—garúr nár chuimhneach leis an sagart a feiceál riamh roimhe. Bhí cóta bán air agus é gan bróga gan caipín. Facthar do'n tragart go raibh gaeithe soluis ag lonnradh ó n-a ghnúis agus timcheall a mhullaigh. An ghealach a bhí ag taithneamh ar a chaomh-cheann donn, b'fhéidir.

"Cia thá annso agam?" arsi' an tAthair Seagán.

"Cuir ort chomh tapaidh 's is féidir leat é, a Athair, is buail sois go dtí teach Sean-Mhaitiais. Tá sé i mbéalaibh báis."

Níor thearthuigh an dara focal ó'n sagart.

"Suidh annso go mbíodh mé réidh," ar seisean. Acht nuair a tháinig sé thar air, bhí an teachtaire beag imthighthe.

Buail an tAthair Seagán bóthar, agus níorbh' fada a bain sé ar, cé go raibh an ghaoth ina aghaidh, agus é ag báirtigh go trom. Bhí solus i dteach Sean-Mhaitiais roimhe. Bain sé an lairte de'n dorar is chuaidh isteach.

"Cia hé seo chugam?" arsi' an guth ó leabaidh an tsean-fhir.

"An sagart."

"Bad mhaith liom labairt leat, a Athair. Suidh annso lem' air." Bhí an guth fann agus tháinig na focla go mall uaidh.

Suidh an sagart agus chuala sgéal Sean-Mhaitiais ó thús deireadh. Cia ar bith rún a bhí i gcroidhe an

tréan-duine nóchtaḋ do ḟeirḃíreaċ Dé annsin i láṁ na hoiḋċe é. Nuair a ḃí an ḟaoistean ṫart ġlac fear-Ṁaitias Corp Ċríost agus cuireaḋ an Ola Ḋéiḋeannaċ air.

"Cia duḃairt leat go raiḃ tú ag tearṫáil uaim, a Aṫair?" ar feirean de ġlór lag íseal, nuair a ḃí gaċ níḋ déanta. "Ḃí mé ag guiḋe Dé go dtiocfá, aċt ní raiḃ aon teaċtaire agam le cur fá do ḋéin."

"Aċt ċuir tú teaċtaire ċugam, ar ndóiġ?" adeir an fagart agus iongnaḋ mór air.

"Níor ċuireas."

"Níor ċuirir? Aċt ṫáinig garúirín beag agus ḃuail sé ar mo ḋoras agus duḃairt sé liom go raiḃ mo ċongnaṁ ag tearṫáil uait!"

Ḋíriġ an fear-ḟear aniar sa leabaiḋ. Ḃí faoḃar ina ṡúilib.

"Cia an sórt garúirín a ḃí ann, a Aṫair?"

"Ḃuaċaillín beag caoin a raiḃ cóta bán air."

"Ar ṫug tú fá deara mar ḃeaḋ sgáile soluir ṫart timċeall a ċinn?"

"Ṫugas, agus ċuir sé iongnaḋ mór orm."

D'ḟéaċ fear-Ṁaitias suas, ṫáinig meangaḋ gáire ar a ḃéal, agus ṡín sé amaċ a ḋá láiṁ,—

"Íosagán!" ar feirean.

Leis an ḃfocal sin ṫuit sé siar ar an leabaiḋ. Ḋruid an fagart anonn go focais agus ḋún a ṡúile.

AN SAZART

An Sagart

Ir inra teaċ beag úd d'ḟeicfeá sa ngleann síos uait, agus tú ag dul siar an bóṫar ó'n nGort Mór go hInbear, atá coṁnaiḋe ar mo Ṡagart. É féin ir a ṁáṫair ir a ḋeirbḣiúr beag ir a ḋearbḣráiṫríin beag bíodaċ, rin a bḣuil de ċoṁluadar ann. Caillead an t-aṫair sul a rugaḋ Taimín, an leanb ir óige aca. Níl aon am dá mbím i Ros na gCaorać naċ gcaiṫim tráṫnóna nó dó ina bḣroċair, mar tá an Sagart agus Máirín (an deirbḣiúr beag) agus Taimín ar na cáirdiḃ ir dílre dá bḣuil agam. Bean óigeanta aclaiḋe 'read máṫair an tSagairt; tá sí roinnt taodaċ, b'ḟéidir, aċt má tá féin tá sí ina mnaoi ċoṁ carṫannaċ ir atá beo ina ḋiaiḋ rin. Ir í a d'innir an sgéal do ḋom tráṫnóna dá raḃar ar ċuairt aici. Ḃí sí ag nigeaċán an tSagairt or coṁair na teineaḋ ar ḟeaḋ na haimsire: daḃaċ ṁór uisge leagṫa ar an urlár aici, an Sagart agus a ċuid éadaiġ bainte de, agus í ag sgiúraḋ ir ag cárdáil gaċ orlaċ dá ċorp. Tá aiṁsear orm nár ṫaiṫniġ an obair seo go ró-ṁaiṫ leis an Sagart, mar anois ir airís ċuireaḋ sé béic ar. Le gaċ béic ṫugaḋ a ṁáṫair borós beag dó agus tar 'éise rin ḟógaḋ sí é. Ir deacair do ṁáṫair a láṁ a ċoisgeaḋ ó ḟáirde nuair a ḃíos sé noċtuiġṫe aici; agus baḋ deacra 'ná rin do ṁáṫair ċoṁ sgáḋṁar leis an máṫair seo a béal a ċoisgeaḋ ó ḃéilín beag dearg

ċoṁ milir le béilín Pádraic (Pádraic ainm mo Ṡagairt tá a ḟior agat). Baḋ ceart dam a ráḋ naċ raiḃ an Sagart aċt oċt mbliaḋna fós. Ba dear an t-áilleán é ina ḟearaṁ annrin agus folur na teineaḋ ag ṡgairteaḋ ar a ċolainn ċoṁ-ḋéanta ir ar a ċloigeann catać, agus ag rinnce ina ḟúilib glara gáireata. Nuair a ṡmaoiniġim ar Pádraic, ir mar rin a ḟeicim or mo ċoṁair é, ina ḟearaṁ ar an urlár i lóċrann na teineaḋ.

Aċt i dtaoiḃ an ṡgéil. Tuairim ir bliaḋain roiṁe reo 'reaḋ tuit ré amaċ. Ḃí Nóra (an ṁáṫair) ag obair ar fud an tiġe. Ḃí Máirín ir Taimín ag rúgraḋ dóiḃ féin ar an urlár. "Fromró Framró" a ḃí ar riuḃal aca. Ḃí Máirín a d'iarraiḋ na focla a ṁúineaḋ do Ṫaimín, rud a ḃí ag cluineaḋ uirṫi, ṫar é ní raiḃ aon ċainnt ag Taimín go fóill. Tá a ḟior agat na focla, ir dóiġ?—ir fiú iad ḟoġlaim mar tá fior-ḟiliḋeaċt ionnta:—

"Fromró Framró,
Bean a ḋaiṁreoċaḋ,
A ḋéanfaḋ gneann,
A d'ólfaḋ leann,
A ḃeaḋ i n-am
Annro ar maidin!"

Ṫeartuiġ canna uirge ó Nóra le haġaiḋ tae a ḋéanaṁ. Ḃí ré i n-am ruiréir.

"Cá ḃfuil Pádraic, a Ṁáirín?" ar rire. "Tá ré ar iarraiḋ le leaṫ-uair."

"Ċuaiḋ ré riar ra reomra, a Ṁaimín."

"A Pádraic!" adeir an ṁáṫair ag glaoḋaċ go hárd.

Níor labhruigeadh irtiġ.

"'gCluin tú, a Ṗádraic!"

Níor labhruigeadh.

"Céard tá ar an ngarúr? A Ṗádraic, adeirim!" ar sise ċoṁ hárd is bí ina ceann.

"Béidh mé roiṡ ar ball, a Ṁama," arṡ' an gut ó'n seomra

"Corruiġ leat, a ṁaicín. Tá sé i n-am tae, agus ḋeaṁan deor uisge sa teaċ agam."

Ṫáinig Pádraic aniar ar an seomra.

"Tá tú ar ṡáġáil sa deireadh. Gread leat síos —acht céard é seo? Cé bhfuair tú an léine sin, nó 'tuige a bhfuil sí ort? Céard bí tú a ḋéanaṁ?"

Bí Pádraic ina ṡeasaṁ sa doras ina staic. Bí léine feirtiġte air or cionn a ċóitín big amuiġ. Bhreathnuiġ sé síos air féin. Bí a aġaidh ar dearg-lasadh go cluasaibh.

"Rinne mé dearmad i bhaint díom, a Ṁama," ar seisean.

"'Tuige a bhfuil sí ort ċor ar bith?"

"Spraoidh a bí ar bun agam."

"Bain díot ar an bpuinnte í! An trlat atá uait, tú héin agus do sprraoidh!"

Bain Pádraic an léine de gan focal, agus d'ṡáġ siar sa seomra í.

"Sguab leat síos go dtí an tobar anois agus ṡáġ canna uisge ḋom, mar a ḋéanfaḋ peata." Bí aiṫṁéala ar Nóra ċeana féin gur labair sí ċoṁ garḃ sin leis. Is bean í naċ buan a cuid feisge.

Rug Pádraic ar an gcanna agus larg leis. Ṫáinig Micilín Éanna, buaċaill coṁusṡan, isteaċ ḟaid is bí sé amuiġ.

"Tá sé ag cinnt orm-sa, a Ṁicilín," arsa Nóra tar éis sgaṫaiṁ, "a ḋéanaṁ amaċ céard a ḃíos Pádraic a ḋéanaṁ sa seomra sin ar feaḋ an tráṫnóna. Ní túisge a ḋinnéar caiṫte aige gaċ lá 'ná ġlanas sé leis isteaċ annsin agus bíonn sé ar iarraiḋ go ham suipéis."

"Sgraoiḋ eicínt a ḃíos ar bun aige," arsa Micilín.

"Sin é adeis sé héin. Aċt ní sa teaċ baḋ ceart do ṁalraċ mar é a ḃeiṫ sáiṫte tráṫnóna breaġ, aċt amuiġ sá'n aer, ag siorad leis."

"'Aoiḃneas duine a ṫoil,'" arsa Micilín, ag dearġaḋ a ṗíosa.

"Duine ann héin 'seaḋ Pádraic, ar ċuma ar biṫ," adeis Nóra. "'Sé an mac is contráilte ċonnaic tú riaṁ é. Amannta ní ṫiuḃraḋ triúr aire ḋó, agus amannta eile ní aireoċtá sa teaċ é."

Ṫáinig Pádraic isteaċ faoi seo, agus níos cainntiġeaḋ a ṫuilleaḋ ar an gceist. Níos éaluiġ sé siar an tusar so, aċt ina leabaiḋ sin ṡuiḋ sé faoi ar an urlár, ag imirt "Fromró Framró" le Máirín is le Taimín.

. . . . . .

Ḃí an dinnéar ar an mbord nuair a ṫáinig Pádraic a ḃaile ó'n sgoil tráṫnóna lá ar n-a ḃárać. D'iṫ sé a ċuid leite agus d'ól sé a naiġín bainne go buiḋeaċ beannaċtaċ. Ċoṁ luaṫ is ḃí iṫte agus ólta aige, ċroċ sé leis a ṁáilín leaḃar, agus siar leis sa seomra mar ba ġnáṫaċ.

Níos leig an ṁáṫair uisṫi go raiḃ sí ag cur aon truim ann. Aċt, tar éis cupla nóiméad, d'orgail

ṡí dorar an treomra go ciúin, agus ḟáiṫ barr a ṡróine irteaċ. Ní ṫug Páraic fá dearra í, aċt bí aṁarc aici-ṡi ar gaċ a raiḃ ar siubal ra reomra.

D'airteaċ an t-aṁarc é. Bí Páraic ina ḟearaṁ i n-aice an buird, agus é gléasta san léine arís. Or a ċionn do amuiġ, riar ṫar a ġuailniḃ, bí sé ag feirtiuġaḋ cóta deirg le n-a ṁáṫair, a bíoḋ ar croċaḋ ar an mballa aici. Nuair a bí sé deo cóirigṫe i gceart air, ṫoġ sé amaċ an leaḃar ba ṁó dá raiḃ aige ina ṁáilín—"An Dara Leaḃar" a bí ann, creidim—d'orgail é, agus leaṫ or a ċoṁair ar an mbord é, ina leaṫ-luiġe leis an sgáṫán.

Annsin a ṫoruiġ na goiṫí dá ríriḃ. Ṡeas Páraic ar aġaiḋ an buird amaċ, d'ḟeac a ġlún, ċoirrig é féin, agus ṫoruiġ air ag paidreoireaċt ór ard. Ní go maiṫ bí Nóra i n-ann é ṫuigsint, aċt, de réir mar ċeap sí, bí Laidin agus Gaeḋilg measgṫa trí n-a ċéile aige, agus bí corr-ḟocal aige nár ċorṁail le Laidin ná le Gaeḋilg. Doḃta aṁáin b'ḟaċtar di go gcuala sí na focla "Promró, Praimró," aċt ní raiḃ sí cinnte. Dá ṁéid iongnaḋ dá raiḃ ar Nóra fá'n obair seo, ba feaċt mó an t-iongnaḋ a bí uirṫi nuair a ċonnaic sí Páraic ag uṁluġaḋ, ag bualaḋ a uċta, ag pógaḋ an buird, ag leigint air go raiḃ sé ag léiġeaḋ urnaiġṫe Laidne ar "An Dara Leaḃar," agus ag imirt gaċ cleas a b'airtiġe 'ná a ċéile. Níor ṫuig sí i gceart céard a bí ar bun aige gur ionntuiġ sé ṫart agus aduḃairt :—

"*Dominus Vobiscum !*"

"'Sáḃálaiḋ Dia rinn !" ar sise léiṫi féin nuair a ċonnaic sí é seo. "Tá sé ag cur i gcéill go bfuil sé ina ḟagart agus é ag léiġeaḋ Airfinn ! Sin i

culaiḋ an Aifrinn atá air, agus 'sé an leabar beag Gaeḋilge leabar an Aifrinn!"

Ní áiḋḃéil a ráḋ go raiḃ Nóra sgannruiġte. Ṫáinig sí ar air do'n ċirteanaiġ agus ḟuiḋ or coṁair na teineaḋ. Ní raiḃ a ḟior aici céard baḋ ceart di a ḋéanaṁ. Ḃí sí idir dá ċoṁairle cia aca baḋ córa di Pádraic a ċur tearna a glúine agus sgiorail ṁaiṫ a ṫabairt dó nó dul ar a dá glúin roiṁe agus a ḃeannaċt a iarraiḋ!

"Cá ḃfior dom," ar sise léiṫi féin, "naċ peacaḋ uaṫbáraċ dom leigean dó aiṫris a ḋéanaṁ ar an sagart mar sin? Aċt cá ḃfior dom, ina diaiḋ sin, naċ naoṁ ar na flaiṫis atá sa teaċ agam? Agus, ar ndóiġ, baḋ ṁilliteaċ an peacaḋ é láṁ a leagaint ar naoṁ! Go maiṫiḋ Dia dom é, is minic a d'fág mé sian mo ṁéar air ċeana! Ní' mé ar ḟeacaḋ dom é? Tá mé i dteannta, go cinnte!" Níor ċodail Nóra néall an oiḋċe sin, aċt ag cur na ceirte reo trí ċéile.

. . . . . .

Maidin lá ar n-a ḃárraċ, ċoṁ túirse is ḃí Pádraic slanta leis ċum sgoile, ċuir Nóra an slas ar an dorras, d'fág an dá ḟairte óga fá ċúram máṫar Ṁicilín, agus ḃuail an bóṫar go Ros na gCaoraċ. Níor ḃain sí méar dá sróin nó gur ṫug sí teaċ an tragairt ḟobail di féin agus gur innis a sgéala ó ṫús deireaḋ do'n Aṫair Rónán. Ní ḋearna an sagart aċt meangaḋ gáire, aċt ḃí Nóra leis nó gur ḃain sí geallaḋ de go ngaḃfaḋ sé an bóṫar amaċ ċuici an tráṫnóna sin. Lasg léiṫi a ḃaile annsin go fásta.

Níor ċlis an ṡagart uiṡċi. Ḃuail sé isteaċ ċuici sa tráṫnóna. Tráṫaṁail go leor, ḃí Páraic sa seomra ag "léiġeaḋ Aifrinn."

"Ar t'anam is ná labair, a Ṫaiṡ!" arsa Nóra. "Tá sé istiġ."

Ṫéaluiġ an ḃeirt ar ḃarr a ġcos anonn go dtí dorsa an tseomra. Ḋearcadar isteaċ. Ḃí Páraic ġléasta san léine agus san ġcóta go díreaċ mar ḃí an lá roiṁe sin, agus é ag ġuiḋe go deaġṁóideaċ. Ṡeas an ṡagart ṡgaṫaṁ ag breaṫnuġaḋ air.

Fá ḋeireaḋ, d'ionntuiġ mo ḋuine ṫart, agus ag taḃairt aiġṫe ar an bpobal, mar 'ḋeaḋ—

"*Orate, fratres,*" ar seirean amaċ ór árd.

Le linn é seo a ṡáḋ, ċonnaic sé a ṁáṫair agus an ṡagart sa dorsa. Ḋearġ sé agus ḟeas gan coṡṡuiġe.

"Gaḃ i leiṫ annsa ċugam," adeir an tAṫair Rónán.

Ṫáinig Páraic anall go faiṫċeaċ.

"Céard é seo atá ar bun agat?" arsa' an ṡagart.

"Ḃí mé ag léiġeaḋ Aifrinn, a Ṫaiṡ," arsa Páraic. Duḃairt sé an méid seo go cúṫail, aċt ba léir nár ċeap sé go raiḃ aon ċeo ar an mbealaċ déanta aige —agus ar ndóiġ, ní mó ḃí. Aċt ḃí Nóra ḃoċt ar cṡaiṫeaḋ le faiṫcíos.

"Ná bí ró-ċṡuaiḋ air, a Ṫaiṡ," ar sise,—"níl sé aċt óg."

Leag an ṡagart a láṁ go héadtsom ar ċeann bán an ṡtóicín, agus labair sé go ciúin cneasta leis.

"Tá tú ró-óg fós, a Ṗáraicín," adeir sé, "le beiṫ i do ṡagart, agus níl sé gealltá d'éinne aċt do ṡagart Dé an tAirṡeann a ṡáḋ. Aċt cosar i leiṫ agam. Ar ṁaiṫ leat beiṫ ag ṡriotáil an Aifrinn Dia Doṁnaiġ?"

Lar rúile Pádraic agus ḋeaṁg a ġruaḋ arís, ní le cúṫaileaċt an tuṁar ro aċt le barr ríméid.

"Óra, baḋ ṁaiṫ, a Aṫair," ar reirean; "níl ruḋ ar biṫ a b'ḟearr liom."

"Déanfaiḋ rin," arr' an ṡagart. "Feicim go bḟuil cuid de na paidreaċaiḃ agat ċeana."

"Aċt, a Aṫair, a ṁúirnín——," arra Brígid, agus ṡtop mar rin go hobann.

"Céard tá anois ort?" adeir an ṡagart.

"Bríṫe ná bróga níor ċaiṫ ré fós!" ar rire. "Is luaṫ liom bríṫe a ċur air go——"

Sgairt an ṡagart ag gáirḋe.

"Níor ċuala mé riaṁ," ar reirean, "go raiḃ call le bríṫe. Cuirfimid caróigín beag or cionn a ċóta amuiġ air, agus mise 'mo ḃannaíḃ go raċaiḋ ré go dear dó. Maidir le brógaiḃ, tá péire againn a d'ḟág Máirtín an Iargaire 'na ḋiaiḋ nuair a ċuaiḋ ré go dtí an Cloċán. Gléarfamuid i gceart tú, a Pádraic, níl baoġal," ar reirean. Agus mar rin a rocruiġeaḋ é.

. . . . . .

Nuair a bí an ṡagart imṫiġṫe ċrom an ṁáṫair agus ṗóg a maicín.

"Mo ġráḋ tú!" ar rire.

Ag dul a ċodlaḋ di an oiḋċe rin, b'iad na focla deirid adubairt rí léiṫi féin: "Béid mo ṁaicín ina ṡagart! Agus cá bḟior dom," ar rire ag dúnaḋ a rúl di, "cá bḟior dom naċ ina earpog a beaḋ ré amaċ annro!"

bairbre

I

Ní raiḃ Bairbre ró-ṙlaċtṁar an lá a b'ḟearr a ḃí rí. D'adṁóċaḋ éinne an méid rin. An ċéad ċár de, ḃí rí ġeam-ċaoċ. Déarḟá, le breaṫnuġaḋ uirṫi, go raiḃ rí ar leaṫ-ṙúil. Níor ġéill Bríġidín riaṁ go raiḃ, áṁṫaċ. Uair aṁáin dá ndubairt cailín beag eile, le corr uilc ar an mbeirt aca, naċ raiḃ ag Bairbre aċt "leaṫ-ṙúilín caoċ ar nór cuit an táilliúra," dubairt Bríġidín go fearġaċ go raiḃ a ḋá rúil ag Bairbre ċoṁ maiṫ le duine, aċt gurab aṁlaiḋ ḃíoḋ leaṫ-ṙúil dúnta aici, mar go mbaḋ leor léiṫi an t-aon ċeann aṁáin (ḃíoḋ ir go mba ceann caoċ í) le haġaiḋ a cuid gnóṫa a ḋéanaṁ. Bíoḋ rin mar atá, ní ḟéidir a ċeilt go raiḃ plaitín innti; agus ḟágaim lem' air naċ dear an rud plaitín i n-óg-ṁnaoi. Rud eile, ḃí rí ina balḃán; nó baḋ cirte ḋom a ráḋ nár laḃair rí le héinne riaṁ aċt le Bríġidín aṁáin. Má b'ḟíor do Bríġidín, ḃí teanga ḃlarta Ġaeḋilge aici agus ḃí a cuid rmaointe ar áilneaċt an domain. Ní go maiṫ ḃí rí i n-ann riuḃal, ṫar é ḃí rí ar leaṫ-ċoir agus ḃí an leaṫ-ċor rin féin brirte. Ḃí ḋá ċoir aici tráṫ, aċt d'iṫ an gaḋar ceann aca, agus bruraḋ an ceann eile ran áit ar ṫuit rí de ḃarr an drirúir.

Bairbre

Acht cia hí Bairbre, arsa tusa, nó cia hí Bríghidín? 'Sí Bríghidín an ghiúrsreach beag nó, mar adéarfaidh sí féin, an garúirín beag mná, atá ina comhnaidhe sa teach is goire do theach an mháighistir,—ar thaoibh na ciotóige ar ndóigh, ag dul soir an bóthar duit. Is cormhail go n-aithnighfeann tú anois í? Muna n-aithnighir, níl neart agam-sa orst. Níor chualar riamh cia dár dhíobh í, agus dubairt sí féin liom nach bfuil d'ainm ar a hathair acht "Deaide." Maidir le Bairbre,—fead, tá sé chomh maith agam eachtra agus imtheachta Bairbre innsheacht duit thríd síor.

Eachtra Bairbre anuso

Lá dár éirigh máthair Bríghidín, thug sí a mbricfasta do Bríghidín agus dá hathair, do'n ghadhar, do'n chuitín, do na gamhnaibh, do na cearcaibh, do na géadaíbh, do na lachain, agus do'n sprideoighín a thagadh go dtí an doras am bricfasta gach uile mhaidin. Nuair a bhí an méid sin déanta aici d'ith sí a bricfasta féin. Annsin thosuigh sí 'gá gléasadh féin le haghaidh an bóthair.

Bhí Bríghidín ina suidhe ar a stóilín féin gan smid airsi, acht í ag cur na súl trí n-a máthair. Sa deireadh tiar thall labair sí:—

"Bfuil Mama ag imtheacht ó Bríghidín?"

"Níl, a stóir. Tiocfaidh Mama arís tráthnóna. Tá sí ag dul go Gaillimh."

"Bfuil Bríghidín ag dul ann freisin?"

"Níl, a chuid. Tá an bealach ró-fada agus bheadh

mo ċailín beag tuirseaċ. Fanfaiḋ sí sa mbaile ag déanaṁ sprioraiḋ di féin, mar a déanfaḋ cailín maiṫ. Naċ bfanfaiḋ?"

"Fanfaiḋ."

"Ní raċaiḋ sí amaċ ar an tsráid?"

"Ní raċaiḋ."

"Tiocfaiḋ Ḋeaide isteaċ am dinnéir agus béiḋ béile agaiḃ le ċéile. Tabair póg do Ṁama anois."

Tugaḋ an póg agus bí an ṁáṫair ag imṫeaċt. Ṗreab Brígidín ina searaṁ.

"A Ṁama!"

"Céard é héin, a rúin?"

"Naċ dtiubhraiḋ tú féirín a baile ċuig Brígidín?"

"Tiubhrad, a ċuid. Féirín dear."

D'imṫig an ṁáṫair agus d'fhan Brígidín go fárta sa mbaile. Suiḋ sí fúiṫi ar a stóilín. Bí an gaḋar ina lúib or coṁair na teineaḋ agus é ag sranna ḋ. Ḋúirig Brígidín é agus ċuir cogar ina ċluair—

"Tiubhraiḋ Mama féirín a baile ċuig Brígidín?"

"Buf!" arsa an gaḋar agus ċuaiḋ a ċodlaḋ dó féin arís. Bí a ḟior ag Brígidín gurb' ionann "Buf!" agus "Maiṫ an sgéal!"

Bí an cuitín ina ṡuiḋe ar an teallaċ. Ṫóg Brígidín ina ḋá láṁ é, ċuimil a ċeallsar dá leiceann, agus ċuir cogar ina ċluair—

"Tiubhraiḋ Mama féirín a baile ċuig Brígidín!"

"Mí—aṁa!" arsa an cuitín. Bí a ḟior ag Brígidín gurb' ionann "Mí—aṁa!" agus "Maiṫ an sgéal!"

Leag sí an cuitín uaiṫi agus d'imṫig ar fud an tiġe ag gaḃáil ḟuinn di féin. Rinne sí aṁrán beag mar leanas:—

"A ġaḋairín ó 'r a ġaḋairín ó!
Codail go fóill go dtigiḋ mo Ṁama!
A ċuitín ó 'r a ċuitín ó!
Bí ag crónán go dtigiḋ sí a baile!
A ġaḋairín ó 'r a ċuitín ó!
Ar an aonaċ ó! atá mo Ṁama,
Aċt tiocfaiḋ sí arís tráṫnóinín ó!
Is tiubraiḋ sí féirín léiṫi a baile!"

Ṫug sí iarraċt fá'n aṁrán so a ṁúineaḋ do'n ġaḋar, aċt is mó an dúil a bí ag an ngaḋar i gcodlaḋ 'ná i gceol. Ṫug sí iarraċt fá n-a ṁúineaḋ do'n ċuitín, aċt ba binne leis an gcuitín a ċrónán féin. Nuair ṫáinig a haṫair isteaċ fá ṁeaḋon lae ní ḋéanfaḋ tada cúis di aċt an t-aṁrán a ráḋ ḋó agus a ċur d'iallaċ air é ḟoġlaim de ġlan-ṁeaḃair.

D'ḟill an ṁáṫair a baile roiṁ ṫráṫnóna. B'é an ċéad ḟocal adubairt Bríġidín—

"Ar ṫug tú an féirín leat, a Ṁama?"

"Ṫugar, a ċuisle."

"Céard a ṫug tú leat?"

"Toṁair!" Bí an ṁáṫair ina seasaṁ i lár an urláir. Bí a mála leagṫa ar an urlár aici agus a láṁa taoḃ ṫiar di.

"*Sweets?*"

"Ní head!"

"Cáca milis?"

"Ní head, muis'! Tá cáca milis i mo ṁála agam aċt ní hé sin an féirín."

"Péise stocaí!" Níor ċaiṫ Bríġidín bróga ná stocaí riaṁ agus b'ḟada di ag tnúṫán leo.

"Ní heaḋ, go deiṁin! Tá tú ró-óg le haġaiḋ rtocaí go póillín."

"Leaḃar urnaiġte!" Ní gáḃaḋ ḋom a ráḋ naċ raiḃ Bríġiḋín i n-ann léiġeaḋ (ṫar é níor ċuir rí lá irteaċ ar rgoil ina raoġal), aċt ċear rí go raiḃ. "Leaḃar urnaiġte!" ar rire.

"Ní heaḋ, ċor ar biṫ!"

"Céard é héin, 'o eile?"

"Breaṫnuiġ!"

Leaṫ an ṁáṫair a ḋá láiṁ, agur céard a noċtraḋ rí aċt báḃóigín! Báḃóigín beag áḋmaid a raiḃ plaitín innti, agur í geam-ċaoċ; aċt ḃí a ḋá gruaiḋ ċoṁ dearg le caor agur ḃí rmigeaḋ gáire ar a béal. Éinne a mbeaḋ cion aige do báḃógaiḃ, ṫiuḃraḋ ré gean agur gráḋ ḋi. Lar rúile Bríġiḋín le háṫar.

"Óra, naċ dear í! Ara, a Ṁama, a ċroiḋe, cé ḃfuair tú í? Óra ó! Béiḋ páirte agam dem' ċuid héin anoir—páirte dem' ċuid héinín héin! Béiḋ páirte ag Bríġiḋín!"

Rug rí ar an mbáḃóigín agur d'ḟáirg le n-a croiḋe í. Ṗóg rí a plaitín beag maol ir a ḋá gruaiḋ ḋearga. Ṗóg rí a béilín ir a rróinín ġeanncaċ. Annrin ċuiṁniġ rí uirċi féin, ċroċ a ceann, agur ar rire le n-a máṫair—

"Póċ!" (mar rin adeireaḋ Bríġiḋín "póg").

D'írliġ an ṁáṫair nó gur ṗóg an cailín beag í. Annrin b'éigin di an báḃóigín a ṗógaḋ. Ṫáinig an t-aṫair irteaċ ar an bruinnte rin agur cuireaḋ fá ndearra dó-ran an clear céadna a ḋéanaṁ.

Ní raiḃ tada ag déanaṁ imniḋe do Bríġiḋín ar feaḋ an tráṫnóna rin aċt cia an t-ainm a ḃairtfeaḋ

rí ar an mbábóig. Mol a máthair "Malaí" ói agus ceap a hathair go mbaó feileamnach an t-ainm "Peigí." Acht ní raib ceachtar aca ro ráthach galánta, dar le Bríghidín.

"Tuige ar tugaó 'Bríghidín' orm-ra, a Ódaide?" ar sise tar éis ruipéis.

"Dubairt na ean-mná gur cormail leó' Oncail Pádraic tú, agus ó tárla nárb' féidir 'Pádraic' a bairteaó ort, bairteaó 'Bríghid' ort, mar b'fhachtar dúinn gurb' é an rud ba ghoire dó é."

"Mear tú an cormail í seo (an bábóg) lem' Oncail Pádraic, a Ódaide?"

"Ó, ní cormail ócr ar bith. Tá t'Oncail Pádraic bán—agus cheidim go bfuil féaróg anois air."

"Cia leis is cormail í, 'o eile?"

"Muise, baó deacair a ráó, a cailín ó!—baó deacair sin."

Rinne Bríghidín machnamh ar feaó tamaill. Bí a hathair ag baint a cuid éadaigh ói os comair na teineaó ar feaó an ama so, mar bí sé i n-am aici beith ag dul a codlaó. Nuair a bí bainte ói cuaió sí ar a glúinib, cuir a dá láimhín le céile, agus thosuigh uirthi mar so:—

"A Íosa Críosta, go mbeannuighió tú agus go ráibálaió tú rinn! A Íosa Críosta, go mbeannuighió tú Ódaide agus Mama agus Bríghidín, agus go gcuiriió tú slán ráibáilte ó thubaiste agus ó anachain na bliaóna sinn, má's é toil mo Shlánuighteoir é. A Dia, go mbeannuighió tú m'Oncail Pádraic, atá anois i 'Meiriocá, agus m'Aint Bairbre ——." Staó sí go hobann agus chuir gáir áthais airti.

"Tá sé agam! tá sé agam, a Ódaide!" ar sise.

"Céard tá agat, a ghrádh? Fan go gcríochnuighidh tú do chuid paidreacha."

"M'Aint Bairbre! Is cormhail lem' Aint Bairbre í!"

"Cia is cormhail leo' Aint Bairbre?"

"An bábóigín! Sin é an t-ainm a thiubhras mé uirthi! Bairbre!"

Leis an t-athair a fhean-sgairt ghaire sul an chuimhnigh sé nach raibh na paidreacha críochnuighthe. Ní dearna Bríghidín gaire ar bith, acht lean uirthi mar so:—

"Ó! a Dhia! go mbeannuighidh tú m'Oncail Pádraic, atá anois i 'Meirioca, agus m'Aint Bairbre, agus" (seo aguisín a chuir sí féin leis) "agus go mbeannuighidh tú mo Bairbre beag héin agus go gcoingbhighidh tú ó fheacadh marbhtha í!Ámén, a Thighearna!"

Sgairt an t-athair as gáirdhe arís. D'fhéach Bríghidín air agus iongnadh uirthi.

"Sguab leat riar anois agus irteach in do leabaidh leat go beo!" ar seisean chomh luath is d'fhéad sé labhairt le gáire. "Agus ná déan dearmad ar Bairbre!" ar seisean.

"Is beag an baoghal!" Siar léithi sa seomra agus irteach sa leabaidh léithi de léim. Bí cinnte nár dhearmaid sí Bairbre.

Ó'n oidhche sin amach ní racadh Bríghidín a choblach ar ór ná ar airgead gan Bairbre a bheith sa leabaidh aici. Ní fhuidhfeadh sí chum biadh a chaitheamh gan Bairbre a bheith ina suidhe le n-a hais. Ní ghabhfadh sí amach ag déanamh gsunn di féin gan Bairbre a bheith ina fochair. Domhnach amháin a dtug a máthair léithi chuig an Airfreann í, ní raibh Bríghidín sásta gan

Bairbre a tabairt ann freisin. Ní tagaḋ bean ċoṁurran isteaċ ag cuairtéireaċt naċ gcuirfiḋe Bairbre i n-aiṫne di. Lá dár buail an fagart isteaċ ċuca d'iarr Brígiḋín air a beannaċt a tabairt do Bairbre. Ṫug sé a beannaċt do Bríġiḋín féin. Ṡíl sise gur do'n bábóig a ṫug sé í, agus bí sí lán-trárta.

Ṡocruiġ Bríġiḋín párlúr beag dear do Bairbre ar barr an dririúir. Ċuala sí go raiḃ párlúr ag a hAint Bairbre (i nUaċtar Árd a bí sise ina coṁnaiḋe) agus ċeap sí nár ṁór dá Bairbre-se párlúr a beiṫ aici ċoṁ maiṫ le duine. Ṫuit mo Bairbre boċt de barr an dririúir lá, mar d'innriġear ċeana, agus bristeaḋ leaṫ-ċos léiṫi. Is iomḋa timpiste ṫairis sin d'éiriġ di. Lá eile rug an gaḋar uisṫi agus bí 'gá stróiceaḋ ó ċéile go dtáinig máṫair Bríġiḋín do ċabair uisṫi. D'ḟan an leaṫ-ċos ṡlán ag an ngaḋar. Ṫuit sí isteaċ san abainn uair eile agus hóbair go mbáiṫfiḋe í. 'Sé aṫair Bríġiḋín a ṫáinig do ċongnaṁ uisṫi an tusar so. Is beag nár báiṫeaḋ Bríġiḋín féin agus í a d'iarraiḋ í ṫárraṫáil ó ḃort na haḃann.

Má bí Bairbre gan a beiṫ ró-ḋaṫaṁail an ċéad lá a dtáinig sí, luiġeann sé le nádúr naċ feart an slaċt a bí uisṫi ṫar éis bliaḋain a ċur di. Aċt ba ċuma le Bríġiḋín daṫaṁail nó mí-ḋaṫaṁail í. Ṫug sí grád a croiḋe di ó'n gcéad nóiméad ar leag sí súil uisṫi, agus is ag méaduġaḋ a bí an grád sin ó lá go lá. Naċ ag an mbeirt aca a bíoḋ an greann nuair a d'ḟágaḋ an ṁáṫair an teaċ fá n-a gcúram tráṫ a mbíoḋ sí ar cuairt tiġ ċoṁurran! Bíoḋ an t-urlár sguabṫa agus na plátaí niġte aca roimpi

nuair a d'ḟilleaḋ sí. Agus nać ar an máṫair a bíoḋ an t-iongnaḋ, mar 'ḋeaḋ!

"An í Bríġidín a ġlan an t-urlár dá Mama?" adeireaḋ sí.

"Bríġidín agus Bairbre," adeireaḋ an cailín beag.

"Muise, ní' mé beo céard a ḋéanfainn muna mbeaḋ an beirt agaiḃ!" adeireaḋ an ṁáṫair. Agus nać ar Bríġidín a bíoḋ an ríméad agus an bróḋ!

Agus na laeṫeannta fada ramhraiḋ a ċuirfidís díoḃ ar ṫaoiḃ an ċnuic, i measg na raiṫniġe agus na mbláṫ!—Bríġidín ag bailiuġaḋ nóiníní ir méirníní ir bainne bó bliocṫáin agus Bairbre 'gá gcomhaireamh di (mar deireaḋ sí); Bríġidín ag ríor-ċainnt agus ag innreaċt ṡgéalta nać gcuala duine ná daonnaiḋe (ní áirmhiġim bábóigín) a leiṫéid riamh roimhe ná ó ḟoin, agus Bairbre ag éirteaċt léiṫi;—caiṫfiḋ sé go mbíoḋ sí ag éirteaċt go hairead, mar ní ṫagaḋ focal ar a béal.

'Sé mo ḃaramhail nać raiḃ geafrċaile i gConnaċtaiḃ ná, dá n-abróċainn é, san Roinn Eorpa, ba ḟárta fonaraiġe 'ná Bríġidín na laeṫeannta úd; agus fágaim le hudaċt nać raiḃ bábóigín fá luiġe na gréine ba ḟárta fonaraiġe 'ná Bairbre.

Sin mar bí go dtáinig Niamh Ċinn Óir.

II

B'ar Baile Áta Cliaṫ do Niaṁ Ċinn Óir. Bean uaral a ṫáinig do'n Ġort Mór ag foġlaim Gaeḋilge, ġeall sí roiṁ imṫeaċt di go gcuirfeaḋ sí seod éigin ċuig Bríġidín. Agus, ar ndóiġ, ċuir. Lá amáin, tuairim ir seaċtmain tar éis imṫeaċt di, ḟiuḃail Bearṫlí an Ḟorta isteaċ i lár na cisteanaiġe agus leag borga mór ar an urlár.

"Duit-se, a ḃean óg," ar seisean le Bríġidín.

"Ara, céard tá ann, a Ḃearṫlí?"

"Cá ḃfior dom? Siḋeog, b'ḟéidir."

"Ó ḃó! Cé ḃfuair tú é?"

"Ó ḟirín beag glas, a raiḃ féaróg ḟada ġorm air, caipín dearg ar a ṁullaċ, agus é ar marcaiḋeaċt ar ġiorraḟiaḋ."

"Ora, 'ḋeaide! Agus céard duḃairt sé leat, a Ḃearṫlí?"

"Ḋeaṁan ceo adubairt sé aċt 'Taḃair é seo do Ḃríġidín, ir mo ḃeannaċt,' agus ar go bráṫaċ leis le sméideaḋ do ḟúl."

Táim i n-aiṁreas nárḃ' ḟíor do Ḃearṫlí an tuairisg seo ar fad, aċt ċreid Ḃríġidín gaċ focal di. Ġlaoiḋ sí ar a máṫair, san áit a raiḃ sí istiġ ṡa seomra ag tógáil na háite tar éis an ḃricfarta.

"A Ṁama, a Ṁama, borga mór do Ḃríġidín! Firín beag glas a raiḃ féaróg ḟada ġorm air a ṫug do Ḃearṫlí an Ḟorta é!"

Ṫáinig an ṁáṫair amaċ agus bailiġ Bearṫlí leis

"A Ṁaimín, a Ṁaimín, orgail an borga go t'paiḋ! Ceapann Deartlí go mb'féidir gur ṙiḋeog atá ann! Coṙṙuiġ leat, a Ṁaimín, nó cá ḃṙior dúinn naċ múċṙaiḋe irtiġ ṙa mborga í?"

Ġeaṙṙ an ṁáṫair an téad. Ḃain ṙí an páipéar de'n borga. Ṫóg ṙí an clár. Céard a ḃeaḋ ann, ina luiġe go dear cluṫṁar ṙa mborga mar a ḃeaḋ páirte i gcliaḃán, acht an ḃábóg ir áilne 'ṙ ir gleoite dá ḃṙaca ṙúil riaṁ! Ḃí ṙoit ór-ḃuiḋe uirṫi agur é ag tuitim ina ḃúċlaíḃ triopallaċa ṫar a bṙáġaid ir ṫar a guailniḃ. Ḃí luirne an róir ina leiceann. 'Sí an traṁail ḃéarṙainn dá béilín dá ċaor ċaorṫainn, agur ba geall le péarlaíḃ a déad. Ḃí a ṙúile dúnta. Ḃí culaiḋ ġeal ṙíoda ag cuṁdaċ a cuirp, agur brat dearg ṙróil or a cionn rin amuiġ. Ḃí muinċe niaṁṙaċ de ċloċaiḃ uairle ṙá n-a ṙíb, agur mar ḃarr ar na hiongantaraiḃ ar ṙad ḃí mionn ṙíoġḋa ar a ceann.

"Ḃainṙíoġan!" arra Ḃṙíġidín de ġuṫ íreal, mar ḃí ṙóirt ṙgáṫa uirṫi roiṁ an triḋeoig ġlóṙṁair ṙeo. "Ḃainṙíoġan ó Ṫír na nÓg! Ṙéaċ, a Ṁama, tá ṙí ina codlaḋ. Mear tú an ndúireoċaiḋ ṙí?"

"Tóig i do láiṁ í," adeir an ṁáṫair.

Ṡín an cailín beag a ḋá láiṁ amaċ go ṙaitċeaċ, leag go hurramaċ ar an mbábóig iongantaiġ iad, agur ṙá ḋeireaḋ ṫóg ar an mborga í. Ní túirge ṙug ṙí uirṫi 'ná d'orgail an ḃábóg a ṙúile agur adubairt de ġlór caoin binn:—

"Mam-a!"

"Dia dar mbeannaċaḋ," arr' an ṁáṫair ag gearraḋ roṁarṫa na croire uirṫi ṙéin, "tá urlaḃra aici!"

Ḃí ṙaoḃar neaṁ-ġnáṫaċ i ṙúilib Ḃṙíġidín agur ḃí

larad neamh-ghnáthach ina ceann-aghaidh. Acht ní dóigh liom go raibh sí leath chomh sgannruighthe is bhí an mháthair. Bíonn páirtí ag súil le hiongantaraibh i gcomhnaidhe, agus nuair thuiteas rud iongantach amach ní chuireann sé an oireadh uathbhair ortha is chuireas ar dhaoinibh fárta.

"Tuigh nach mbeadh urlabhra aici?" arsa Bríghidín. "Nach bhfuil urlabhra ag Bairbhre? Acht is binne i bhfad a guth so 'ná guth Bairbhre."

Mo léan thú, a Bairbhre! Cá raibh tú ar feadh na haimsire seo? In do luighe ar an urlár san áit ar thuit tú ar láimh Bhríghidín nuair tháinig Bearthlí isteach. Ní fearach mé an gcuala tú na bhriathra so ó bhéal do chasadh. Má chualais, is dearbtha go mb'arsaing thú do chroidhe iad.

Lean Bríghidín uirthi ag labairt. Labair sí go sgiobtha, a dhá súil ar laradh ina ceann:—

"Bainríoghan í seo," ar sise. "Bainríoghan sidhe! Féach an chulaidh bhreagh atá uirthi! Féach an bhrat shróil atá uirthi! Féach an mionn áluinn atá uirthi! Is cosmhail í leis an mbainríoghan údan a raibh Stiophán na Sgéalta ag tháchtaireacht an oidhche cheana, —an bainríoghan a tháinig thar fairrge ó Thír na nÓg ar marcaidheacht ar an each bán. Cia an t-ainm a bhí ar an mbainríoghain sin, a Mhama?"

"Niamh Chinn Óir."

"Seo í Niamh Chinn Óir!" arsa an cailín beag. "Tairbeánfaidh mé do Stiophán í an chéad uair eile thiocfas sé! Nach air a bhéas an t-áthas í feiceál, a Mhama? Bhí fearg air an oidhche fá dheireadh nuair adubairt mo Dhearbhráthair nach bhfuil sidheoga ar bith ann. Bhí a fhios agam-sa nach raibh mo Dhearbhráthair acht ag magadh."

Níor ṁaiṫ liom a ṗáḋ gur ṡiḋeog Niaṁ Ċinn Óir, mar ḟíl Bríġiḋín, aċt ir ḋóiġ liom go raiḃ ḋraoiḋeaċt éigin ag baint léiṫi; agur táim lán-ċinnte go raiḃ Bríġiḋín féin fá ḋraoiḋeaċt ó'n nóiméad a ḋtáinig sí isteaċ sa teaċ. Muna mbeaḋ go raiḃ, ní ḟágfaḋ sí Bairbre ina luiġe léiṫi féin ar an urlár ar feaḋ an tráṫnóna gan focal a ṗáḋ léiṫi ná ṗiú aṁáin cuiṁniuġaḋ uirṫi go ham codlata; ná ní ġaḃfaḋ sí a ċoḋlaḋ gan Bairbre a ṫaḃairt isteaċ sa leabaiḋ léiṫi mar ba ġnáṫaċ. Ir ar éigin a ċneidfeá é, aċt 'sí an bainríoġan óg a ċodail i bfoċair Bríġiḋín an oiḋċe sin i n-ionad an ċompánaiġ big ḋílis a ċodluiġeaḋ ina foċair gaċ oiḋċe le bliaḋain.

D'ḟan Bairbre ina luiġe ar an urlár go bfuair máṫair Bríġiḋín í, ir gur ṫóg ir gur ċuir suas ar barr an dristiúir í san áit a raiḃ a páirtúr beag féin. Ċaiṫ Bairbre an oiḋċe sin ar barr an dristiúir. Níor ċualas gur airiġ Bríġiḋín ná a máṫair ná a haṫair aon ċaoineaċán ó'n gcisteanaiġ i lár na hoiḋċe, agus leis an ṡíṡinne a ṗáḋ ní ṁeasaim gur ḟil Bairbre deor. Aċt ir cinnte go raiḃ sí bróṅaċ go leor, ina luiġe i n-áirde annsúd léiṫi féin, gan láṁ a caraḋ ina timċeall, gan teas colna a caraḋ 'gá téiṫeaḋ, gan duine ná deoraiḋe ina haice, gan fuaim ar biṫ a ċloisteáil, aċt aṁáin na fuamanna fanna síor-uaigneaċa a bíos le cloisteáil i dteaċ i n-am marḃṫa na hoiḋċe.

III

Is ina suidhe nó ina luighe ar barr an drisiúir a chaith Bairbre bunáite na sáithe dar gcionn. B'annamh a labhraighead Brighidín léithi; agus nuair a labhraighead, ní dheireadh sí acht, "Bí i do chailín mhaith, a Bairbre. Feiceann tú go bhfuilim chuadhóghach. Caithfidh mé aire a thabairt do Niamh Chinn Óir. Bainfidhghan í sin, tá'r agat, agus caithfear aire mhaith a thabairt di." Bí Bríghidín ag dul i n-aois anois (cheidim go raibh sí cúig bliadhna caithte nó b'fhéidir cúig bliadhna go leith), agus bí sí ag éirghe ar cuid de na nóraibh a chleachtuighead sí i dtúr a hóige. Ní "Bríghidín" a thugadh sí uirthi féin anois, mar bí a fhior aici an bhríg atá leis an bhfocailín "mé," agus leis an earbaillín "-im" nuair a cuirtear i ndiaidh "tá" agus "níl" é. Bí a fhior aici freisin gur mór an mear agus an onóir atá ag dul do bainfidhghain thar mar atá ag dul do chréatúirín beag bocht mar Bairbre.

Is baoghlach liom nár thuig Bairbre an rgéal so 'chor ar bith. Ní raibh innti acht bábóigín maidhe, agus, ar ndóigh, ba dheacair dá leithéid chroidhe cailín a thuigfinn. Ba léir di go raibh sí caithte do leathaoibh. 'Sí Niamh Chinn Óir a choluighead i bhfochair Bríghidín anois; 'sí Niamh Chinn Óir a fhuidhead le n-a hair am béile; 'sí Niamh Chinn Óir a ghabhadh amach ar an gcnoc le n-a coir, a luighead léithi i mearg na raithnighe, is a théidhead léithi ag bailiughadh nóiníní is

meirini. 'Sí Niaṁ Ċinn Óir a ṫeannaḋ rí le n-a huċt. 'Sí Niaṁ Ċinn Óir a ṗógaḋ rí. Duine eile a beiṫ ran áit ba ġnáṫaċ leat-ra a beiṫ, duine eile a beiṫ ag riuḃal le coir an té ar ġnáṫaċ leat-ra riuḃal le n-a ċoir, duine eile beiṫ ag pógaḋ an béil ba ḋual duit-re a ṗógaḋ,—rin í an ṗian ir mó dá bfulaingtear ar an raoġal ro; agur rin í an ṗian a bí i lár Bairbre anoir, 'gá céaraḋ ó ṁaidin go hoiḋċe ir 'gá craḋ ó oiḋċe go maidin.

Ir dóiġ go ndéarfar liom nárḃ' ḟéidir na rmaointe reo ná rmaointe ar biṫ eile a beiṫ i gcroiḋe Bairbre, mar naċ raiḃ innti aċt bréagán maide gan moṫuġaḋ, gan meaḃair, gan tuigrint, gan treoir. M'ḟreagra ar éinne laḃróċar mar ro liom: Cá bfios dúinn? Cá bfior duit-re nó dom-ra naċ bfuil a moṫuġaḋ ir a meaḃair féin, a dtuigrint ir a dtreoir féin, ag báḋógaiḃ ir ag bréagánaiḃ maide, ag an gcrann ir ag an gcnoc, ag an aḃainn ir ag an ear, ag mion-rgoṫaiḃ na páirce ir ag mion-ċloċaiḃ na tráġa?—'read agur ag na céadtaiḃ ruḋaí eile ḟeicimid 'n-ar dtimċeall? Ní abraim go bfuil; aċt baḋ dána an ṁaire dom-ra nó d'éinne eile a ráḋ naċ bfuil. Ir dóiġ leir na páirtíḃ go bfuil; agur 'ré mo baraṁail gur tuigreanaiġe na páirtí i neiṫiḃ de'n tróit ro 'ná tura ir mire.

Lá aṁáin dá raiḃ Bairbre ina ruiḋe go huaigneaċ léiṫi féin ina páirlúr, bí Bríġidín agur Niaṁ Ċinn Óir i réir ċoṁráiḋ coir na teineaḋ; nó b'ḟearr liom a ráḋ go raiḃ Bríġidín i réir ċoṁráiḋ léiṫi féin, agur Niaṁ ag éirteaċt léiṫi; mar níor ċuala éinne focal ar béal na Bainríoġna riaṁ aċt aṁáin "Mam-a." Bí máṫair Bríġidín taoḃ amuiġ de'n

dorar ag nigeacán. Bí an t-atair ag cur fatai fan ngarrda. Níor fan fa teac act Bríghdín agus an dá bábóig.

Ir dóigh go raib an cailín beag tuirreac, mar ćaiť rí an ṁaidin ag nigeacán (nigead rí bráiťlín agus pluid na bainríoghna gać feaćtṁain). Ba gearr go dtáinig codlad uirći. Ba gearr ina diaid rin gur leig rí a ceann ar a brollać ir go raib rí ina toirćim ruain. Ní ťuigim i gceart céard d'éirigh tar 'éire rin, act de réir ćoraṁlaćta bí Bríghdín ag tuitim le fánaid, nó gur rinead ar leic an teallaigh í i bfoigfeaćt orlaigh do'n teinid. Níor dúirigh rí, mar bí rí ina cnap codlata. Ir corṁail go raib Niaṁ Ćinn Óir ina codlad freirin, act cia ar bit cia fgéal é níor ćorruigh rí. Ní raib éinne fa teac leir an bráirte beag gráóṁar a ćoraint ar an mbár a bí ag triall uirći. Níorb' eol d'éinne í beit i gconntabairt act aṁáin do Dia agus do—Bairbre.

Bí an ṁáťair ag oibriughad léiťi taob amuigh agus gan aon ćuiṁneaṁ aici go raib an bár ćoṁ gar rin do leanb a chroide. Bí rí ag carad puirt di féin, agus 'gá ćroćad go breagh, nuair a ćuala rí an tuairt—tuairt mar bead rud éigin ag tuitim ar an urlár.

"Céard é rin anoir?" ar rire léiťi féin. "Rud éigin a ťuit de'n balla, tá reanr. Ní féidir gurab í Bríghdín a bain leir?"

Irteać léiťi go deirfeać. Ir ar éigin nár ťuit an t-anam airti le neart uaťbáir. Agus ciarb' iongnad é? Bí a leanb múirneać rínte ar an teallać agus a cóitín beag ar dearg-laraḋ fa teinid!

Ḃread an ṁáťair ćuici trearna na cirteanaige,

tóg ina baclainn í, ir bain di an cóta. Ní raib ann acht gur tárrtuig ri í. Dá branrad ri leat-nóiméidín eile, bí ri ró-mall.

Bí Brígidín ina dúireacht anoir agur a dá láim fá mhuineál a mátar. Bí ri ar craitead le teann faitcír agur, ar ndóig, ag gol, cé nach go ró-mhait a tuig ri an rgéal fóir. Bí a mátair "'Gá múchad le pógaib ir 'gá bátad le deoraib."

"Céard d'éirig dom, a Mama? Bí mé ag brionglóidig. Mothuig mé tear agur ceap mé go raib mé ag dul ruar, ruar ran rréir, agur go raib an grian 'gam' dógad. Céard d'éirig dom?"

"'Sé toil Dé é nár loirgead mo rtóirín,—ní leir an ngréin, acht leir an teinid. Ó, a Brígidín, a beata big do mhátar, céard a déanfainn dá marbóchtaide orm tú? Céard a déanfad t'atair? 'Sé Dia adubairt liom a teacht irteach ar an nóiméad rin!—Ní' mé céaróch tosann a chuala mé? Muna mbead rin ní tiocfainn irteach 'cor ar bit."

Breathnuig ri tairrti. Bí gach rud ina áit féin ar an mbord, agur ar na ballaib, agur ar an dririúr,—acht fan! or comhair an dririúir tug ri fá dearra an rud ar an urlár. Céard a bí ann? Colann beag gan ceann—colann bábóige.

"Bairbre a tuit de'n dririúr arír," arr' an mhátair. "Mo choirriar, 'ri fábáil t'anam duit, a Brígidín."

"Ní tuitim a rinne ri 'cor ar bit!" arr' an cailín beag, "acht ir amlaid connaic ri go raib mé i gconntabairt agur chait ri léim ó barr an dririúir le mé fábáil. A Bairbre boct, tug tú t'anam ar mo fon!"

Ċuaiḋ ſí ar a ġlúiniḃ, ṫóg corpán beag na bábóige, agus ṗóg go ceannſa ceanaṁail é.

"A Ṁama," ar ſiſe go bróná, "ó ṫáinig Niam Ċinn Óiſ, tá faiṫcíor orm go ndearna mé dearmad ar Bairbre Boċt, agus gur mó an ſpéiſ a ċuiſ mé i Niaṁ Ċinn Óiſ 'ná innti-ſe; agus féaċ gurab í ba ḋílſe ḋom ina ḋiaiḋ ſin! Agus tá ſí marḃ anoiſ orm, agus ní ḃéiḋ mé i n-ann laḃairt léiṫi arís go bráṫaċ, ná a ráḋ léiṫi gur fearr liom míle uair—'ſeaḋ, céad míle uair—í 'ná Niaṁ."

"Ní marḃ atá ſí 'ċor ar biṫ," adeir an ṁáṫair, "acht gortuiġṫe. Cuirfiḋ t'aṫair an ceann uiſṫi arís nuair a ṫiocfar ſé iſteaċ."

"Dá dtuitfinn-ſe de ḃarr an driſiúir, a Ṁama, ir go gcaillfinn mo ċeann, arḃ' ḟéidir é ċur orm arís?"

"Niorḃ' ḟéidir. Acht ní hionann tura ir Bairbre."

"Ir ionann. Tá ſí marḃ. Nach ḃfeiceann tú nach ḃfuil ſí ag corruiġe ná ag laḃairt?"

B'éigin do'n ṁáṫair an méid ſeo adṁáil.

Ní ċuirfeaḋ aon níḋ ina luiġe ar Ḃríġidín nach raiḃ Bairbre báruiġṫe agus nach le ire ḟáḃáil a ṫug ſí a hanam. Ní abróċainn féin go raiḃ an ceart aici, acht ní abróċainn nach raiḃ. Níl le ráḋ agam acht an méid adubhrar ċeana: Cá ḃfior dom-ſa é? Cá ḃfior duit-ſe é?

Cuireaḋ Bairbre an tráṫnóna ſin ar ṫaoiḃ an ċnuic ſan áit ar ċaiṫ ſiſe agus Ḃríġidín na laeṫeannta fada ſaṁraiḋ úd i mearg na raiṫniġe ir na mbláṫ. Tá méiſíní ag fár ag ceann na huaiġe, agus tá nóiníní ir bainne bó bliocṫáin go fairſing ina timċeall.

Roiṁ ḋul a ċodlaḋ do Ḃríġidín an oiḋċe ṡin, ġlaoiḋ sí anall ar a máṫair.

"Mear tú, a Ṁama," ar sise, "an ḃfeicfiḋ mé Bairbre ar neaṁ?"

"B'ḟéidir le Ríġ na Ġlóire go ḃfeicfeá," adeir an ṁáṫair.

"Mear tú an ḃfeicfead, a Ḋeaide?" ar sise le n-a haṫair.

"Tá a ḟior agam go binn go ḃfeicfir," adeir an t-aṫair.

Ġurab é sin Eaċtra agus Oiḋeaḋ Ḃairbre go nuige sin.

eoġainín na néan

Eoġainín na néan

I

Comṙáḋ a ṫáṙla ṙoiṙ Eoġainín na néan agur a ṁáṫaiṙ tṙáṫnóna earṙaiġ ṙoiṁ ḋul ḟaoi do'n ġṙéin. An ċéiṙṙeaċ agur an ġealḃan buiḋe a ċuala é agur (de ṙéiṙ maṙ ṁearaim) a d'innir dom' ċáiṙdiḃ, na ḟáinleoġa, é. Na ḟáinleoġa a d'innir an ṙġéal dom-ṙa.

"Tearṙa uait irteaċ, a ṗeata. Tá ṙé ag éiṙġe ḟuaṙ."

"Ní ḟéadaim coṙṙuiġe go ḟóill beag, a ṁáiṫṙín. Tá mé ag ḟanaċt leir na ḟáinleoġaiḃ."

"Cia leir, a ṁaicín."

"Leir na ḟáinleoġaiḃ. Tá mé 'ceapaḋ go mbéiḋ ṙiad annṙo anoċt."

Ḃí Eoġainín i n-áiṙde aṙ an aill ṁóiṙ a ḃí láiṁ le binn an tiġe, é ṙocṙuiġte go dear aṙ a mullaċ agur cúl bán a ċinn le bun na ḟuinnṙeoiġe a ḃí 'gá ḟárġaḋ. Ḃí a ċeann cṙoċta aiġe, agur é ag bṙeaṫnuġaḋ uaiḋ ó ḋeaṙ. D'ḟéaċ a ṁáṫaiṙ ṙuaṙ aiṙ. D'ḟacṫaṙ di go ṙaiḃ a ċuid ġṙuaiġe ina hóṙ buiḋe ṙan áit a ṙaiḃ an ġṙian ag ṙgallaḋ aṙ a ċloiġeann.

"Agur cé aṙ a ḃfuil ṙiad ag teaċt, a leinḃ?"

"Ó'n Doṁan Ṫeaṙ—an áit a mbíonn ṙé ina ḟaṁṙaḋ i gcoṁnaiḋe. Tá mé ag ḟanaċt leo le ṙeaċtṁain."

"Ach cá bhfuil tú gur anocht a ṫiocfar fiad?"

"Níl a fhios agam, ach mé 'ġá ceapaḋ. Baḋ ṁiṫid dóiḃ beiṫ annso lá ar biṫ fearta. Is cuiṁneaċ liom gur cothrom an lae indiu go dtíreaċ ṫáinig fiad anuraiḋ. Ḃí mé ag teaċt aníos ó'n tobar nuair a ċuala mé a gceileaḃar—ceileaḃar binn meiḋreaċ mar ḃeidís ag ráḋ: 'Támuid ċugat arís, a Eoġainín! Sgéala ċugat ó'n Doṁan Ṫear!' —agus annsin d'eiteall ceann aca ṫarm—ċuimil a sgiaṫán dem' leiceann."

Ní cúram a ráḋ gur ċuir an ċainnt seo an-iongnaḋ ar an máṫair. Níor laḃair Eoġainín mar sin léiṫi riaṁ roiṁe. D'ḟearaċ di gur ċuir sé an-truim ins na héanlaiṫ agus gur iomḋa uair a ċaiṫeaḋ sé ins an gcoill nó coir tráġa "ag cainnt leo" mar adeireaḋ sé. Ach níor ṫuig sí cia an ráṫ a mbeaḋ fonn ċoṁ mór sin air na fáinleoga ḟeiceál ċuige arís. D'aiṫnig sí ar a aġaiḋ, ċoṁ maiṫ le n-a ġlórṫaiḃ béil, go raiḃ sé ag síor-smaoineaḋ ar ruḋ éigin a ḃí ag déanaṁ imniḋe dó. Agus ṫáinig roinnt mí-ḟuaiṁnis air an mnaoi ċroiḋe í féin, níḋ naċ iongnaḋ. "Dar ndóiġ, is airteaċ an ċainnt ó ḟáirde í," ar sise ina hintinn féin. Níor laḃair sí smid ór árd, áṁṫaċ, ach í ag éirteaċt le gaċ focal dá dtáinig amaċ ar a ḃéal.

"Tá mé an-uaigneaċ ó d'ḟáguiġ siad mé san ḃróġṁar," adeir an garúr beag arís, mar ḋuine a ḃeaḋ ag cainnt leis féin. "Ḃíonn an oireaḋ sin aca le ráḋ liom. Ní hionann iad agus an ċéirseaċ nó an gealḃan buiḋe a ċaiṫear bunáite a raoġail coir an ċlaiḋe san ngarrḋa. Ḃíonn sgéalta iongantaċa le n-aiṫris aca i dtaoiḃ na gcríoċ a mbíonn sé

ina ṡaṁṡaḋ i gcoṁnaiḋe ionnta, agus i dtaoiḃ na ḃṡaiṡṡí ḃṡiaḋáin san áit a mbáiṫteas na luingis, agus i dtaoiḃ na gcaṫṡaċ n-aol-ġeal a mbíonn na ṡíġte 'na gcoṁnaiḋe ionnta. Is fada fada an bealaċ é ó'n Doṁan Ṫeas go dtí an tír seo: feiceann siad 'ċ uile sud ag teaċt dóiḃ is ní ḋéanann siad dearmad ar ṫada. Is fada liom uaim iad."

"Tas isteaċ, a ġsáḋ ġil, is téiḋis a ċodlaḋ. Sṡéaċfas leis an ḃṡuaċt tú má ṡanais amuiġ i ḃṡad eile."

"Gaḃṡaiḋ mé isteaċ as ball beag, a ṁáiṫṡín. Níos ṁaiṫ liom iad a ṫeaċt agus gan mé annso le fáilte a ċur sómpa. Ḃeaḋ iongnaḋ orṫa."

Ċonnaic an ṁáṫair naċ raiḃ aon ṁaiṫ a ḃeiṫ leis. Ċuaiḋ sí isteaċ go buaiḋeasṫa. Ġlan sí an bord is na caṫaoiseaċa. Niġ sí na sgálaí is na miasa. Rug sí as an sguaib agus sguab sí an t-urlár. Sgól sí an túlán is na corcáin. Ḋeasuiġ sí an lampa agus ċroċ as an mballa é. Ċuis sí tuilleaḋ móna as an teiniḋ. Rinne sí céad sud eile nás ġáḃaḋ ḋi a ḋéanaṁ. Annsin ṡuiḋ sí os coṁais na teineaḋ ag smaoineaḋ di féin.

Ṫáinig síobaise na gsíosaiġe amaċ agus ṫosuiġ as a ṗost croiḋeaṁail. D'ṡan an ṁáṫair cois teallaiġ ag smaoineaḋ. D'ṡan an garúr beag as a ṡuiḋeaċán aeraċ ag saiseaḋ. Ṫáinig na ba a ḃaile ó'n gcimín. Ġlaoiḋ an ċeasc ċuici as a ḥéiníníḃ. Ċuaiḋ an lon duḃ is an dreoilín is mion-daoine eile na coille do ċodlaḋ. Coisgeaḋ ar ḋordán na gcuileog is ar ṁéiḋliġ na n-uan. D'íslig an ġsian go mall go raiḃ sí i n-aice le bun na sséise, go raiḃ sí go díseaċ ar bun na sséise, go raiḃ sí ṡá bun na sséise.

Ṡéid gála fuar anoir. Leat an doirdadar ar an talaṁ. Fá deireadh tháinig Eoghanín isteach.

"Is baoghlach nach dtiocfaidh sé anocht," ar seisean. "B'fhéidir le Dia go dtiocfaidhí i mbárach."

. . . . . .

Tháinig an ṁaidin lá ar n-a bárach. Bí Eoghanín ina ṡuidhe go moch agus é ag faireadh amach ó ṁullach na haille. Tháinig an meadhon lae. Tháinig an deireadh lae. Tháinig an oidhche. Acht, mo léan! níor tháinig na fáinleoga.

"B'fhéidir go bhfeicfimís chughainn i mbárach iad," arsa Eoghanín agus é ag teacht isteach go bhónach an oidhche sin.

Acht ní fhacadar. Ná ní fhacadar chuca iad an lá ina dhiaidh sin ná an lá ina dhiaidh sin arís. Agus 'sé'n deireadh Eoghanín gach oidhche ag teacht isteach dó:

"B'fhéidir go mbeadh siad chughainn i mbárach."

II

Ṫáinig ṗráṫnóna aoiḃinn i ndeiṗeaḋ an Aibṗeáin. Ḃí an t-aer glan ṗionnṗuar tar éir múir ḃáirtiġe. Ḃí polur iongantaċ ran doṁan ṫiar. Ḃí réir ċeoil ag na héanlaiṫ ran gcoill. Ḃí duan dá canaḋ ag na donnṗraċaiḃ ar an ṗráiġ. Aċt ḃí uaigneas ar ċṗoiḋe an ṁalṗraiġ agus é ag ṗanaċt leis na ṗáinleogaiḃ.

Cluineaḋ go hobann glór náṗ cluineaḋ ran áit ṗin le tuilleaḋ agus leiṫ-ḃliaḋain. Glór beag bíoeaċ. Glór ṗann ṗíor-ḃinn. Ceileaḃar mear meiḋṗeaċ, agus é neaṁ-ċoṁail le haon ċeileaḃar eile dá dtagann ó ġob éin. Le luas lasṗraċ ṫiomáin toirt beag ḋuḃ andeas. Í ag eiteall go háṗd ran aer. Ḋá ṗgiaṫán leaṫna láidṗe uiṗṫi. Déanaṁ gaḃláin ar a hiorball. Í ag geasṗraḋ na sliġeaḋ roimpi mar ṗaiġid a caiṫṗiḋe ar boġa. D'íṗliġ sí go hobann, d'ionntuiġ sí, d'éiriġ arís, d'íṗliġ is d'ionntuiġ arís. Annṗin ṗinne sí caol díṗeaċ ar eoġainín, í ag laḃairt i n-áṗd a ġoṫa, gur luiġ is gur neaduiġ sí i mbṗollaċ an ġaṗúiṗín tar éis a tairtil ṗada ó'n Doṁan Ṫeas.

"Ó! mo ġráḋ ṫú, mo ġráḋ ṫú!" arṗa eoġainín, 'gá tógáil ina ḋá láiṁ is 'gá pógaḋ ar an gcloigínín duḃ. "'Sé do ḃeaṫa ċugam ó na cṗíoċaiḃ coiṁiġ ṫeaċa! Ḃṗuil tú tuiṗṗeaċ tar éis t'aiṗtis uaigniġ ṫar talṫaiḃ agus ṫar ṗaiṗṗsíḃ? Óṗa, mo ṁíle ṁíle ġráḋ ṫú, a ṫeaċtaiṗe ḃig áluinn ó'n tír ina mbíonn sé

ina ṡaṁṗaḋ i gcoṁnaiḋe! Cá ḃfuil do ċompánaiġ uait? Nó céaṗd d'éiṗiġ ḋíḃ aṗ an mbóṫaṗ nó te naċ dtáinig ṗiḃ poiṁe ṗeo?"

An ṡaid iṗ ḃí ṗé ag labaiṗt maṗ ṗo leiṗ an ḃṗáinleoig, 'gá pógaḋ aṗíṗ iṗ aṗíṗ eile agus ag cuimilt a láiṁe go gṗáḋṁaṗ dá ṗgiaṫánaiḃ duḃ-ġoṗma, dá ṗgóṗnaċ beag deaṗg, agus dá bṗollaċ geal cluṫṁaṗ, ṡeol éinín eile andeaṗ agus ċuiṗling ina n-aice. D'éiṗiġ an dá éan ṗan aeṗ annṗin, agus 'ṗé an ċéad áit eile aṗ luiġ ṗiad ina neid ḃíg ṡéin a ḃí ṗoluiġṫe ṗan eiḋean a ḃí ag ṡáṗ go tiuġ aṗ ballaíḃ an tiġe.

"Tá ṗiad aṗ ṡáġáil ṗa deiṗeaḋ, a ṁáiṫṗín!" aṗṗa Eoġainín, agus é ag ṗiṫ iṗteaċ go lúṫġáiṗeaċ. "Tá na ṡáinleoga aṗ ṡáġáil ṗa deiṗeaḋ! Ṫáinig péiṗe anoċt—an péiṗe a ḃfuil a nead oṗ cionn m'ṡuinneoige-ṗe. Ḃéiḋ an ċuid eile ċuġainn i mbáṗaċ."

Ċṗom an ṁáṫaiṗ agus ṫeann ṗí léiṫi é. Annṗin ċuiṗ ṗí paidiṗ ċum Dé óṗ íṗeal, ag gaḃáil buiḋeaċaiṗ leiṗ aṗ uċt na ṡáinleoga a ṡeolaḋ ċuca. An laṗaiṗ a ḃí i ṡúilib an ṁalṗaiġ, ċuiṗṗeaḋ ṗí aoiḃneaṗ aṗ ċṗoiḋe máṫaṗ aṗ biṫ.

Ḃa ṡáṁ é codlaḋ Eoġainín an oiḋċe ṗin.

. . . . . .

Ṫáinig na ṡáinleoga i ndiaiḋ a ċéile anoiṗ—ina gceann iṗ ina gceann aṗ dtúṗ, ina bṗéiṗe iṗ ina bṗéiṗe annṗin, agus ṡá ḋeiṗeaḋ ina ṗgataíḃ beaga. Naċ oṗṫa a ḃí an t-áṫaṗ nuaiṗ a ċonnaic ṗiad an tṗean-áit aṗíṗ! An ċoill ḃeag agus an ṗṗuiṫleán ag gluaiṗeaċt tṗíṫi; an tṗáiġ ġeal ġainṁeaċ; na

ḟuinneoga a bí i n-aice an tiġe; an teach féin agus na ṡean-neadracha go díreach mar d'ḟágadar iad leiṫ-bliadain roiṁe sin. Ní raib aṫrugaḋ ar ṫada acht amáin ar an mbuacaill beag. Bí seisean níor ciúine agus níor míne ná bíoḋ. Ba ṁinice ina ḟuirde é 'ná ag siṫ leis féin ar fud na ngarranta mar ba ġnáṫach leis roiṁe sin. Níor cluineaḋ ag gáirde ná ag gabáil ḟuinn é ċoṁ minic is cluinti. Má ṫug na ḟáinleoga an méid seo fá deara, agus ní abróc-ainn nár ṫug, is cinnte go raib bród orṫa faoi.

Ċuaiḋ an raṁradaḋ ṫart. B'annaṁ a ċorruiġeaḋ Eoġainín amach ar an trráid, acht é ina ḟuirde go fárta ar ṁullach na haille ag féaċaint ar na ḟáinleogaib agus ag éisteaċt le n-a gceileabar. Ċaiṫeaḋ sé na huaireannta mar seo. Ba ṁinic ann é ó ṁoċ na maidne gur ṫáinig an "tráṫnóna gréine buirde"; agus ag dul isteaċ dó gaċ oiḋċe bíoḋ an-ċuimse sgéalta—sgéalta áilne iongantaċa—aige le n-innseaċt dá ṁáṫair. Nuair a ċeistniġeaḋ sise é fá na sgéaltaib seo, deireaḋ sé i gcoṁnaide léiṫi gurab ó na ḟáinleogaib d'ḟáġaḋ sé iad.

III

Ḃeannuiġ an ṗaġaṙt iṙteaċ tṙáṫnóna.

"Cia ċaoi ḃṙuil Eoġainín na nÉan an aimṙiṙ ṙeo, a Eiḃlín?" aṙ ṙeiṙean. ("Eoġainín na nÉan" a ḃí maṙ ainm aġ na malṙaċaiḃ eile aiṙ i nġeall aṙ an ġcion a ḃí aiġe do na héanlaiṫ).

"Muiṙe, a Aṫair, ní ṙaiḃ ṙé ċoṁ maiṫ le ṗadh an lá iṙ atá ṙé ó ṫáinig an ṙaṁṙaḋ. Tá luiṙne ina leiceann naċ ḃṙaca mé ann ṙiaṁ roiṁe."

Ḃṙeaṫnuiġ an ṗaġaṙt go ġéaṙ uiṙṫi. Ṫug ṙeiṙean an luiṙne ṙin ṗá deaṙa le tamall, aċt má ṫug, níoṙ ṁeall ṙí é. Ṫug daoine eile ṗá deaṙa ṙreiṙin í aġuṙ, má ṫug, níoṙ ṁeall ṙí iad. Aċt ba léiṙ ġuṙ ṁeall ṙí an ṁáṫaiṙ. Ḃí deoṙa i ṙúilib an tṙaġaiṙt, aċt ḃí Eiḃlín aġ ṗadhġaḋ na teineaḋ iṙ ní ṗaca ṙí iad. Ḃí toċt ina ġlóṙ nuaiṙ a laḃaiṙ ṙé aṙíṙ, aċt níoṙ ṫug an ṁáṫaiṙ ṗá deaṙa é.

"Cá ḃṙuil Eoġainín anoiṙ, a Eiḃlín?"

"Tá ṙé ina ṙuiḋe aṙ an aill amuiġ 'aġ cainnt leiṙ na ṗáinleoġaiḃ,' maṙ deiṙeann ṙé héin. Iṙ ionġantaċ an cion atá aiġe do na héiníníḃ ṙin. Ḃṙuil a ṙiop aġat, a Aṫair, céaṙd duḃaiṙt ṙé liom an lá ċeana?"

"Níl a ṙiop, a Eiḃlín."

"Ḃí ṙé 'ġá ṙáḋ ġuṙ ġeaṙṙ anoiṙ go mbéiḋ na ṗáinleoġa aġ imṫeaċt uainn aṙíṙ, aġuṙ aṙ ṙeiṙean liom go toibeann, 'Céaṙd a ḋéanṗá, a ṁáiṫṙín,' aṙ ṙeiṙean, 'dá n-éalóċainn-ṙe uaiṫ leiṙ na ṗáinleoġaiḃ?'"

"Agus céard dubairt tusa, a Eiblín?"

"Dubairt mé leis sguabaḋ leis amach agus gan a beiṫ 'gam' bodhrugaḋ. Aċt táim ag cuimhniugaḋ fuaṁ ó ṡoin ar an fud adubairt sé agus tá sé ag déanaṁ buaiḋeartha ḋom. Nárb' airteach an smaoineaḋ ḋó é, a Aṫair,—é imṫeaċt leis na fáinleogaiḃ?"

"Is iomḋa smaoineaḋ airteach ṫagas isteach i gcroiḋe páirte," arr' an sagart. Agus ṫug sé an dorras amach air féin gan focal eile a ráḋ.

. . . . . .

"Ag bhionglóidiġ mar is gnáṫaċ leat, a Eoġainín?"

"Ní heaḋ, a Aṫair. Tá mé ag cainnt leis na fáinleogaiḃ."

"Ag cainnt leo?"

"'Seaḋ, a Aṫair. Bímid ag cainnt le ċéile i gcoṁnaiḋe."

"Agus cogar. Céard a ḃíos sib a ráḋ le ċéile?"

"Bímid ag cainnt ar na crioċaiḃ i ḃfad uainn a mbíonn sé ina ṡaṁrad i gcoṁnaiḋe ionnta, agus ar na fairrgíḃ fiaḋáine san áit a mbáiṫtear na luingis, agus ar na caṫraċaiḃ aol-ġeala a gcoṁnuiġeann na ríġṫe ionnta."

Ṫáinig iongnaḋ a ċroiḋe ar an sagart mar ṫáinig ar an máṫair roiṁe sin.

"Tusa a ḃíos ag cur síos ar na neiṫiḃ seo agus iad-san ag éisteaċt leat, is corṁail?"

"Ní mé, a Aṫair. Iad-san is mó a ḃíos ag cainnt agus mise ag éisteaċt leo."

"Agus an dtuigeann tú a gcuid cainnte, a Eoġainín?"

"Tuigim, a Aṫair. Naċ dtuigeann tusa í?"

"Ní ġo ṗó-ṁaiṫ a ṫuiġim í. Déan áit dom ar an aill annṡin agus ṡuiḋṗiḋ mé tamall go míniġiḋ tú ḋom céaṙḋ bíoṙ ṡiad a ṗáḋ."

Suaṙ leiṙ an ṡaġaṙt aṙ an aill agus ḟuiḋ le haiṙ an ġaṙúiṙín. Ċuiṙ ṡé a láṁ ṡá n-a ṁuineál iṙ ṫoṙuiġ ag baint ċainnte aṙ.

"Míniġ ḋom céaṙḋ a bíoṙ na ṡáinleoġa a ṗáḋ leat, a Eoġaiṁín."

"Iṙ iomḋa ṗud a bíoṙ ṡiad a ṗáḋ liom. Iṙ iomḋa ṡġéal bṗeaġ innṡiġeaṙ ṡiad dom. An bṗaca tú an t-éiṁín ṡin a ċuaiḋ ṫaṙt anoiṙ díṙeaċ, a Aṫaiṙ?"

"Ċonnaiceaṙ."

"Sin í an ṡġéalaiḋe iṙ cliṙte oṙṫa aṙ ṡad. Tá a neaḋ ṡin ṡá'n eiḋean atá ag ṡáṙ oṙ cionn ṡuinneoiġe mo ḟeomṙa-ṡa. Agus tá neaḋ eile aici ṡan Doṁan Ṫeaṙ—aici ṡéin iṙ ag a céile."

"A' bṗuil, a Eoġaiṁín?"

"Tá—neaḋ beag áluinn eile na míltе iṙ na míltе míle aṙ ṡo. Naċ aiṙteaċ an ṡġéal é, a Aṫaiṙ?—a ṗáḋ go bṗuil ḋá ṫeaċ ag an bṗáinleoiġín agus gan againne aċt aon teaċ aṁáin?"

"Iṙ aiṙteaċ go deiṁin. Agus cia an ṡóṙt tíṙ ina bṗuil an teaċ eile ṡeo aici?"

"Nuaiṙ a ḋúnaim mo ḟúile ṡeicim tíṙ uaiġneaċ áiḋḃéil. Ṡeicim anoiṙ í, a Aṫaiṙ! Tíṙ iongantaċ uaṫṁaṙ. Níl ṡliaḃ ná cnoc ná ġleann innti, aċt í ina macaiṙe ṁóṙ ṡéiḋ ġainṁeaċ. Níl coill ná ṡéaṙ ná ṡáṙ innti, aċt an talaṁ ċoṁ lom le cṙoiḋe do boiṙe. Gaineaṁ aṙ ṡad. Gaineaṁ ṡá do ċoṙaiḃ. Gaineaṁ aṙ gaċ taoiḃ díot. An ġṙian ag ṡṙalṙaḋ oṙ do ċionn. Gan néall aṙ biṫ le ṡeiceál ṡan ṡṙéiṙ. É go han-te. Annṡo iṙ annṡúd tá ball beag ṡéaṙaċ

mar a beaḋ oileáinín i lár fairrge. Cúpla crann áṙo aġ fáṙ ar ġaċ ball aca. Faṙġaḋ ó ġaoiṫ aġuṙ ó ġréin aca. Feicim ar oileán de na hoileánaiḃ ṙeo aill áṙo. Aill ṁóṙ ṁillteaċ. Tá ṙġoilteaḋ inṙ an aill, aġuṙ inṙ an ṙġoilteaḋ tá neaḋ fáinleoiġín. Sin í neaḋ m'ḟáinleoiġín-ṙe."

"Cia d'innir an méid ṙeo ḋuit, a Eoġainín?"

"An ḟáinleoġ. Caiṫeann ṙí leaṫ a ṙaoġail inṙ an tír ṙin, í héin ir a céile. Ná aoiḃinn an ṙaoġal atá aca ar an oileáinín uaiġneaċ úḋan i lár na ḋíṫreibe! Ní ḃíonn ḟuaċt ná ḟliċe ann, ṙioc ná ṙneaċta, aċt é ina ḟaiṁṙaḋ i ġcoṁnaiḋe. . . . Aġuṙ ina ḋiaiḋ ṙin, a Aṫair, ní ḋéanann ṙiaḋ deaṙmaḋ ar a neiḋ ḃiġ eile annṙo i nÉirinn, ná ar an ġcoill, ná ar an ṙruṫán, ná ar na ḟuinnṙeoġaiḃ, ná orm-ṙa, ná ar mo ṁáṫair. Ġaċ bliaḋain ṙan earṙaċ cloiṙeann ṙiaḋ mar a beaḋ coġarnaiġil ina ġcluair 'ġá ṙáḋ leo ġo bḟuil na coillte fá ḋuilleaḃar i nÉirinn, ir ġo bḟuil an ġrian aġ deallṙuġaḋ ar na bántaiḃ, ir ġo bḟuil na huain aġ méiḋliġ, ir ġo bḟuilim-ṙe aġ ḟanaċt leo-ṙan. Aġuṙ ḟáġann ṙiaḋ ṙlán aġ a n-áṙuṙ ṙan tír ċoiṁiġṫiġ ir imṫiġeann ṙiaḋ ṙómpa ir ní ḋéanann ṙiaḋ ṙtaḋ ná coṁnaiḋe ġo ḃḟeiceann ṙiaḋ baṙṙ na ḃḟuinnṙeoġ uaṫa aġuṙ ġo ġcluineann ṙiaḋ ġlór na haḃann ir méiḋleaċ na n-uan."

Ḃí an ṙaġaṙt aġ éirteaċt ġo haiṙeaċ.

"Ó!—aġuṙ naċ ionġantaċ an t-airteaṙ aca é ó'n Doṁan Ṫeaṙ! Fáġann ṙiaḋ an maċaire móṙ ġainṁe ina ndiaiḋ aġuṙ na ṙléiḃte áṙda maola atá ar a imeall aġuṙ imṫiġeann ṙiaḋ ṙómpa ġo dtaġann ṙiaḋ ġo dtí an ṁuiṙ ṁóṙ. Amaċ leo ṫar an muiṙ

ag eiteall i gcomhnaidhe 'gcomhnaidhe gan tuirse gan traochadh. Feiceann siad síos uatha na tonntracha treathan-mhóra, agus na luingis ag treabhadh na dileann, agus na seolta bána, agus faoileáin agus cailleacha dubha na fairrge, agus iongantais eile nach bhféadfaimis cuimhniughadh ortha. Agus sgaitte éisgeann gaoth agus gála is feiceann siad na longa dá mbádhadh is na tonntracha ag éirghe i mullach a chéile; agus bíonn siad féin, na créatúirí, dá dtuarigain leis an ngaoith agus dá ndallad leis an mbáirtigh agus leis an sáile nó go mbaineann siad amach an tír fá dheireadh. Tamall dóibh annsin ag imtheacht rómpa agus iad ag féachaint ar fháirceannaibh féamhara is ar choilltibh barr-glasa is ar chruachaibh ceann-árda is ar lochaibh leathna is ar aibhneachaibh áilne is ar chathrachaibh bhreaghtha mar bhead i bhrictiúiríbh iongantacha agus iad ag bhreathnughadh ortha síos uatha. Feiceann siad daoine ag obair. Cluineann siad beithidhigh ag géimhnigh, agus páirtí ag gáirdhe, agus clogha dá mbualadh. Acht ní stadann siad acht ag síor-imtheacht nó go dtagann siad go bruach na mara arís, agus ní sos dóibh annsin go mbuaileann siad tír na hÉireann."

Lean Eoghanín air ag labairt mar seo ar feadh i bhfad, an sagart ag éisteacht le gach focal dá ndubairt sé. Bíodar ag seanchus nó gur thuit an dorchadas agus gur ghlaoidh an máthair isteach ar Eoghanín. Chuaidh an sagart a bhaile ag machtnamh dó féin.

IV

D'imṫiġ an Luġnaṡa agus an Meadon Fóġmair. Ní an Deireaḋ Fóġmair leaṫ-ċaiṫṫe. De réir mar ḃí na laeṫeannta ag dul i ngiorraċt ḃí Eoġainín ag éirġe ní ba ḃróndaiġe. B'annaṁ a laḃruiġeaḋ ré le n-a ṁáṫair anois, aċt gaċ oiḋċe roiṁ ḋul a ċodlaḋ ḋó ḟóġaḋ ré go dtí agus go díoċraċ í agus deireaḋ ré—

"Ġlaoiḋ orm go moċ ar maidin, a ṁáiṫrín. Is beag an ṡrár atá agam anois. Béiḋ siad ag imṫeaċt gan mórán moille."

Ġealuiġ lá áluinn i lár na míosa. Go luaṫ ar maidin ṫug Eoġainín fá deasa go raiḃ na ṡáinleoga ag cruinniuġaḋ le ċéile ar ḃarr an tiġe. Níor ċorruiġ sé ó n-a ḟuiḋeaċán ar feaḋ an lae sin. Ag teaċt isteaċ ḋó trátnóna, ar seisean le n-a ṁáṫair—

"Béiḋ siad ag imṫeaċt i mbárraċ."

"Cá ḃfuil tuit, a ġráḋ ġil?"

"Duḃairt siad liom indiu é. . . . A ṁáiṫrín," ar seisean arís, tar éis sgaṫaiṁ ḋó ina ṫosc.

"Céard é héin, a leanḃín?"

"Ní ḟéadfaiḋ mé fanaċt annso nuair a ḃéar siad imṫiġṫe. Caiṫfiḋ mé imṫeaċt i n-éindiġ leo . . . go dtí an tír ina mbíonn sé ina ḟaṁsaḋ i gcoṁnaiḋe. Ní ḃeiṫeá uaigneaċ dá n-imṫeoċainn?"

"Ó! a stóir, a ṁíle stór ṫú, ná laḃair mar sin liom!" arsa' an ṁáṫair ag breiṫ air agus 'ḡá ḟárgaḋ le n-a croiḋe. "Níl tú le éalóḋ uaim! Ar ndóiġ

ní ḟáġfá do ṁáiṫrín agus imṫeaċt i ndiaiḋ na ḃfáinleoġ?"

Ní dubairt Eoġainín focal aċt í ḟóġaḋ arís is arís.

• • • • • •

Ġealuiġ lá eile. Ḃí an buaċaillín beag ina ḟuiḋe go moċ. Ó ṫús lae ḃí na céadta fáinleoġ bailiġṫe le ċéile ar ṁullaċ an tiġe. Ó am go ham d'imṫiġeaḋ ceann nó péire aca agus d'ḟilleaḋ arís, mar ḃeidís ag bheaṫnuġaḋ ar an aimsir. Fá ḋeireaḋ d'imṫiġ péire is níor ḟill siad. D'imṫiġ péire eile. D'imṫiġ an tríoṁaḋ péire. Ḃí siad ag imṫeaċt i ndiaiḋ a ċéile annsin go dtí nár ḟan aċt aon sgata beag aṁáin ar stuaic an tiġe. Ḃí an péire a ṫáinig ar dtús an tráṫnóna earraiġ úd sé mí roiṁe sin ar an sgata beag so. Is corṁail go raiḃ leisge orṫa an áit ḟágáil.

Ḃí Eoġainín 'gá ḃfaireaḋ ó'n aill. Ḃí a ṁáṫair ina seasaṁ len' air.

D'éiriġ an sgata beag éinín san aer agus ṫugadar aġaiḋ ar an Doṁan Ṫeas. Ag imṫeaċt doiḃ ṫar ḃarr na coille d'ḟill péire ar air,—an péire a raiḃ a nead or cionn na ḟuinneoige. Anuas leo ó'n speir ag déanaṁ ar Eoġainín. Ṫart leo annsin, iad ag eiteall i n-aice leis an talaṁ. Ċuimil a sgiaṫáin de ġruaiḋ an ġarúirín agus iad ag sguabaḋ leo ṫairis. Suas leo san aer arís, iad ag labairt go bhónaċ, agus ar go bráṫ leo i ndiaiḋ na coda eile.

"A ṁáṫair," arsa Eoġainín, "tá siad ag glaoḋaċ orm. 'Teasa uait go dtí an tír a mbíonn an ġrian ag soillsiuġaḋ i gcoṁnaiḋe ann,—teasa uait, a

Eoġainín, ṫar na ḟairrġiḃ ḟraoċḋa go dtí tír an tsoluis,—teasda uait, a Eoġainín na nÉan!' Ní ḟéadaim iad a eiteaċ. Beannaċt agat, a ṁáiṫrín,—mo ṁíle míle beannaċt agat, a ṁáiṫrín mo ċroiḋe. Táim ag imṫeaċt uait . . . ṫar na ḟairrġiḃ ḟraoċḋa . . . go dtí an tír ina mbíonn sé ina ḟaṁrad i gcoṁnaiḋe."

Leig sé a ċeann siar ar ġualainn a ṁáṫar agus ċuir sé osnaḋ ar. Cluineaḋ gol mná ins an áit uaignid úd—gol máṫar ag caoineaḋ a páirte. Bí Eoġainín imṫiġṫe i bproċais na bfáinleog.

. . . . . .

Ċuaiḋ an póġṁar is an geiṁreaḋ ṫart agus bí an t-earrach ar fáġáil arís. Bí na coillte fá duilleaḃar, is na huain ag méiḋliġ, is an ġrian ag deallramuġaḋ ar na dántaiḃ. Tráṫnóna glórṁar san Aibreán ṫáinig na fáinleoga. Bí solus iongantaċ ag bun na speiṙe san iarṫar mar bí bliaḋain an taca sin. Bí séis ċeoil ag na héanlaiṫ san gcoill. Bí duan dá canaḋ ag na tonntraċaiḃ ar an tráiġ. Aċt ní raiḃ aon ġarúirín fionn-bán ina ḟuiḋe ar ṁullaċ na hailte fá sgáṫ na bruinnreog. Isteiġ ins an teaċ bí bean aonraic ag caoi coir teineaḋ.

" . . . 'S a ṁaicín ṁúirniġ," ar sise, "feicim na fáinleoga ċugam arís, aċt ní ḟeicfiḋ mé tusa ċugam go deo."

Ċuala na fáinleoga í agus iad ag dul ṫar an doras. Níl a ḟios agam an gcuala Eoġainín í, mar bí sé na míltе míle i gcéin . . . ins an tír ina mbíonn sé ina ḟaṁrad i gcoṁnaiḋe.

Dánta

Crónán Mná Sléibe

A ċinnín óir, a ċoinneall mo ṫiġe-se,
Déanfair eolas dá siubhlann an tír so.

A bhéilín buig do dheol m.o ċíoċa,
Pógfaidh Muire tú ar a sliġe dhí.

A ġruaidh bheag ċruinn is séimhe 'ná síoda,
Leagfaidh Íosa a láimhín mín ort.

Pógfa Muire ar bhéilín mo naoidhe-se,
Láimhín Ċríost ar leacain mo laoiġ bhig!

Bí ciúin, a ṫeaċ, 's a luiċíní liaṫa,
Comhnuiġidh anoċt in bhur gcuasaidh iadhta.

A leomhana ar an bhfuinneoig, fillidh bhur sgiaṫa,
Corgaidh bhur gcrónán, a ċuileoga ciara.

A ḟeadóg 's a ċrotaiġ, ṫar mo ṫeaċ ná tsiallaidh,
Ná labair, a ċadhain, ag dul ṫar an sliabh so.

A dhúile an tsléibe dhúisiġeas go hiar-mhoċ,
Ná coisnuiġidh anoċt go ngealaidh grian dhíbh!

Bean tSléibe ag Caoineadh a Mic

Brón ar an mbás, 'sé dubh mo chroidhe-se:
D'fhuadaigh mo ghrádh is d'fhág mé claoidhte,
Gan carraid gan compánach fá dhíon mo thighe-se
Acht an léan so im' láir, is mé ag caoineadh!

Ag gabháil an tsléibhe dom tráthnóna
Do labhair an éanlaith liom go brónach,
Do labhair an naosgh binn 'sa an chrotach glórach
Ag fairsnéis dom gur éag mo shtórach.

Do ghlaoidh mé ort is do ghlór ní chualas,
Do ghlaoidh mé arís is fhreagra ní bhfuarras,
Do phóg mé do bhéal, is a Dhia, nárbh' fhuar é!—
Och, is fhuar í do leaba sa gcillín uaigneach.

'S a uaigh fhód-glas 'na bhfuil mo leanabh,
A uaigh chaol bheag, ó's tú a leaba,
Mo bheannacht ort, 's na míltе beannacht
Ar na fhóidibh glasa atá os cionn mo pheata.

Brón ar an mbás, ní fhéidir a fhéanadh,
Leagann sé úr is chríon le chéile,—
'S a mhaicín mhánla, is é mo chéasadh
Do cholainn chaomh 'bheith ag déanamh chréafóig'!

A éin ḃíg

[Gealḃan do ḟuaraṡ ar lic mo ḋoraiṡ lá geimḣriḋ agus é marḃ.]

A éin ḃíg!
Ḟuar liom do luiġe ar an lig:
A éin náṡ ṡmuain riaṁ olc,
Truaġ triall an ḃáis ort!

Cad Ċuige Ḋíḃ dom' Ċiapaḋ?

Cad ċuige ḋíḃ dom' ċiapaḋ, a ṁiana mo ċroiḋe?
Dom' ċiapaḋ ir dom' ḟianaḋ de ló ir d'oiḋċ',
Dom' ḟiaḋaċ mar do fiaḋóċaiḋe fiaḋ boċt ar ḟliaḃ,
Fiaḋ boċt fad-tuirreaċ 'r an ċonairt ina ḋiaiḋ?

Níl ruaiṁnear dom' ḟianar i n-uaigneas na gcnoc,
Aċt uall-ġáir na ḃfiaḋaiḋe go huaṫṁar le clor,
Uall-ġáir mo ṁian-ra dom' ḟiaḋaċ gan fháf,—
'S a ċona chaor-ḟiacláċa, ir fada ḃur fáf!

Níl fáraṁ i ndán dom' ṁianaiḃ lem' fé,
Óir ní fáraṁ an fáraṁ do ṁianar indé,
'S ir ciocraiġe an ċonairt de'n tráraṁ do fuair,—
'S go fíorraiḋe ní ċodlóċad go gcodluiġead fan uaiġ.

A ṁic ḃíg na gcleas

A ṁic ḃíg na gcleas,
Is maiṫ is feas dom
Go ndeasnais mí-ghníoṁ:
Can go fíos do loċt.

Maiṫim ḋuit, a leinḃ
An ḃéil deisg ḃuig:
Ní ḋaoṙfas liom neaċ
Ar ṗeacaḋ nár ṫuig.

Do ċeann maiseaċ tóg
Go bpógad do ḃéal:
Má's feisṙde aon dínn sin,
Is feisṙde mise é.

Tá cuṁṙaċt id' ṗóig
Naċar fríṫ fós liom
I bpógaiḃ na mban
Ná i mbalsam a gcorp.

A ṁic na sosg nglas,
An lasais sin id' ghúis
Dem' uaṁan ḃeaḋ bán
Dá léigfeá mo súin.

An té 'gá ḃfuil mo súin,
Ní fiú é teagṁáil leat:
Naċ tsuag an dáil sin,
A ṁic ḃíg na gcleas?

A Ċinn Áluinn

A ċinn áluinn na mná do ġrádaṙ,
I láṙ na hoiḋċe cuiṁniġim oṙt:
Acht ṙilleann léaṙġuṙ le ġile ġréine,—
Mo léan an ċnuṁ ċaol dod' ċnaoi anoċt

A ġlóiṙ ionṁuin dob' íṙeal aoiḃinn,
An ṙíoṙ go gcualaṙ tṙém' ṙuanaiḃ tu?
Nó an ṙíoṙ an t-eolaṙ atá dom' ḃeo-ġoin?
Mo ḃṙón, ṙa tuamba níl ṙuaim ná gut!

Fada liom do ṫeaċt

Fada liom do ṫeaċt,
A ṡean-eaċlaiġ Dé,
A ċara na gcarad,
Dom' ṡgarad̀ lem' ṗéin.

A ṡiolla ar an ngaoiṫ,
A ċoirceim naċ trom,
A láṁ ran doirċeaċt,
Ḃur dteaċt is fada liom.

Rann do Rinnear

Rann do rinnear in mo ċroiḋe
Do'n ṡiorṗe, do'n ár-ṡíġ,
Rann do rinnear do mo ġráḋ,
Do ṡíġ na ṡíoġ, do'n tṙean-ḃár:

Ġile liom 'ná ṙoillṙe lae
Doiṙċeaċt do tiġe gíḋ duḃ-ċṙé;
Ḃinne liom 'ná ceol na ṙtoc
Ciúineaṙ do tiġe 'ṙ a ṡíoṙ-toṙt.

Do Leanb Ionmuin

A béil ġáirġ, ir é ċrádar mé
Go mbiaiḋ tú ag caoi;
A ġné álainn, ir é mo ċár-ṡa
Go liaṫfaiḋ do lí.

A ċinn uarail, ataoi uaibṡeaċ,
Aċt cromfair le brón;
'S ir ní ṫruaġmar bím do ṫuar duit,
Nuair bronnaim ort póg.

Níor Cruinnigeadh Liom-sa Ór

Níor cruinnigeadh liom-sa ór;
An clú do fríth liom, d'fheodh;
San ngrádh do fuasar bróin
Mo ṡaoghal do ṡeirg:

De ionnmhus ná de ghlóir
Ní ṡágfad in mo dheoidh
(Liom-sa, a Dhia, is leor)
Acht m'ainm i gcroidhe leinn.

Mise Éire

Mise Éire:
Sine má ioná an Ċailleaċ Béarra.

Mór mo ġlóir:
Mé do fuġ Cú Ċulainn cróda.

Mór mo náir:
Mo ċlann féin do díol a máṫair.

Mise Éire:
Maireaġe mé ioná an Ċailleaċ Béarra.

Fornocht do Chonnac Tu

Fornocht do chonnac tu,
A áille na háille,
Is do ḃallar mo ṡúil
Ar eagla go ṡtánfainn.

Do ċualar do ceol,
A ḃinne na binne,
Is do ḃúnar mo ċluar
Ar eagla go gcluifinn

Do ḃlaiṡear do ḃéal,
A ṁilṡe na milṡe,
Is do ċruaḋar mo ċroiḋe
Ar eagla mo ṁillte.

Do ḃallar mo ṡúil,
Is mo ċluar do ḃúnar,
Do ċruaḋar mo ċroiḋe
Is mo ṁian do ṁúcar;

Do ṫugar mo ċúl
Ar an airling do ċumar,
'S ar an ṗóg ro ṗoṁam
M'aġaiḋ do ṫugar.

Do ṫugar mo ġnúis
Ar an ṗóg ro ṗoṁam,
Ar an ngníoṁ do-ċím
'S ar an mbár do-ġeoḃad.

Teaċt Ċríort

Do ġlanar mo ċroiḋe anoċt
Aṁail ṁnaoi do ġlanfaḋ a teaċ
Roiṁ ṫeaċt d'á leannán d'á fior:
A leannáin, ná téiṁiġ ṫart!

Do leaṫar dorar mo ċroiḋe
Aṁail ḟear do-ġéanaḋ fleaḋ
Ar ṫeaċt i gcéin d'á ṁac:
A Ṁic, ir áluinn do ṫeaċt!

An Doiro Féinne

'Sé do beatha, a bean ba léanmhar:
Do b'é ar gcreach do beir i ngéibeann,
Do dúthaig breagh i reilb méirleach,
'S tú díoltas leis na Gallaib.
Óró, 'sé do beatha a baile,
Óró, 'sé do beatha a baile,
Óró, 'sé do beatha a baile,
Anois ar teacht an tramhraid.

A buide le Dia na bfearsa go bfeiceam,
Muna mbímid beo 'na diaidh acht seachtmain,
Sráinne Mhaol is míle gaisgideach
Ag fógairt fáin ar Ghallaib.
Óró, 'sé do beatha a baile,
Óró, 'sé do beatha a baile,
Óró, 'sé do beatha a baile,
Anois ar teacht an tramhraid.

Tá Sráinne Mhaol ag teacht tar fáile,
'S fianna Fáil 'na mbuidin ghárda,
Gaedhil féin 's ní Fhainneaig ná Sráinnigh,
Is fuagairt ar na Gallaib!
Óró, 'sé do beatha a baile,
Óró, 'sé do beatha a baile,
Óró, 'sé do beatha a baile,
Anois ar teacht an tramhraid.

Ó! 'Ḃean an Tiġe

Ġo ṗáṗaṙ na ḟṙainnce ḋo ċuaḋaṙ ḋem' ṗuaiġ
(Beiṫ Boney i nÉiṙinn le ṗáinne an lae,)
Ġuṙ ċaiṫeaṙ ann ṙeaċtmain iṙ ṗáiṫe aṙ ċuaiṙḋ.
(Iṙ ó! 'ḃean an tiġe, naċ binn é mo ṙġéal.)

Cia caṙṗaiṙḋe ḋom ṫall aċt an ṗaṙaiṙe buan,
(Beiṫ Boney i nÉiṙinn le ṗáinne an lae,)
Wolṗe Tóne ḋo ċlann Ṡaṙan le ṗaḋa ṫuġ ṗuaṫ.
(Iṙ ó! 'ḃean an tiġe, naċ binn é mo ṙġéal.)

A láṁ in mo láṁ-ṙe ġo ḋaingean ḋo ḃuail
(Beiṫ Boney i nÉiṙinn le ṗáinne an lae,)
Iṙ ḋ'ḟóġaiṙ ḋeaṙġ-ċoġaḋ aṙ Ġallaiḃ an uaḃaiṙ.
(Iṙ ó! 'ḃean an tiġe, naċ binn é mo ṙġéal.)

Tá loingeaṙ na ḟṙainnce aṙ ṙnáṁ aṙ an ġcuan,
(Beiṫ Boney i nÉiṙinn le ṗáinne an lae,)
Aṙ Éiṙinn a ḋṫṙuall ṗoiṁ ṁaiḋin Ḋia Luain.
(Iṙ ó! 'ḃean an tiġe, naċ binn é mo ṙġéal.)

Ġo éiṙleaċ iṙ ṙġaiṗeaḋ, ṗán ṗaḋa iṙ ṗuaiġ
(Beiṫ Boney i nÉiṙinn le ṗáinne an lae,)
Aṙ Ġallaiḃ na cṙuinne, iṙ oiċ linn an ṙġuain.
(Iṙ ó! 'ḃean an tiġe, naċ binn é mo ṙġéal.)

Airtiúe ar an "mbarr buaḋ"

Príoṁ-altanna

Ċum fuiġliġ Ġaeḋeal an méid so

(16 Márta, 1912)

I n-Ainm Dé.

Áit do'n ifirleaḃar fo Baile Áṫa Cliaṫ Duiḃlinne. Aimfir ḋó an ḃliaḋain fo d'aoir an Tiġearna míle naoi gcéad agus a dó-ḋéag, agus indiu an feifeaḋ lá déag de ṁí na Márta. Luċt fcríoḃṫa agus eagair ḋó dfong beag de Ġaeḋealaiḃ le n-ar ionṁuin a n-aṫarḋa agus le n-ar fcorn a gceart dúṫċair do ḋíol. Fáṫ a fcríoḃṫa agus a ċraoḃ-fcaoilte do ċáċ ċum mirneaċ Gaeḋeal do ṁúrcailt.

Léiġtear irna laoiṫiḃ Fiannaiḋeaċta, an uair do ḃíoḋ caḃair na Féinne de ṫíṫ ar Fionn ar mbeiṫ ḋó i nguair nó i ngáḃaḋ, gurab é do-ġníoḋ an Barr Buaḋ do ġaḃáil ċuige agus a ḟeinnm go hárd ceol-ṁar ag gairm ċuige na Féinne ar gaċ áird dá mbíḋir. Agus ar ċlor dóiḃ goṫa ġlan-ḃinn na haḋairce rin do ṫigeaḋ feaċt gcaṫa na Féinne agus feaċt gcaṫa na gnáṫ-Féinne ina gcaṫaiḃ agus ina gcirpíḃ agus ina mbuiḋniḃ beaga do ċaḃair a dtriaiṫ, agus ní fraḋaḋ cor díoḃ agus ní lagaḋ mirneaċ aca go mbeiṫ dóiḃ ar aon láṫair timċeall Finn. Is é baḋ ṁian linne de'n dul fo .i. an "Barr Buaḋ" fo do ġaḃáil ċugainn agus a ḟeinnm or árd ag gairm ċugainn fuiġliġ Ġaeḋeal.

AISTIÚE AS AN "mBARR BUAÐ"

D'imṫiġ an ḟiann agus sliocṫ na ḟéinne, agus is cruaġ an t-iarsma d'ḟágadar ina ndiaiḋ. Dá searḟaḋ ḟionn ar Almain Laiġean indiu nó ar ṁullaċ Beinne hEadair, agus an Barr Buaḋ do ḟeinnm aṁail do ḟeinneaḋ tráṫ, ní bḟuiġeaḋ d'ḟreagra aċt búireaḋ bó ar ṁaġaiḃ Ó bḟáilġe nó faoiḋ faoileáin or fairrge. Is ró-baoġalaċ naċ bḟuiġimíd-ne d'ḟreagair aċt na glórṫa balba céadna nó b'ḟéidir glórṫa níor baoiṫe fós. Aċt seinnfimíd an "Barr Buaḋ" so bíoḋ naċ bḟreagróċaiḋ an ċoṁġairm aċt duine.

Is aṁlaiḋ atá Gaeḋil na haimsire so agus a bḟurṁór ceannuiġṫe ag Gallaiḃ. Ní heol dóiḃ gurab aṁlaiḋ atá, aċt is eaḋ. Táid tar éis a ndíoltá féin ar ór agus ar airgead nó ar luaċ óir agus airgid. Tá an fear raiḋḃir tar éis é féin do ḋíol ar ṁórán, agus tá an fear daiḋḃir tar éis é féin do ḋíol ar beagán. Do ḋíol duine aca é féin ar ḟeirm talṁan, duine eile ar bearr i seirḃís Ríoġ Ṡasan, duine eile fós ar ḟuim bíġ airgid gaċa seaċtṁaine, agus mar sin díoḃ. Is gairid go mbéiḋ gaċ fear foirḃṫe dá bḟuil beo i gcríoċaiḃ Fáil fá ṫuarastal ag Gallaiḃ, agus gaċ sean-duine caiṫṫe ag glacaḋ pinsiúin. Cá bḟeirrde Éire nó Gaeḋealtaċt Éireann an ní ar a dtugtar Home Rule do bhonnaḋ ar ḋream atá ceangailte do Ġallaiḃ le slaḃraḋ óir?

Is baoġalaċ naċ saoirse atá ó n-a lán dá n-iarrann Home Rule, aċt síoṫċáin agus muinnteardar le Gallaiḃ. Ní ṫuigid saoirse. Ní ṁianaid saoirse. Síoṫċáin atá uaṫa, agus raiḋḃear. Na teaċtairí do raċaḋ ċuca dá ngairm ċum éirġe amaċ ag iarraiḋ

aoiṗṗe, ir é baḋ ḋóiċiġe ḋóiḃ an ní do ṫáṗla do na teaċtaiṗíḃ do ċuaiḋ amaċ ag gaiṗm ċum na ṗleiḋe na ndaoine do ṗuaiṗ cuiṗeaḋ ó'n Tiġeaṗna de ṗéiṗ maṗ léiġteaṗ ṗa Soiṗcéal, .i. a ndiúltuġaḋ: "Do ċeannuiġeaṗ ṗeaṗann agus ir éigin dom dul dá ṗéaċaint." "Do ċeannuiġeaṗ cúig cuing do ḃeiṫiḋ-eaċaiḃ agus caiṫṗeaḋ dul dá ndeaṗḃaḋ." "Do ṗóṗaṗ bean, agus aṗ an áḋḃaṗ ṗin ní ṗéidiṗ liom teaċt."

Tá dṗong ḃeag de Ġaeḋealaiḃ naċ ḃṗuil ceannuiġṫe ṗóṗ agus ir ċuca ṗin atáimíd. An ṗlaḃṗaḋ úd aṗ aṗ ṫṗáċtamaṗ, ir ṗéidiṗ a ḃṗiṗeaḋ. BRISTEAR ÓR LE HIARANN. Ró-ṁinic dáṗ dtaoiṗeaċaiḃ ag molaḋ ṗíoṫċána.

AN NDÍOLṖAR ÉIRE?

(23 MÁRTA, 1912)

Tá Éiṗe i gconntaḃaiṗt a díolta. Ní hé ṗin é aṁáin. Tá ṗí i gconntaḃaiṗt a díolta agus gan aon deaṗḃaḋ againn go n-íocfaṗ an luaċ aiṗgid aṗ a ḃṗuiltear agá díol. "Ná caiṫiḋ ċum na conaiṗte mé," adubaiṗt Parnell le Gaeḋealaiḃ, "go ḃṗuiġiḋ ṗiḃ an luaċ aiṗgid aṗ a ḃṗuil ṗiḃ dom' díol." Níoṗ éirteaḋ leiṗ. Do caiṫeaḋ ċum na conaiṗte é agus do ṗṗiacaḋ ó n-a ċéile é. An luaċ aiṗgid aṗ aṗ díolaḋ é níoṗ ṗríṫ ṗóṗ é. Ir maiṗg do-ġní an t-olc agus ḃíoṗ boċt ina ḋiaiḋ. Aċt dá uaṫḃáṗaiġe an ċoiṗ do ṗinne Gaeḋil an t-am ṗin ir baoġalaċ ḋóiḃ coiṗ níoṗ uaṫḃáṗaiġe do ḋéanaṁ anoiṗ. Do díoladaṗ a gcaṗa an uaiṗ ṗin maṗ ċomaoin aṗ a naṁaid.

Is é a n-anam féin atá ar an marbhadh de'n dul so agus cuid aca féidh cum a díoltha ar ghéall nach bfuil aon dearbhadh aca go gcoimhlíonfar go deo é.

An dream úd atá agá ghabáil le n-a n-air go mbéidh Gaeðil dílis do choróin Sasan acht fear do beith aca fá ceannus Feirse Gall, cíteas dúinn go bfuilid ag díol cirt dúthchais Gaeðeal i n-airce. Adubhramar, tá seachtmain ó shoin ann, gurab í coir Éireann do bí dá déanamh aca. Acht níl ciall Éireann féin aca. Do díol Éireann a cearta dúthchais ar beagán brochán. Do fuair sé an brochán agus do bí sách sáimhlíonta. Acht ní heol d'éinne fós an bfuighidh Gaeðil an brochán ar a bfuilid ag díol a n-athardha. Nár thuag a gcár dá bhásfaidhe gan chlú gan chuid iad?

Dá mbaðh fios go mbeaðh Gaeðil dílis do choróin Sasan acht mion-fear do beith aca, níos ghábhadh dóibh beith dílis roimh sé. Acht ní fios. Béidh cuid díobh dílis go deo fá mar atáid anois. Is dócha go mbéidh a thuilleadh dílis an uair laighead dóchas ar a leathtrom agus an uair béar cumhacht agus faidhbhear aca. Acht tá dream anseo nach mbéidh dílis do choróin Sasan go bruinn an bhráta. Béidh an dream sin ag bailiughadh Gaeðeal n-ós chuca ó ló go ló agus ó bliadhain go bliadhain. Má's mar sin atá, ní cearta a mhalairt do chur ina luighe orainn féin ná ar éinne eile. Ná ceilimís an fírinne dá bhfuighimís Éire air.

Tá gábhadh le buidhin Gaeðeal do chornóchadh oineach ar gcine sa gcath atá romhainn agus go mór-mhór sa fhothchán béar ann tar éis an chatha má's do Gaeðealaib is treise sa gcath. Do chuirfimís trí ní mar dhualgas ar a leithéid sin de buidhin dá mbeadh sí ann. An chéad ní díobh, lucht na Gaeðilghe do bailiughadh

do ċongnaṁ Gaeḋeal sa gcaṫ, óir ir iad luċt na Gaeḋilge ir ḋílse de ċlannaiḃ Gaeḋeal agus ir iad ir aoirde aigneaḋ agus ir géire intinn dá maireann dár gcine. An dara ní ḋíoḃ, má cuirtear feir ar bun i nÉirinn, buiḋean Ġaeḋeal naċ ḃfuil ceannuiġte agus naċ féidir a gceannaċ do ḃeiṫ ar an ḃfeir sin ó ṫúr, buiḋean ḟearfar ar son cirt Ġaeḋeal i n-aġaiḋ Gall agus Gall-Ġaeḋeal na cruinne. Nó, an tríar ní ḋíoḃ, má ṫeireann orainn an ḟeir sin do ḃaint amaċ de'n iarraċt so, Gaeḋil do ġairm ċum éirġe agus gan stadaḋ dá ngríoraḋ go mbéiḋ ina ċogaḋ ċraosrag ar fud na hÉireann.

Dá mbeaḋ buiḋean dá laiġeaḋ ann agus iad ar aon aigneaḋ i dtaoiḃ an ṁéid sin baḋ tuar buaiḋte do Ġaeḋealaiḃ é.

An ḃearna ḃaoġail

(30 Márta, 1912)

Aduḃramar, tá seaċtṁain ó ṡoin ann, go ḃfuil gáḃaḋ le buiḋin ḃig Ġaeḋeal le dul sa mbearnain ḃaoġail. Tá caṫ roṁainn. Ní fior d'éinne fós aċt amáin do Ḋia na ḃfearr cia aca ar Ġaeḋealaiḃ nó ar Ġallaiḃ bhfeasar an caṫ sin. Gaċ caṫ dá deaċaiḋ Gaeḋil ann le trí céad bliaḋain ir orṫa do bhfeaḋ. "Bhfeaḋ na Cruiminne ir bhfeaḋ na Ḃóinne, 'S an tríoṁaḋ bhfeaḋ ag Móta Ġráinne Óige, An ceaṫraṁaḋ bhfeaḋ i nEaċdhruim Ḋia Doṁnaiġ, 'S buaileaḋ buille trom orainn ag Tobar an Doṁnaiġ." Níl annsin aċt túr an áirṁ. Bhfeaḋ '98 agus bhfeaḋ 1803, bhfeaḋ '48 agus bhfeaḋ '67, bhfeaḋ

'86 agus bhfuaid '93, bhfuaid 1907 agus bhfuaid 1912 (má'r bhfuaid béar ann). Is fada an t-áiseamh é. Acht nach cuma? Bíodh go bhfuil bhfuaid agus bhfuaid eile fós fomhainn, caithfear aghaidh do thabhairt ar an gcath arís agus arís eile. Nó go mbhfuthfear fa deiseadh ar Ghallaibh béidh ar Ghaedhealaibh dream do chur ar Áth an Fhorfhaise, agus béidh gábhadh le buidhin Ghaedheal le dul fa mbeathnain bhaoghail.

An cath atá fomhainn anois, is geall le bhfiathar-chath é. Mar adubhramar fomhainn ní fios d'éinne cia an chríoch bhéar air. Na bhfiathar-chatha do bhíodh ann fad ó, do b'annamh gan arm-chath ina ndiaidh. B'fhéidir gur mar sin do bhead de'n dul so freisin. Bíodh Ghaedhil ullamh.

Is amhlaidh atá ar dtaoisigh fá láthair agus dhochmhuinighin aca ar Ghaedhealaibh agus a fearamh ar Ghallaibh. Ní maith leo Ghaedhil dá gcomhairliughadh, acht fulaingidh Gaill dá ndallad. Tá dream díobh agus iad ar a nglúnaibh roimh Ghallaibh. Do ghabhamar leabhrán an tseachtmhain so do scríobh Diarmuid Mac an Bheatha, feisire. I n-urchoradh an leabhráin sin léighfear na focla so: "Ní tiubhrar i gceirt ceannur feise na hImpireachta, agus ní féidir a thabhairt i gceirt." Adeirimíd-ne go dtiubhrar i gceirt ceannur feise na hImpireachta ó'n gcéad lá fuirdhear feir Ghaedheal. Adeirimíd nach bhfuil aon ughdarthár ag Diarmaid Mac an Bheatha a ráidh nach dtiubhrar. Adeirimíd gurab é atá dá dhéanamh aige .i. ceart dúthchair Ghaedheal dá dhíol i n-airce.

Is léir ó'n méid sin go bhfuil gábhadh le buidhin chornóchar oineach Ghaedheal fa gcath agus go mórmhór, mar adubhramar tá seachtmhain ó shoin ann, fa fiothchain béar ann tar éis an chatha; óir dá bhaoghal-

aiġe an cać ir baoġalaiġe go mór an tríoṫċáin Níor ċaill Ġaeḋil riaṁ i gcać aċt a mbeaṫa. Ir minic do ċailleadar a n-oineaċ ra ror caṫa.

Do ċuirfimíd, de réir mar adubramar ċeana, trí neiṫe de ṁór-ualaċ ar a leiṫéid rin de buiḋin: "An ċéad ní ḋíoḃ, luċt na Ġaeḋilge do bailiuġaḋ do ċongnaṁ Ġaeḋeal ra gcać, óir ir iad luċt na Ġaeḋilge ir dílre de ċlannaiḃ Ġaeḋeal agur ir iad ir aoirde aigneaḋ agur ir géire intinn dá mairean dár gcine. An dara ní ḋíoḃ, má cuirtear feir ar bun i nÉirinn, buiḋean Ġaeḋeal naċ bfuil ceannuiġṫe agur naċ féidir a gceannaċ do beiṫ ar an bfeir rin ó ṫúr, buiḋean ḟearfar ar ron cirt Ġaeḋeal i n-aġaiḋ Gall agur Gall-Ġaeḋeal na cruinne. Nó, an tréar ní ḋíoḃ, má ṫeireann oraiṁ an ḟeir rin do baint amaċ de'n iarracht ro, Ġaeḋil do ġairm ċum éirġe agur gan rtaonaḋ dá ngríoraḋ go mbéiḋ ina ċoġaḋ ċraoraġ ar fud na hÉireann."

NÍ SÍOṪĊÁIN GO SAOIRSE

(6 Aibreán, 1912)

Tuar buaiḋe agur tuar buaiḋearṫa coṁċruinniuġaḋ an Doṁnaiġ.[1] Tuar buaiḋe rluaiġṫe fear nÉireann cruinniġṫe ar aon láṫair agur iad ag éileaṁ raoirre de ġlór aon duine. Mirneaċ agur meanma ionnta. Muiniġin aca arta féin. Muiniġin aca ar a dtaoireaċaiḃ. Iad ag labairt go huaiḃreaċ

[1] An mór-ḋáil poilitiḋeaċ do tionólaḋ i Sráid Uí Ċonaill, Doṁnaċ na Paiṁe, 31 Márta, 1912. Do bain rí le "hóm Rúl." Do labair an Piarraċ agur Seoraṁ ó Doḃailean ar an árdán céadna.

le Gallaib. Iad ag labairt go ceannra leis an druing big de Ġaedealaib nár ḟreagair an ċomġairm. Dóċar ina gcroidiḃ. Solus ina súilib. Gáire ar a mbéalaib. Neart ina lámaib. Dordḟuil ina gcuisleannaib. Faoḃar ar a ngoċaib. Iad cruinnigte ar an láṫair sin ina sluaiġtib do-áirimte, ionnus nać bféadfaide raṁail do ṫabairt díb aċt muis ṫréan-ṫonnaċ, agus iad ag freagairt a dtriaṫ de ġlór ṫreaṫan-ṁara lá confaid agus coiṁéirġe.

Tuar buaideartа ina diaid sin briaṫra na dtriaṫ. Síoṫċáin dá gealláṁaint aca do Ġallaib. Dílreaċt dá tairgsint aca i n-ainm Gaedeal. Fáilte dá fearad aca roiṁ Rís Saran roiṁ an gcúigead Seoirse dá bliadain go leiṫ roiṁ sé. Ainm Wolfe Tone agus ainm Emmet dá luad aca, aċt súin Wolfe Tone agus súin Emmet dá gcur or coṁair fear néireann fá bréag-mioċt. Do tuigfide ar briaṫraib druinge díob gurab ċuni mion-ḟeirc do ċur ina suide i rean-Tis áirite d'ḟulaing Wolfe Tone pianta an báis. Cuiṁnigmis-ne gurab i n-aġaid ḟeirc do bí ina suide san rean-Tis sin d'éirig Wolfe Tone, agus gur mar ġeall air sin agus nać mar ġeall ar a ṁalairt do ċuaid gearrad ar a sé.

Cad ċuige do Wolfe Tone ag éirġe i gcoinnib na ḟeirc sin? Ar bfreagra: DO BÍ AN ḞEIS SIN FÁ ĊEANNUS GALL.

An bfuil Gaedil na haoire so ċoṁ meaṫta sin is go gcuirfidís iad féin fá ġearaib agus fá ṁionnaib beiṫ dílis do ċoróin Saran go deo na díleann aċt feis d'ḟaġáil béas fá ċeannus Gall agus ceangal i bfad níos cruaide uisċi ioná mar bí ar an bfeis ar éirig Wolfe Tone ina coinnib? An é atá uainn an

ní nach bhfulaingeochaidh Wolfe Tone .i. ceannuir Gall do bhuanughadh i nÉirinn?

Ní hé atá ó luchd fhríoghtha an imirleabhair seo. Ní dóigh linn gurab é atá ó fhurmhór fear nÉireann, an méid díobh nach bhfuil ceannuighte. Céard tá uainn? Tá, an gceart dúchair. Céard é an gceart dúchair? Tá, dúthaigh Ghaedheal i feilbh Ghaedheal gan chur irtheach ó Ghallaibh. Do b'fhéidir go mbeadh for catha ann tar éis na Feise seo do bhaint amach dhúinn, acht ní bhéidh fríothchán ann go mbéidh deireadh le ceannuir Gall i nÉirinn. **Ní síothchán go saoirse.**

Goirmíd Seán Réamonn agus Seán Díolúin agus Seoraimh Ó Doibhilean, óir is trúir iad sin atá ag caitheamh a ndúthracha ar son leasa Gaedheal. Acht tuigidhir nach bhfuil d'ughdarchás aca ó Ghaedhealaibh fríothchán do ghealladhaint do Ghallaibh go fóill. Tá catha cruadha romhainn ful bhéas fríothchán i nÉirinn. **Ní síothchán go saoirse.**

Do'n Ghnó atá Romhainn

(13 Aibreán, 1912)

Tá dream ar dóigh leo go bhfuil lucht fhríoghtha an imirleabhair seo ró-dána. Tá furmhór Gaedheal chomh meachta sin is gur dána leo an fhírinne dá canadh. Is dána leo fear ag rádh "Is linn féin an chríoch seo." Is dána leo fear ag rádh "Ní ceart Gaill do bheith annso i n-aimdeoin Gaedheal." Is iongnadh agus is uathbhás leo fear ag rádh "Ní féidir raoirse chine do chosaint acht le faobhar claidhmh." Is léir fírinne an chéad dá ní de na trí neithibh sin. Admhuighthear

fírinne na tréar ní díoḃ i ngaċ críċ aċt ra gcríċ ro. Do haḋmuiġtí a fírinne ra gcríċ ro féin go dtí le fíor-ḋéiḋeannaiġe. An líne ro de Ġaeḋealaiḃ an ċéad líne de Ġaeḋealaiḃ ná d'aon ċine eile do ḋiúltuiġ d'fírinne na ní rin. An féidir gurab ag claḋairíḃ Gaeḋeal atá an ceart agus an t-ainċeart ag ciniḋeaċaiḃ an doṁain?

Do ṁolamar do Ġaeḋealaiḃ airm do ġaḃáil ċuca de réir mar ṁolar an Tiġearna Robert do Ġallaiḃ airm do ġaḃáil ċuca, de réir mar ṁolar an Kaiser William do Ġearmánaċaiḃ airm do ġaḃáil ċuca, de réir mar ṁolar Theodore Roosevelt d'Ameriocánaċaiḃ airm do ġaḃáil ċuca, de réir mar ṁolar maiṫe agus éigre gaċa críċe do ṁuinntir na críċe rin airm do ġaḃáil ċuca. Tá de ċeart ag gaċ duine ó nádúr airm d'iomċur. Ní féidir an ceart rin do ḃaint de ḋuine. Do ḃeaḋ ré ċoṁ maiṫ agat aer nó gruan nó uisce nó biaḋ do ċorc ar ḋuine agus airm do ċorc air. Is féidir aer agus uisce agus biaḋ do ċorc ar ḋuine. Is minic déantar é. Ní ḃíonn ran duine rin annrin aċt braġa nó moġa nó daor-ḋuine. Níl ran duine naċ n-iomċuireann airm nó naċ ḃfuil ann é féin do ċoraint le harmaiḃ má tigtear air aċt braġa nó moġa nó daor-ḋuine. Ní de ḟaor-ċlannaiḃ an doṁain é aċt de ḋaor-ċlannaiḃ an doṁain. Ní fiú é fear do ṫaḃairt air. Ní fiú é bean do ṫaḃairt air. Baḋ deacair ainm oireaṁnaċ do ċeapaḋ ḋó.

Má táimíd ḋá ṁolaḋ do Ġaeḋealaiḃ airm do ġaḃáil ċuca nílmíd ḋá ṁolaḋ ḋóiḃ feiḋm do ḃaint ar na harmaiḃ rin i n-aġaiḋ Gall indiu ná i mbárraċ ná i mbliaḋna ná an ḃliaḋain ro ċugainn. D'féidir

nać mbeaḋ orṫa feiṙḋm do ḃaint arta go deo. B'ḟéiḋir an uair do beaḋ orṫa feiṙḋm do ḃaint arta nać ar Ṡaranaćaiḃ ać ar Ġearmánaćaiḃ do beaḋ orṫa a niṁ d'imirt. Baḋ ṁaiṫ linn go dtuigfiḋe i gceart finn. Ní troid atá uainn, ać Gaeḋil do beiṫ i n-innṁe troda. Ir minic nać mbíonn gáḃaḋ le troid ać gać taoḃ do beiṫ féiḋ ćum troda. Dá mbeaḋ Gaeḋil féiḋ ćum troda anoir ní beaḋ aon ćeirt fá fiaġaltar dúṫćarać do ṫaḃairt dúinn. Ní beaḋ aon troid ann, ać do beaḋ fiaġaltar dúṫ-ćarać againn gan troid. Ó ṫárla ḋúinn gan troid ar ar gcumar tá fiaġaltar dúṫćarać ina ćeirt. Béiḋ fiaġaltar dúṫćarać againn "muna n-éirġeann mí-ṫara i Saranaiḃ," adeir an Réamonnać. Dá mbeaḋ Gaeḋil i n-innṁe troda do beaḋ fiaġaltar dúṫćarać againn dá n-éireoćaḋ céad mí-ṫara i Saranaiḃ.

Molfaiḋ Príoṁ-Reaćtaire Ṡaran Áḋḃar Ać-ta Riaġaltair na hÉireann d'ḟeir Ṡaran anoćt. Níl roiṁ an Áḋḃar Ać-ta rin ać ceann aṁáin de'n dá ćríć ro .i. aontóćar é ra deireaḋ nó diúltóćar ḋó. Má aontuiġtear é béiḋ ḟeir ag Gaeḋealaiḃ fá ćeann cúrla bliaḋan. Ar gcoṁairle do Ġaeḋealaiḃ glacaḋ leir an ḃfeir rin má'r fiú í glacaḋ léi, dul irteać innti, í do Ġaeḋealuġaḋ, í do láidriuġaḋ, feiṙḋm do ḃaint airti ćum leara na hÉireann, ać gan géilleaḋ go ḃfuilmíd fárta go mbéimíd fárta, agur ní béimíd fárta go mbéiḋ an tír ro in ar reilḃ féin gan ćur irteać ó Ġallaiḃ.

Má diúltuiġṫear do'n Áḋḃar Ać-ta rin ir léir go mbéiḋ ina ćogaḋ i nÉirinn. Ní abraimíd go mbéimíd ag taḃairt duḃ'ḟláin Ġall ar ṁaćaire an áir. Ní féiḋir linn rin do ḋéanaṁ ó ṫárla gan armaiḃ, gan

taoiseacaib, gan eolus, gan airgead sinn. Acht béiò ina ćogaò ina ðiaiò sin .i. béiò Gaeðil ag diúltaò do ćeannus Gall, béiò Gaill ag cur smacta ar Ġaeðealaib, béiò coisruiġe agus bruiðean agus éisġe amać mar do bí le linn Cogaiò na Talmhan. Is baoġalać go mbéiò dream nać ionmhuin leo Gaeðealtacht na hÉireann, dream nać ionmhuin leo Críostaiðeacht na hÉireann, dream a bfuil báiò aca leis an ní ar a dtugtar Cumannacht, dream a bfuil báiò aca le hainćríostaiðćib Ṡasan agus Roinne na hEorpa, is baoġalać go mbéiò an dream sin ag bailiuġaò conganta ćuca má bíonn ina ćogaò i nÉirinn agus gurab iad sin do racaò i gceannus Gaeðeal sa gcogaò dá leigfiðe ðóib. Baò mian linne Gaeðil do ćoraint ar an gconntaḃairt sin. Bíoò ina ćogaò má caitfear beit ina ćogaò, acht bímis dílis do Ġaeðealtacht na hÉireann, bímis dílis do'n Ćríostaiðeacht, ná bacaimis leis an gCumannacht ná le haon ní iaraćta dá rórt, ná bíoò baint ná pléiðe againn le hainćríostaiðćib Ṡasan ná na hEorpa. Searaimis go Gaeðealać gráðmhar gnala ar ġualainn roir cléir agus tuata fá n-ar maitib féin in ar ndúthaiġ féin ćum ar gcirt féin do baint amać.

CÉARD DÉANFAR LINN?

(20 Aibreán, 1912)

"Ní síoććáin go raoirse" an focal faire ćugamar do Ġaeðealaib tá coićtiġis ó ṡoin ann. An raoirse atáthar do ćaitsrint dúinn fá'n reacht do mhol Príomh-Reacćtaire Ṡasan d'Ḟeis Ṡasan an Dardaoin

ro do caiṫeaḋ? Dá mbeaḋ Aoḋ Ruaḋ Ó Doṁnaill ina ríġ i dTír Ċonaill indiu an dtiubraḋ ré raoirre air rin? Dá mbeaḋ Aoḋ Ó Néill ina ríġ i dTír Eoġain an dtiubraḋ ré raoirre air rin? Tá réim na ríoġraiḋe caiṫte. Dá mbeaḋ Tiobóid Wolfe Tone i bfearann Éireann indiu an dtiubraḋ ré raoirre air rin? Dá mbeaḋ Tomás Dáibis i bfoċair Ġaeḋeal indiu an dtiubraḋ ré raoirre air rin? Is eol do ċáċ naċ dtiubraḋ éinne de'n buiḋin réaṁráiḋte raoirre air. Is eol do ċáċ naċ dtiubraḋ éinne de'n druing do fuair aiṫne ar an éaġ toirc a ndiangráḋa do Ġaeḋealaiḃ, ó aimsir na ríoġraiḋe go haimsir na bFíníní, raoirre air. Is eol do ċáċ naċ dtiubraḋ aon line de Ġaeḋealaiḃ dá ndeaċaiḋ roiṁ an line ro raoirre air. Muna dtiubraḋ ar rinnsir raoirre air cad ċuige a dtiubraimís-ne raoirre air? Má'r ní é go bfuil laiġeaduġaḋ tar éis imṫiġṫe ar ḋóċas Ġaeḋeal, agus go bfuil múċaḋ tar éis imṫiġṫe ar ṁeanmain Ġaeḋeal, agus go bfuil mí-laoċas tar éis teaċta i gcroiḋṫiḃ Ġaeḋeal, gairmiḋís raoirre de'n ṡeaċt ro, rsríocaiḋís dá naṁaid, téiġiḋís i gcaradas ríoġ Ṡasan, agus feacaiḋís a nglún agus cromaiḋís a gceann i bfiaḋnuise a ró-ṫiġearna. Aċt ná luaiḋtear leo laoċraḋ Ġaeḋeal go deo arís. Má'r raoirre é ro céard do bí uaṫa-san? Má'r fir ċríona sinne ní raiḃ ionnta-san aċt óinṁiḋí.

Céard déanfar linn? Céard do ḋéanfaḋ braġa dá dtairgfiḋe arm faoḃair ḋó? Do ḃéaraḋ sé ar an arm faoḃair, do raċaḋ ina ṫaiṫiġe, agus tar éis dula ina ṫaiṫiġe ḋó, do ṁúrclóċaḋ a ṁeanma, do ċuiṁneoċaḋ ar ġail a ṡinnsear, agus do ġearrfaḋ roiṁe sliġe ċum raoirre.

Aistiúde as an "mBarr Buaḋ"

Tá Gaeḋil i mbruid. So ċuca arm faoḃair Sinidír amaċ a láṁa. Beirídír air. Téigídír ina ṫaiṫige. Beid fuim bliaḋan ag dul ina ṫaiṫige. Géarraidír an t-arm. Láidrigídír é. Láidrigídír iad féin. Tarraingídír cáirde ċuca féin má'r féidir é. Ceannuigídír cáirde má'r gáḃaḋ é. Ar mbeiṫ láidir a nóṫain dóiḃ agus iad i dtaiṫige an airm go maiṫ, múrclaidír a meanma, gaḃaidír ċuca bruṫ feirge, cuiṁnigídír ar ġail a finnfear, agus gearraidír fómpa i n-ainm Dé.

Ní faoirre an feaċt fo aċt do b'ḟéidir le Dia gurḃ' é túr na faoirre é. Ní faoirre é aċt do b'ḟéidir gurḃ' uirlir é le n-a mbainfiúde amaċ an traoirre i n-am ir i dtráṫ. . . .

Ḃéarraimíd-ne ar gcongnaṁ ċuige fin, agus molaimíd dár gcáirdiḃ a gcongnaṁ do ṫaḃairt ċuige freirin. Cuireaḋ Gaeḋil le ċéile anoir agus feiceam a ngníoṁ.

Oineaċ agus Leas

(27 Aibreán, 1912)

Ḋá ní ar cóir dúinn a gcongḃáil or ar gcoṁair i gcoṁnaiḋe .i. ar n-oineaċ agus ar lear. Ir mairg do ċailleaḋ a oineaċ. Agus ir mairg do ḋéanfaḋ ní do racaḋ ina aiṁlear féin agus i lear a naṁad. Ir dleaġtaċ do ḋuine ní do ḋéanaṁ i n-aġaiḋ a leara féin, aċt ní dleaġtaċ d'éinne a oineaċ féin do ḟárugaḋ. Ní léir do ḋuine a lear i gcoṁnaiḋe, aċt níl éinne ḋá ḋaille naċ léir ḋó a oineaċ. An uair ḃíor duine idir ḋá ċoṁairle, agus a lear dar

leir ar ṫaoiḃ agur a oineaċ ar ṫaoiḃ eile, leanaḋ ré dá oineaċ, nó ir duine caillte é; agur níl ní ir dóiċiġe ioná gurab í taoḃ a oiniġ taoḃ a leara gan ḟior dó. An uair do ḋíol Gaeḋil a n-aṫarḋa le Gallaiḃ ir de ṫaoiḃ a leara do leanadar, aċt luiġimíd i ḃfiaḋnuire Dé gurab é a n-aiṁlear do rinneadar. An uair do ḋíol Iúdár a Ċara le n-a ḃíoḋḃaíḃ ir é a lear féin do ċear ré aċt ir é a aiṁlear agur a ḋamnuġaḋ ríorruiḋe do ċeannuiġ.

An Gaeḋeal do ġlacfaḋ leis an rocruġaḋ atá Gaill do ṫairgrint dúinn mar ḟocruġaḋ iomlán agur do ḋéanfaḋ carad ar le Gallaiḃ de ḋearcaiḃ an trocruiġṫe rin, do ċaillfeaḋ ré a oineaċ ar ṁaiṫe le n-a lear. Aċt an Gaeḋeal do ḋiúltóċaḋ do'n Áḋḃar Aċta atá or coṁair Feire Gall de ḃríġ go réanann an tÁḋḃar Aċta rin árd-ríġe Gaeḋeal ina gcríċ féin nó de ḃríġ naċ leor leis a mbéiḋ de ḟaoirre ag Gaeḋealaiḃ fá réim an Aċta, ir dóiġ linn go gcuirfeaḋ ré rin a lear féin agur lear a ṁuinntire ar cáirde gan ġáḃaḋ. Do ṫuillfeaḋ molaḋ an Ḟranncaiġ aduḃairt "*c'est magnifique mais ce n'est pas la guerre.*" Do ḋéanfaḋ aiṫris ar an mbraiġe nár aontuiġ ceann de na lainnciríḃ do ḃí air do ḃaint de an uair naċ mbainfeaḋ luċt a ḋaorrmaċta an dara ceann de fréirin. Níor ṫuig an braiġe rin gurḃ' ḟurraide dó éalóḋ ar a ḃruid ceann de na lainnciríḃ do ḃeiṫ bainte de, agur go mb'ḟéidir go mbaḋ arm ċuige ó Dia an lainncir ḃrirte ċoṁ maiṫ. Ir roiléir dúinne ní hé aṁáin go ḃfuilteas ag baint lainncire de Ġaeḋealaiḃ anoir aċt go ḃfuilteas ag taḃairt airm ḟaoḃair i láṁaiḃ Gaeḋeal. Tá ar n-oineaċ agur ar lear ar aon taoiḃ de'n dul ro.

Ċum ógbaiúe éireann

(4 bealtaine, 1912)

Ċum ógbaiúe Éireann an méid so. Nó an maireann aon ógbaó i nÉirinn? Ċum mac mbeag agus naoiúeanán Éireann an méid so mar sin.

An ċaill is mó do ċuaiò ar Éirinn le n-ar linn-ne na fir óga d'éirġe ar an mbuiòin do bí ag fearaò caċa le Gallaib. Do ḃíol cuid de na fearaib óga iad féin ar ór agus ar airgead agus do lean de Ġallaib. Ṫáinig meaċ ar intinn agus ar aigne druinge eile ḃíoḃ agus níor ċuir suim aċt i mbréagánaib agus i n-áilleánaib. Do ġaḃ dream eile ḃíoḃ ag saoċruġaò na Gaeḋilge agus do ṁearadar go raḃadar ag coiṁlíonaò dualgais deaġ-ḟeaḋmannaċ dá ḃroġluimeoċaiḋír an teanga nó dá scríoḃḟaiḋír cúpla mion-leaḃar nó dá gcuirfiḋír foinnt Craoḃ de Ċonnraò na Gaeḋilge ar bun. Na fir óga agus na mná óga doḃ' aoirde aigne agus ḃa ġéire inntleaċt de ċlannaib Gaeḋeal, ṫugadar a gcúl ar an gcaṫ do bí dá ḟearaò ar son saoirse a gcine agus d'ḟágadar an caṫ ar ċomairce sean-laoċ agus ḟann-laoċ. Tá a ṡlioċt sin ar ċúrsaíḃ poilitiḋeaċta na hÉireann indiu. Is mairg an ċríoċ a mbíonn seanóirí ina ceannur. Is mairg an sluaġ a mbíonn ḟann-laoiċ ina urṫoraċ.

Ní haṁlaiò ċeapar sinn náirḃ' ionṁolta an gníoṁ an Ġaeḋealg do ċoraint ar an éag. Dá gcaillfiḋe an Ġaeḋealg do caillfiḋe Éire. Is é sud atáimíd do ċáruġaò .i. go ndearnaò dearmad ar Éirinn an

ḟad ir ḃíṫear ag raoṫruġaḋ na Gaeḋilge. Do buailead irteaċ i n-aigne na milte de Ġaeḋealaiḃ óga gur ṫáḃaċtaiġe cora cainnte ioná gníomarṫa fearamla agus gur ṁó de ḟeacaḋ riaġail ġramadaiġe do ḃrireaḋ ioná bearr cladairearail do ḋéanaṁ.

Ní raiḃ an cearr ag na fearaiḃ óga do ġaḃ le n-a n-air an Ġaeḋealg do ċorainn agus a gcúl do ṫaḃairt ar an bpoilitiḋeaċt. Ir é baḋ ċóra ḋóiḃ do ḋéanaṁ freartal ar an bpoilitiḋeaċt i nGaeḋilg. Do b'ḟeirrde an ḟoilitiḋeaċt é rin agus do b'ḟeirrde an Ġaeḋealg é. Nílmid ḋá ráḋ gur ċearr do Ċonnraḋ na Gaeḋilge féin, i dtúr ná anoir ná aon uair, bainn do ḃeiṫ aige le poilitiḋeaċt. Aċt baḋ ċearr go mbeaḋ bainn ag gaċ duine dá leanann de Ċonnraḋ na Gaeḋilge le poilitiḋeaċt, agus gurab í an Ġaeḋealg do ṫarraingiḋír ċuca ċum ceirteann poilitiḋeaċta do ḃléiḋe. Dá mbeaḋ fir óga an Ċonnarṫa ag tairteal na tíre agus iad ag gríoraḋ Gaeḋeal i n-aġaiḋ Gall i nGAEḎILG, nár ṫairḃiġe agus nárḃ' uairle de ġnó ḋóiḃ é ioná ḃeiṫ ag tairteal na tíre ag molaḋ na Gaeḋilge agus gan móran toraiḋ ar a nglórṫaiḃ?

Baḋ ṁaiṫ linn fir óga na hÉireann, go mór-ṁór luċt na Gaeḋilge, do ḃailiuġaḋ do ċongnaṁ Gaeḋeal ran gcaṫ atá roṁainn. Tuigtear go ḃfuil caṫ roṁainn, ir cuma cia an ċríoċ raċar ar an reaċt nua ro. Béiḋ obair roṁainn i bFeir na hÉireann agus taoḃ amuiġ d'ḟeir na hÉireann má éirġeann leir an reaċt, agus béiḋ dian-obair roṁainn i gcaṫraċaiḃ agus i mbailtiḃ móra agus ar ṁaċairíḃ Éireann muna n-éirġeann leir an reaċt. Níor

ṁuinigin linn an obair sin do gabáil le n-ar n-air muna mbeaḋ fir óga na hÉireann taoḃ ṫiar ḋíonn. Is iad-san ḋéanfar í nó fanfaiḋ sí gan déanaṁ.

GRÍOSAÐ

(11 bealtaine, 1912)

Do labhramar le hÓgbaiḋ Éireann an treaḃtṁain so do caiṫeaḋ ḋá ngríoraḋ agus ḋá n-imḋeargaḋ. Tuilleaḋ fós de'n ġríoraḋ agus de'n imḋeargaḋ annso síos.

Léigtear i dTáin Bó Cuailgne, an tan ba ṁó gábaḋ Ulaḋ, ar mbeiṫ dá laoċraiḋ ina luiġe oṫrair agus ar mbeiṫ do'n aon laoċ amáin do bí infeaḋma .i. Cú Ċulainn mac Sualtaiṁ traoċta tuirreaċ tar éis a ḃfuair de ḋuaḋ agus de ḋoiṁin-ċréaċtaiḃ ag cornaṁ an ċaṫa i n-aġaiḋ cúigí Éireann, gur ġluair macraḋ na hEaṁna um a dtaoireaċ um Ḟolluṁan mac Ċonċoḃair do ċongnaṁ a n-aṫarḋa gur ċornadar an caṫ nó gur ḋúirig Cú Ċulainn ar a ṫromḟuan, agus ar ndúireaċt do'n Ċoin gurab aṁlaiḋ do fuair an ṁacraḋ agus iad béal le béal agus bonn le bonn ar Áṫ an Éirlig, óir do ṫuiteadar uile ag fearaḋ an éagcoṁlainn sin.

Aiṫirtear a ṁac-raṁail de réal ar ṁacraiḋ na Féinne. Léigtear i gCaṫ Finntráġa, an tan do ġaḃ Rí an Doṁain cuan agus calaḋ-ḟort i gcuan Finntráġa, agus an uair ba ċlor fó ċeiṫre háirdiḃ Éireann réala na n-oiċ do bí ré d'imirt ar Ḟiannaiḃ Finn, gur labair Fiaċra Foltleaḃar, rí Ulaḋ, go

ndubairt: "Truaġ liom," ar sé, "méid an éigin i bfuilid fir Éireann agus gan mo beid féin inḋaḋa." Agus ní raib de ḋlainn ag an ríġ rin acht aon ṁac amáin i gceann a trí mbliaḋan déag. "Maid do-ġéantá-sa," ar an mac, .i. "ógbaḋ Uladh do ḋus liom-sa ḋuca ó naḋ inḋaḋa tú féin." "Ná habair rin," ar an rí, "óir ní hinḋoṁraic leanb trí mbliaḋan déag." Agus do ḋuig an rí nárb' áil leis an mac gan dul go Fiannaib Éireann. "Gabtar an mac," ar sé. Do gabaḋ leo é agus do cuireaḋ i seomra fó iaḋaḋ é agus dá ṁac déag de ṁacaib ríoġ agus ró-fiaḋ Uladh leis. "A ógá," ar sé, "is maid do-ġéanaḋ rib-se teaḋt liom-sa go Fiannaib Éireann, óir gion go bfuil bur n-aire le ríġe Uladh do baḋ ṁaid dib clú do bur ṡoḋtain féin." Do ḋuaid an coṁráḋ rin fó na maccaib agus an tan do ḋodail an rí do ḋuadar-san fó ḋeaḋ na réad go dtugadar sciaḋ agus claiḋeaṁ agus dá ḋraoiriġ gaḋa macaoiṁ leo ar, go dtángadar rómpa go coṁ-ḋíreaḋ go ránġadar Finntráiġ. Agus do ḋuadar do ḋoṁrac leis na hallṁuraḋaib agus fó ḋeaḋt do ḋoirḋe na hoiḋḋe ba ḋoṁ-ḋuitim do'n buiḋin óig il-ḋealbaiġ rin ar an tráiġ.

Do b'féidir naḋ bfuil inr na sceálraib rin acht finnsceálta filiḋeaḋta. Acht is iad na finnsceálta filiḋeaḋta an ḋuid is luaḋṁaire de'n sraith. Ní bíonn sa sraith go minic acht bréag a dtigid luḋt seanḋuis ar aon focal ina taoib, fá mar adubairt Napoleón. I bfinnsceálraib cine innisteas fíor-seanḋus an ḋine sin. Tuigfeas ó gaḋ finnsceál a beag nó a ṁór de ṁeon an duine do ḋeas an finn-sceál. Tuigfeas ó finnsceálaiḋeaḋt ḋine meon an

ċine ſin. Noċtaſ meon Gaeðeal i dTáin Bó Cuailgne agus ſa bFiannaiðeaċt agus i Litriðeaċt Ġaeðeal aſ ċeana. An té naċ bfaca Gaeðeal ſiaṁ, do ċuigfeað ſé aigneað Gaeðeal aċt Litriðeaċt Ġaeðeal do ſcrúdugað.

Tuigfimíd ó na ſcéaltaib ſéaṁſáiðte ní aṁáin do bí buailte ifteaċ i n-aigneað Gaeðeal an tráċ ba Ġaeðealaiġe ðóib. Do ċeapadaſ gur bain ſé leiſ an óige fá leiċ oineaċ a gcine do ċorṁaṁ. Gaċ ionad caṫa dá bfaoġalaiġe, do b'é ſin an t-ionad caṫa do b'oiſeaṁnaiġe do'n ógbaiḋ. Agus dá dtréigfeaḋ an ógbaḋ a n-ionad caṫa do ſaċaḋ an ṁacſaḋ ina n-áit. "*Noblesse oblige*" adeiſ an Fhranncaċ. "*Jeunesse oblige*" .i. bíonn dualgaſ aſ án óige adéaſaḋ Gaeðeal.

Iſ maiṫ do ṫuig Gaeðil a ḟíſinne ſin, gaċ líne ðíob dá dtáinig ó aimſiſ na laoċſaiḋe. Ba ḣiad na fiſ óga cſann ſearta gaċa cúiſe dáſ ġab Gaeðil do láiṁ a corṁaṁ anuaſ go dtí aſ ſé agus aſ lá féin. Iſ ionganaċ a bfuil d'ḟeaſaib óga aſ ſéim laoċſaiḋe Gaeðeal. Ní ſaib ſlán ag Seaġán an Díomaiſ an uaiſ do himſeaḋ báſ aiſ aċt cúig bliaḋna déag iſ fiċe. Níoſ ṁaiſ Aoḋ Ruaḋ Ó Doṁnaill aċt naoi mbliaḋna fiċead. Cúig bliaḋna déag aſ ḟiċid an ſé ḟaoġail do fuaiſ an ſeaſ iſ ſeaſſ dáſ geineaḋ ſiaṁ de Ġaeðealaib nó de Ġall-Ġaeðealaib i nÉiſinn .i. Tiobóid Wolfe Tone. Ceiṫſe bliaḋna iſ fiċe do bí ſlán ag Roibeárd Emmet. Ní gábaḋ ḋúinn tráċt aſ Ṫomáſ Dáibiſ ná aſ an Aṫaiſ Eoġan Ó Gſaṁna. Cad aſ aſ ḟáſ cuṁaċt Ċonnaſċa na Talṁan? Aſ cuṁaċt cſoiḋe na n-óg-ḟeaſ do bí ina ceannuſ. Cad aſ

Príom-altanna

Ar fár bríg agus neart Ċonnarṫa na Gaeḋilge? Ar bríg agus neart intinne na n-óg-fear do ċuir ar bun é.

Tá gábaḋ le Connraḋ Nua i nÉirinn indiu. Tá cumaċt na fean-Ċonnraḋ bruṫe agus tá a mbríg caiṫte. Ní bíonn ar aon ruḋ aċt real. A gníoṁ féin ag gaċ líne. Connraḋ na Talṁan gníoṁ na dara líne so do ċuaiḋ ṫoraiṁ. Connraḋ na Gaeḋilge gníoṁ na líne so atá ag imṫeaċt. Cad bur gníoṁ do'n líne atá do láṫair?

Tuilleaḋ fós

(18 bealtaine, 1912)

Tuilleaḋ fós de'n ġríoraḋ agus de'n imḋeargaḋ annso síos.

Cad tá fir óga na haimsire so do ḋéanaṁ ar son a gcine agus ar son a n-aṫarḋa? Dadaṁ. Dream beag díoḃ ag saoṫruġaḋ na Gaeḋilge, aċt a ḃfuṁór sin dílis do Ṡaranaiḃ. Dream beag eile ag cur clear lúiṫ nGaeḋealaċ ar aġaiḋ, aċt a ḃfuṁór sin gan Gaeḋilg aca agus roinn ṁór díoḃ dílis do Ṡaranaiḃ. Dream an-beag ag cuidiuġaḋ le muinntir Sinn Féin, beagáinín Gaeḋilge ag a ḃfuṁór aċt Ḃéarla dá ċleaċtaḋ aca. Dream is luġa fós ag leanṁaint de Ċumannaiḃ Wolfe Tone; gan Gaeḋilg ag a ḃfuṁór, agus Ḃéarla dá ċleaċtaḋ aca de ġnáṫ. Dream ċoṁ bíoḋaċ sin gur beag nac n-áiṁṁeoċṫá ar ṁéarannaiḃ do ḋá láiṁ iad, dá ċur rómpa beagán do ḋéanaṁ ar son na hÉireann

i gCumann na Saoirse[1]; gan dá chleachtad aca rin acht Gaedealg agus gan éinne aca ag géilleadh do chumacht Gall. Sin a bhfuil d'fearaibh óga ag coraint an cháta indiu .i. a dó nó a trí de mhíltibh idir na Cumainn rin ar fad. Tá an chuid eile d'ógbaidh Éireann ag cabhrughadh le Gallaibh.

Níor áirimhighearar Connradh Aonta Gaedeal, óir ir fíor-beagán d'fearaibh óga na hÉireann leanar de rin. Níor áirimhighearar Connradh Uilliam Uí Bhriain, óir ir lugha fós d'fearaibh óga leanar de rin. De mhuinntir Sinn Féin nó de Chumannaibh Wolfe Tone ir mó leanar an ógbhadh, an méid díobh chuireas ruim i gcúrsaíbh poilitideachta. Neamh-ḟuim na bhfear n-óg i ndáltaibh poilitideachta an chomarta ir mearra dá bhfeicimíd i nÉirinn indiu. Comarta mheathachta ir ead í rin. Tá ógbhadh Éireann meatta. Ní mhaireann mirneach ionnta. Ní mhaireann dóchas ionnta. Ní mhaireann dúthracht ionnta. Tá a bhfuirmhór ag cabhrughadh le Gallaibh, agus an méid díobh atá ag cabhrughadh le Gaedealaibh cabhóchaid an fhaid nach mbéidh orta aon ní d'ḟulaing ná iad féin ná a gcuid féin ná a gcáirde gaoil do chur i gconntabhairt. Ir lag an crann fearta d'aon chúis a leithéid rin de bhream.

Glacadh ógbhadh Éireann mirneach. Cuirdís gníomh rómpa. Ir cuma cia an fagas gníomh muna mbíonn cladhaireacht ag baint leis. Ir cuma cia an cumann ina racaidh acht obair do tharraing chuca. Tá obair

[1] Cumann beag do chuir Pádraic Mac Piarais ar bun 2 Aibreán, 1912, "chum buidhne Gaedhilgeoirí do thabairt le chéile chum a gconganta do thabairt chum raoirse Gaedeal do bhaint amach." Bí na Ratharaigh, Éamonn Ceannt, Conchobar Colbáird agus Peadar Ó Maicín ar an gCumann roin fhéirin.

le déanaṁ i gConnraḋ Aonta Gaeḋeal. Téigeaḋ drong de'n ógḃaiḋ ann agus déanaidír gníoṁ. Tá obair le déanaṁ i gCumann Sinn Féin. Téigeaḋ drong eile de'n ógḃaiḋ ann agus déanaidír gníoṁ. Tá obair le déanaṁ i gCumann Wolfe Tone Téigeaḋ an tréar drong de'n ógḃaiḋ ann agus déanaidír gníoṁ. Tá obair le déanaṁ i bFiannaiḃ Éireann. Téigeaḋ an ceathraṁaḋ drong de'n ógḃaiḋ ann agus déanaidír gníoṁ. Tá obair le déanaṁ i gCumann na Saoirse. Tagaḋ dream ċugainn ar gaċ dream de na ceithre dreamaiḃ réaṁráiḋte agus le congnaṁ an Árd-Ríoġ déanfaimíd gníoṁ.

Wolfe Tone

(25 Bealtaine, 1912)

Adubhramar, tá coicthigir ó foin ann, gurab é Tiobóid Wolfe Tone an fear do b'fearr de Ġaeḋealaiḃ ná de Ġall-Ġaeḋealaiḃ dár geineaḋ riaṁ i nÉirinn. Do bí bhraṁla ag Wolfe Tone naċ bhfuil againne. Níorḃ' ionann creideaṁ dó-ran agus dúinne. Is minic adeirtear gurḃ' aincríorthaiḋe Wolfe Tone. Níorḃ' eaḋ. Do ċreid sé i nDia agus níor labhair riaṁ focal, go bhfior dúinne, ná níor scríoḃ riaṁ focal ar a dtuigfiḋe naċ Críorthaiḋe é. Is iontuigṫe ar gaċ ar scríoḃ sé, go mór-ṁór ar an méid do scríoḃ sé ór ireal le haġaiḋ a ṁná féin, gur ċreid go dionghṁálta i nDia agus i nIosa Críost a Ṁac. Is fíor nár lean sé do'n ċreideaṁ dá leanann furṁór Gaeḋeal. Is fíor go raiḃ droċ-

ṁuiniġin aige ar cléir na hÉireann, ioir Gaeðil agur Gaill, le n-a linn féin, agur b'ḟéidir nár ṁilleán air é rin. Is ðóċa gur fíor nár ṁuiniġin leir cliar d'aon tragar. Ní ṫigimíd leir ran mí-ṁuiniġin rin. Ní ṫigimíd leir i roinn eile dá ṫuairimíb. Aċt cromaimíd ar gceann agur feacaimíd ar nglún ina ḟiaðnuire, agur goirimíd é ṫar ar ríolruiġeað de ðeaġ-ḟearaib annro ó dealbað Éire, ar ṁórðaċt a anma, ar ðoiṁneaċt a inntleaċta, ar ṁéid a ḟóirṫine do ċlannaib Gaeðeal. Ní beað Éire ann indiu muna mbeað an fear rin. A ċuiṁne rin agur a ṫeagarc rin do ċoingbiġ beo go nuige ro í.

Ní raib de ṫaoiseaċ ná de ṫreoraiðe ag Gaeðealaib riaṁ ó ṫeaċt do na Normánaċaib fear do b'ionċurṫa le Wolfe Tone aċt Aoð Ó Néill. Aċt ba ṁó d'ḟear Wolfe Tone ioná Aoð Ó Néill. Do b'ḟírinniġe d'ḟear é. Ba ġlaine d'ḟear é. Ba nearṫṁaire d'ḟear é. Nearṫ, glaine, agur fírinne trí buaða an trán-laoiċ. "Nearṫ in ar láṁaib, fírinne in ar dteangṫaib, agur glaine in ar gcroiðṫib." Agur do b'uaṫṁar í doiṁneaċt inntleaċta Wolfe Tone agur do b'iongantaċ í géire a intinne. Do ṫuig sé dála Gaeðeal agur cúrsaí Gall go hiomlán. Do b'é an ċéad duine do ṫuig ina gceart iad. Is é ṫug léargur agur solur ar an gcúis rin dá dtáinig ina ðiaið. Is uaið-sean do fuair an "Nation" a sprioraḋ agur is uaiḋ-sean do fuair an "Barr Buaḋ" a ġlór.

Beart Litreaċ do Ċuaiḋ Amuġa

Ċum Ṡeáin Réamuinn

Beaṫa agus Sláinte.

Ar n-a ṫuigsint dom go bfuilir ċum caṫ d'ḟearaḋ i n-aġaiḋ Ġall ar aon cirt Ġaeḋeal, do ġabar lem' air na focla beaga molta agus gníoruiġṫe so do ċur ċugat go mbaḋ méadugaḋ meanman agus árdugaḋ aigeanta ḋuit i láṫair do bíoḋbaḋ iad.

Ba ġeal le Gaeḋealaiḃ ṫú tráṫ ded' ḟaoġal. An méid dinn do bí id' ċoinniḃ, d'admuiġeamar go raiḃ mirneaċ agat tar ḟearaiḃ Éireann an lá do ḟearair ar ḋear-láiṁ Parnell agus gáir na conairte go garg gáibṫeaċ ina ṫimċeall. Do bír id' ḟear óg an tráṫ rin agus táir id' ḟear ṁeaḋon-aorta anoir. Ní hionann meanma agus mirneaċ do'n óige agus do'n aoir. Bíonn an óige dána. Bíonn an aoir faiteaċ. Aċt cuiṁniġ go bfuil an gníoṁ do ċuir Parnell roiṁe ċum a ḋéanta gan déanaṁ fóir agus gurab ort-sa atá a ḋéanaṁ. Cuiṁniġ gurḃ' ionṁuin le Parnell tusa agus gurab ionṁuin le Gaeḋealaiḃ tu de ḃríġ gurḃ' ionṁuin leir-sean tu. Cuiṁniġ gurab id' láiṁ-se atá claiḋeaṁ coiġ-ḋíreaċ cruaiḋ Parnell, agus gurab umat-sa atá brat uasal síoġḋa Parnell, agus gurab ḋíot-sa gairmṫear coṁarba

AISTIÚE AS AN "MBARR BUAÐ"

Ṗarnell. Cuiṁniġ go ḃfuil Ġaeḋil ar do ċúl, Cuiṁniġ go ḃfuil Ġaill ar d'aġaiḋ. Cuiṁniġ go ḃfuil Ġaeḋil ag fearaṁ ort. Cuiṁniġ go ḃfuil Ġaill ag faire ort. Cuiṁniġ ar ċlú do ċiniḋ. Cuiṁniġ ar ġliocas do naṁad. Cuiṁniġ ar an ní úd dá dtug Ṗarnell fuaṫ agus feaċain ar d'anam agus ar d'oineaċ í .i. Gáire Saranaiġ. Gab ċugat láidireaċt an leoṁain agus mirneaċ an ṁaṫġaṁna agus ġliocas na naiṫreaċ nime. Bí borb le borb. Bí teann le teann. Bí cruaiḋ le cruaiḋ. Bí ġlic le ġlic. Bí id' eolaċ aibiḋ. Bí id' ċoinnill ġaile. Bí id' ḟear. Bí id' ṫaoiseaċ. Bí id' Ṗarnell.

Beir buaiḋ agus beannaċt.

Mise

LAEĠ MAC RIANGABRA.

ĊUM ŚEÁN DÍOLÚIN

Beaṫa agus Sláinte.

Deirtear liom gur dána an ṁaire dom fosíobaḋ ċugat, óir naċ dtaiṫniġeann coṁairle leat. Deirtear, má's fíor, gur dóiġ leat gur fút-sa agus fá'n Réamonnaċ baḋ ċeart focruġaḋ gaċa fséil baineas le leas Ġaeḋeal d'ḟágáil. Ní ċreidim go ḃfuilir ċoṁ baoṫ sin. Dá gcreidfinn, do ċuirfinn i n-iúl duit foinn fean-focal ṫáinig ċum Ġaeḋeal le sinn-searaċt, mar atá, "Ná taḃair do ċúl ar ċoṁairle ar ṁaiṫe leat," agus "Is fearr coṁairle i dtráṫ ioná cáineaḋ i n-antráṫ." Dá mbaḋ earcara dom ṫu do ċuirfinn an fean-focal so i gcuiṁne duit .i.

Beart litreaċ do ċuaiḋ amuġa

"An té naċ nglacann coṁairle glacaḋ ré coṁrac"; aċt ó'r duine dem' ċáirdiḃ ṫu agus ar naṁa or ar gcoṁair ní abróċad leat aċt an méid so .i. "Is fearr coṁairle roiṁ ċaṫ ioná dá ċoṁairle déag ina diaiḋ."

Deirtear liom fós gur gráin leat tar aon ċoṁairle eile coṁairle ó ḟear óg. Adṁuiġim go bfuilim-se óg. *Mea culpa, mea culpa, mea maxima culpa.* Aċt nílim ċoṁ óg sin naċ cuiṁin liom an tráṫ do bír-se óg. Dá n-abróċaide leat-sa an uair sin nár oir-eaṁnaċ coṁairle uait-se do ḟeanóirīḃ, cad déarfá? Déarfá rud éigin nárḃ' ḟéidir a ċur i gcló.

Do léiġear tráċt i ṡeanċur Gaeḋeal ar ḟear eile darḃ' ainm Seán Díolúin. Do bí aiṫne agat-sa ar an bfear sin, óir dob' é d'aṫair dílir féin é. Do bí sé ina duine de na daoiṡeaċaiḃ do bí ar an dream dár gairmeaḋ Éire Óg. Do bí sean-ḟear i nÉirinn an t-am sin nár ṫaiṫniġ coṁairle leis, go mór-ṁór coṁairle ó ḋaoiniḃ óga. Doṁnall Ó Conaill do b' ainm dó. Do diúltuiġ Doṁnall Ó Conaill do ċoṁairle d'aṫar-sa agus do ċoṁairle na hÉireann Óige. Dá nglacfaḋ sé an ċoṁairle sin i n-am do beaḋ Éire saor le leaṫ-ċéad bliaḋain agus ṡiḋe milliún duine ag áttreaḃaḋ innti indiu.

Ní beag sin.

Deir buaiḋ agus beannaċt.

Mise

Laeġ mac Riangaḃra.

Ċum Uilliaim Uí Briain

Beaṫa agus Sláinte.

Do ṡeriobar ċum do ḟean-ċaraḋ ċum Ṡeáin Díolúin tá tamall ó ḟoin ann. An uair do bíor-ra im' ṁac beag do bír-se agus Seán Díolúin in bur bṗearaiḃ óga agus riḃ in bur ndír ran áṫ ag coraint Gaeḋeal ar ḟoirneart Gall. Do binn-se ag léiġeaḋ bur n-eaċtra ór árd dom' ḟean-aṫair. Do rinne mo ḟean-aṫair beagán ar ron na hÉireann an uair do bí sé féin óg. Do bí sé ar luċt leanaṁna aṫar do ċaraḋ i mbliaḋain a '48. Do bí sé ina Ḟínín i mbliaḋain a '67. Do ċreid sé go gcríoċnóċaḋ riḃ-se agus bur gcompánaiġ an obair d'ḟág seirean agus a ċompánaiġ-sean gan ċríoċnuġaḋ. Níor ṫuigeas-ra an scéal go ró-ṁaiṫ, óir do bíor óg. Do ċeapas go mbeaḋ Parnell ina ríġ ar Éirinn dá n-éireoċaḋ liḃ. Do ċeapas go mbeaḋ a n-arm agus a gcaḃlaċ féin ag Gaeḋealaiḃ. Do ċeapas céad rud naċ gceapfaḋ éinne aċt leanḃ. Aċt do bí aon rud aṁáin nár ċeapas riaṁ. Do bí aon rud aṁáin naċ gcreidfinn dá dtiocfaḋ aingeal anuas ó na flaiṫeasaiḃ agus a ṡéaṁḟairnéis dom. Ní ċreidfinn ó éinne beo ná marḃ go mbeiṫeá-sa agus Seán Díolúin ag taḃairt fuaṫa dá ċéile i ndeireaḋ bur saoġail. Do connaċtar dom gur geall le Dáiḃid agus Ionatan nó le Roland agus Oliḃéar nó le Coin Ċulainn agus Feirdia riḃ ar ṁéid bur gcarṫanaċta agus bur gcómbáide agus bur ndílreaċta dá ċéile. Agus do ḟíleas dá dtiocfaḋ in bur saoġal ċoiḋċe riḃ do beiṫ i gcoinniḃ a ċéile gurab é an nós do ċleaċtfaḋ

riḃ nór Con Culainn agus Feirdia .i. deoċa mine meiḋreaċa agus biaḋa ro-ċaiṫṁe ro-ḃlasta do ċur ċum a ċéile tar éis caṫa gaċa lae agus luiġe ar aon leabaiḋ gaċ oiḋċe go maidin.

Aċt ní mar rin atá. Is aṁlaiḋ do ḃí Cú Ċulainn agus Feirdia agus duine aca ar ṫaoiḃ agus an duine eile ar ṫaoiḃ eile agus iad ag taḃairt geana dá ċéile ina ḋiaiḋ rin. Is aṁlaiḋ atá riḃ-se agus ḃur ndís ar aon taoiḃ aṁáin, aċt riḃ ag taḃairt fuaṫa dá ċéile ina aiṁḋeoin rin.

Ní heol dom-sa cad tá eadraiḃ. Ní heol d'éinne cad tá eadraiḃ. Ní heol díḃ féin cad tá eadraiḃ. Deirteas liom gur dóiġ leat-sa gur amadán Seán Díolúin. Deirteas liom gur dóiġ le Seán Díolúin gur gealt tusa. Ní dóiġ liom-sa go ḃfuil an ceart dá ċeasaḋ ag ceaċtar agaiḃ. Ċíteas dom gurab é an loċt céadna atá ar gaċ duine agaiḃ .i. an iomarca measa aige ar a ḃaraṁail féin.

Bíoḋ do ḃaraṁail féin agat. Aċt mo ċoṁairle duit. Má's dóiġ leat gurab amadán Seán Díolúin ní gáḃaḋ duit amadán do ġairm de or coṁair Gall. Abair do roġa rud i gCúige Muṁan. Fan ro' ṫort i dTiġ Feise Lonndan, muna féidir leat laḃairt gan do ḃráṫair do ṁarlaḋ.

Rud eile. Cad ċuige duit agá ráḋ naċ féidir dliġe do ḋéanaṁ d'Áḋbar Aċta Riaġaltais na hÉireann le linn na Parlaiméide so? Nár ċóra duit a ráḋ go gCAIṪFEAR dliġe do ḋéanam de?

Beir buaiḋ agus beannaċt.

Mise

Laeġ mac Riangaḃra.

AISTIÚE AS AN "mBARR BUAÐ"

Ċum Ṡeosaiṁ uí Ðoḃailean

Beaċa agus Sláinte.

Mo ġoirm ċú má'r tú do ġairm le ċéile agus do fiar agus d'orduiġ na flóiġte do ḃí i mBaile Áċa Cliaṫ Dia Doṁnaiġ, agus ir dóċa gur tú. Do ḃí fian do láiṁe ar an fluaiġeaḋ, fian láiṁe fir óig. Ir maiṫ liom fir óga. Ir maiṫ le Gaeḋealaiḃ fir óga. Ir maiṫ le Gaeḋealaiḃ tura. Ba tú ba ġile leir na flóiġtiḃ Dia Doṁnaiġ, agus níorḃ' é an Réamonnaċ.

Tá croiḋe na hóige ionnat, a ḟir óig. Seaċain an gcríonraḋ ré agus a ḃruil de ḟean-laoċraiḋ id' ṫimċeall. Mo ġráḋ an fean-ḟear a ḃruil croiḋe na hóige ann, aċt ir mairg an t-óg-ḟear a dtiocraḋ croiḋe feanóra ann.

Ir bríoġṁar do labrair Dia Doṁnaiġ. Níor ṫaiṫ-niġ roinn ded' ḃriaṫraiḃ liom. An mbéir-se dílir do ċoróin Ṡaran an uair ḃéar mion-ḟeir i mBaile Áċa Cliaṫ? Ní ċreidim go mbéir. Déan maċtnaṁ.

Ní beag rin de'n dul ro.

Beir buaiḋ agus beannaċt.

Mise

Laeġ mac Riangaḃra.

Beart litreaċ do ċuaiḋ amuġa

ċum Ṫaiḋg uí Ċonċoḃair

Beaṫa agus Sláinte.

Ní ċualaṡ d'ainm riaṁ ort aċt "T. P." Ní heol dom t'ainm dílis. Aċt is dóċa gur "Taḋg" do bairteaḋ ort, óir tá an t-ainm sin coitċeann i mearc Feirsí, agus is ainm é oiṗeas do luċt poilitiḋeaċta de réir béal-oidis Gaeḋeal. Bíoḋ a ḟiaḋnuise sin ar an sean-ḟocal .i. "Taḋg an Dá Ṫaoḃ." Má's rud é naċ bfuil an ceart agam aċt gur "Tomás" nó "Toirḋealḃaċ" nó "Tomaltaċ" nó "Tormad" do bairteaḋ ort, maiṫ dom mo neiṁheolus.

Ag labairt duit i Lonndain Ṡasan an lá ċeana adubṗais naċ mian le Gaeḋealaiḃ seasaṁaint ó Ṡasanaiḃ. Adubṗais fós naċ seasfaiḋ Gaeḋil ó Ṡasanaiḃ go deo. B'ḟéidir an ceart do beiṫ agat. B'ḟéidir gur feasr ṫuigis-se meon Gaeḋeal ioná mar ṫuigim-se é. Aċt ní ċuige sin do bíos aċt ċuige so. Is é an fáṫ ṫugais leo' baraṁail .i. an ḟaid béas muca le díol ag Gaeḋealaiḃ agus Gaill ag ceannaċ muc naċ n-oirṗid do Ġaeḋealaiḃ seasaṁaint ó Ġallaiḃ.

Níos ṁaiṫ liom feasg do ċur ort. Níos ṁaiṫ liom labairt go droċ-ṁúinte leat. Aċt taḃair cead dom a ráḋ leat suas leo' béal naċ bfuil sa méid sin cainnte aċt baois agus deasg-amaidiġe. Do beaḋ sé ċoṁ maiṫ agam-sa a ráḋ an ḟaid béas Fhranncaiġ ag díol síona agus Sasanaiġ ag ceannaċ síona go gcaiṫfiḋ Sasana agus an Ḟhrainnc beiṫ ceangailte le ċéile, nó an ḟaid béas Rúisiġ ag díol cruiṫneaċta agus Sasanaiġ ag ceannaċ cruiṫneaċta

AISTIÚE AS AN "MBARR BUAÐ"

go gcaiṫfiḋ Sarana agus an Rúis beiṫ fá aon ċoróin amáin.

Is minic do ċualas go mbainfeaḋ a leiṫéid so nó a leiṫéid siúd gáire as na cataiḃ. Do bainfeaḋ do ċainnt-se gáire as na mucaiḃ.

Beis buaiḋ agus beannaċt.

Mise

LAEĠ MAC RIANGABRA.

[Teaċtaireaċt Teinntireaċ]

ĊUM ṪAIDG (.i. T. P.) UÍ ĊONĊOBAIR

Ċím gur ainmniġeaḋ tú mar Uaċtarán ar Tiġ na gCoitċeann i nÉirinn fá'n ceaċt nua. An bfuil Gaeḋealg agat?

Mise

LAEĠ MAC RIANGABRA.

ĊUM ṪAIDG UÍ ÉILIĠE

Beaṫa agus Sláinte.

Dob' iongnaḋ liom ó éinne eile na briaṫra do labhrair i láṫair Feise Gall ceaċtmain ó foin. Níorb' iongnaḋ liom uait-se iad. Ba tú fear mór-buaiḋeartha gaċa cuideaċtain i gcomhnaiḋe. Do ġlacair leis an Ábhar Aċta. Aċt níor adhuiġis gur buaiḋ do Ġaeḋealaiḃ é. Do ṁaoiḋis go raiḃ buaiḋte ar Ġaeḋealaiḃ. Aduḃrais naċ gcuirfeaḋ an tÁbhar Aċta Reaċt na hAondaċta ar neimhní

Beart Litreaċ do Ċuaiḋ Amuġa

(ruo doḃ' ḟíor ḋuit) aċt go mbuaiḋóċaḋ ſé an Reaċt ſin (ruo náṁḃ' ḟíor ḋuit). Aduḃraiſ fóſ naċ raiḃ leiġeaſ aſ an ſcéal ſin agus gurab aṁlaiḋ ſin doḃ' ḟeaſſ. Le oiḋcaſ aſ ċoṁ-Ġaeḋealaiḃ aduḃraiſ an méid ſin, iſ baoġalaċ.

Níl agam le ráḋ leat aċt naċ ḃfuil an ceaſt agat. Tá beaſna dá hoſcailt ſoiṁ Ġaeḋealaiḃ. Ní tuſa an feaſ ḋúnfaſ an ḃeaſna ſin.

Beiſ buaiḋ agus beannaċt.

Mise

Laeġ mac Riangaḃra.

Ċum Ḋuḃġlais de Níde

Beaċa agus Sláinte.

Iſ fada ḋom dá ċuſ ſoṁam ſcſíoḃaḋ ċugat. Do ſcſíoḃaſ ſoinn litſeaċ le déiḋeannaiġe ċum deaġ-ḋaoine de ṁaiṫiḃ Ġaeḋeal, agus níor ġaḃaſ fſeagſa ó éinne aca. Iſ dóċa go ḃfuiliḋ ſó-ġnóṫaċ ċum áiſde do ṫaḃairt aſ mo leiṫéiḋ-ſe. Nó do b'ḟéiḋiſ gurḃ' aṁlaiḋ do ċuaiḋ mo litſeaċa amuġa. I nGaeḋilg do ḟeolaſ iad agus iſ gnáſ le muinntiſ an ṗorta moill do ḃaint aſ litſeaċaiḃ ſeoltaſ i nGaeḋilg. Má ḟſoiċeann an litiſ ſo ṫú tá a ḟior agam go gcuiſfiſ fſeagſa ċugam, óiſ iſ de ṁaiṫiḃ líne ḋuit beiṫ ſéiṁ leiſ an duine dealḃ agus éiſteaċt le haṫċuinge gaċ éinne dá úiſíſle. Ba de ṫſéiṫiḃ ſíoġſaiḋe Ġaeḋeal an uṁlaiḋeaċt ſin, dá ḃuiſde le bíoḋḃaiḃ iad.

Ní gáḃaḋ ḋom tuſa do ġſíoſaḋ ná d'imḋeaſgaḋ fá maſ ba ġáḃaḋ ḋom ag ſcſíoḃaḋ ḋom ċum na

ndaoine eile dár ṫagrar. Níor ṡtaonair-se ṡiaṁ i gcaṫ dá ḋéine. Dá ṡtaonṡá do ḋéanṡaḋ do luċt leanaṁna ṡéin tú do ġríoraḋ. Sin buaiḋ de na buaḋaiḃ atá ag muinntir Ċonnaṙṫa na Gaeḋilge ṫar ṡearaiḃ Éireann. Tá ceaḋ cainnte agus ceaḋ cáinte ag an té ir ṡuaraiġe ṡa gConnraḋ. Tá muinigin aca arat-ṡa aċt ní tuigteaṙ ḋóiḃ gur gáḃaḋ ḋóiḃ "Ámén" do ṙáḋ gaċ uair dá laḃrann tura. Ir iad do luċt leanaṁna iad aċt ní hiad do ċléirġ iad. Cléirġ agus giollaí atá ó ṁaiṫiḃ eile de Ġaeḋealaiḃ de ṡéir mar ċíteaṙ ḋom. Ir dóiġ liom gur ṡearṙ leat-ṡa cáirde agus luċt leanaṁna agat ioná cléirġ agus giollaí.

Aduḃairt Eoin Mac Néill, tá ṡeal gearṙ ó ṡoin ann, go ḃṡuil an iomarca de'n ní úd ar a dtugaid Gaill *red tape* ag baint leir an gConnraḋ. Tá an cearṫ ar ṡad aige. Aċt ní hé ṡin é aṁáin. Ir dóiġ liom go ndearna luċt ceannuir an Ċonnaṙṫa dearmad mór ó ṫúr. Ag ċromaḋ ar Gaeḋealaiḃ do ġríoraḋ dóiḃ ir é do ṙinneadar mac-raṁail na gCumann bpoilitiḋeaċta do ḃí i nÉirinn le n-a linn do ċur ar bun agus Connraḋ na Gaeḋilge do ġairm de. Tá taiṫiġe ag Gaeḋealaiḃ ar a leiṫéiḋíḃ le céad bliaḋain agus ní ṫuigid a malairt. Aċt dá éirṡeaċtaiġe mór-ċumann agus cṙaoḃaċa agus coirtí ceanntair agus timċiri agus ṙiaġlaċa ag baint leir ċum curṙóra poilitiḋeaċta do ċur ar aġaiḋ, ní dóiġ liom gurab é ir oirṡeaṁnaiġe ċum curṙóra Ċonnaṙṫa na Gaeḋilge do ċur ar aġaiḋ. Cad ir curṙóir do Ċonnraḋ na Gaeḋilge? Tá, Gaeḋil do ċur ag laḃairt Gaeḋilge. Cia aca ir éirṡeaċtaiġe ċuige ṡin mór-ċumann maille le n-a ċṙaoḃaċaiḃ agus le n-a

ćoirtíb, le n-a ćóruġaḋ agus le n-a fiaġlaćaib, agus é ag caiteaṁ a ḋúthaćta ag déanaṁ fiaġal agus ag díorróireaćt fá dtaoib díob, nó buidhne beaga do beit ag fiubal na dúthaiġe, buidhean díob ag aṁhránaidheaćt, buidhean díob ag léirmiġaḋ úrćluićí, buidhean eile ag teagarc ná ndaoine i dtaoib tal-ṁaidheaćta, buidhean eile ag gríorraḋ Gaedheal i n-aġaid Gall, agus mar rin de, agus an obair rin ar fad dá déanaṁ aca i nGaedhilg? Gan mórán cainnte aca i dtaoib na Gaedhilge, an dtuigeann tú, ach gan dá labairt aca ach Gaedhalg.

An uair do cuireaḋ Connraḋ na Gaedhilge ar bun baḋ ćeart do gać duine dár lean de a ćúl do ṫabairt ar an gcaṫair agus a aġaid do ṫabairt ar an tuaiṫ. Baḋ ćeart dó dul imearc na ndaoine a raib an Ġaedhalg aca agus fanṁaint ina mearc. Baḋ ćeart dó gnó éigin do ṫarraing ćuige ar a raoṫróćaḋ ré an oireaḋ agus do ćoingbeoćaḋ beo é, agus beit fárta leis an méid rin. Baḋ ćeart go raćaḋ na fili agus an lućt oirfiroiḋ ag fiubal na mbóṫar agus ag dul ó ṫiġ go tiġ ag aiṫris a gcuid dán nó ag cantain a gcuid ceoil do na daoimib agus beit fárta le hiortar oiḋće ina díolaidheaćt rin. Baḋ ćeart go dtiocfaḋ buidhean le ćéile agus dul ar fud na Gaedhealtaćta ag léirmiġaḋ úrćluićí i nGaedhilg. Baḋ ćeart go ngeobaḋ buidhean eile le n-a n-air leaṫtrom Gaedheal do ćárugaḋ i nGaedhilg agus mirneać Gaedheal do ṁúrcailt agus Gaedhil do ġríorraḋ i n-aġaid Gall. Dá ndéanfaidhe an méid rin agus tuilleaḋ dá ṙaġar, is baoġalać go mbeaḋ cuid díonn níos boiṫe ioná táimíd, agus cuid eile díonn marḃ de'n ocras agus de'n anró, ach DO

BEAD AN GAEDEALG SÁBÁILTE AGAINN. Agus nać é sin do bí uainn?

Is eagal liom go bfuil sé ró-déideannać ćum an méid sin do déanam anois. Ać d'féadfaidé roinn de do déanam. An buidean ćluićeoirí úd, d'féadfaidé í sin do ćur síos go dtí an Gaedealtaćt. Níl ní ar bić is mó do raćad i dtaisbe do'n Gaedilg. Do déanfad sé níos mó ćum labarta na Gaedilge do leatad i n-aon bliadain amáin ioná mar atá déanta ag craobhaćaib agus ag timćisíb an Ćonnarta le fiće bliadain.

Tá an litir so ró-fada. Ní mór dom stad.

Beir buaid agus beannaćt.

Mise

LAEG MAC RIANGABRA.

ĆUM PÁDRAIC MIC PIARAIS

Beata agus Sláinte.

Ćím go bfuil mo dearbhráthair .i. Laeg Mac Riangabra ag scríobad litreać ćum maić agus mór-uaral Éireann le tamall. Ćím go ndeaćaid cuid de na litreaćaib sin amuga agus gur cuiread cló orta san "mBarr Buad." Ní tuigim cad é an fáć a gcuirfide cló ar aon ní do scríobfad an té sin, óir ní raib ciall riam aige agus ní béid go deo. Is baogalać liom gur cara dev' ćuid-se é, agus gur tura do ćuir d'fiaćaib ar fear seannma an "Barr Buad" (óir deirtear liom go bfuil an fear sin fád' smaćt) na litreća do ćur i gcló. Tuig gur mise an t-aon duine amáin d'fuil Riangabra a mbíonn

gaoir ina fhuaintiḃ agus fhas ar a fáiḋtiḃ. Is fiú mo litreaċa-sa do ċur i gcló, aċt ní baoġal go ḃfeicfear an litir so ar an "mBarr Buaḋ." Is cuma liom.

Ní ḟeadar an maiṫ liom tú nó naċ maiṫ. Ní ḟeadar an maiṫ le héinne tú. Tá a ḟior agam gur gráin le n-a lán tú. Ní ċuala éinne riaṁ ḋá ráḋ "Is maiṫ liom an Piarras." Deirteas liom gurab ionṁuin le macraiḋ Scoil Éanna tú. Deirteas liom go ndubairt bean le mnaoi go ndubairt bean eile le mnaoi eile go ndubairt Tomás Mac Doṁnaill le duine éigin go dtaiṫnigir leis. B'ḟéidir gur fior an scéal sin agus b'ḟéidir naċ fior. Is ait an duine Tomás Mac Doṁnaill.

Táir só-ḋorċa ionnat féin, a Ṗiarraiġ. Ní ḋéanann tú cairdeaṁ le Gaeḋealaiḃ. Séanann tú a gcoṁluadar. An uair ṫagar tú ina mearc tagann mar do ḃeaḋ néall duḃ id' ḟoċair agus luiġeann orṫa. An té do ḃí cainnteaċ roiṁ ṫeaċt duit, bíonn sé ina ṫost. An té do ḃí geal-ġáireaċ tagann gruaim air. An í an ḟuil Śasanaċ úd ionnat is cionntaċ leis sin, ní ḟeadar?

Tá buaiḋ na cainnte agat. Is féidir leat na slóiġte do ṁúrcailt agus do ċorruiġe an uair labhar tú leo ór árd. Is féidir leat iad do ċur ag gol nó iad do ċur ag gáire de réir mar is mian leat. Is dóiġ liom go ḃfuil ḋá Ṗiarraċ ann .i. fear gruamḋa doineannta agus fear geal roineannta. Ní feicṫear an fear geal roineannta aċt go hannaṁ. Ar árdánaiḃ puibliḋe agus i Scoil Éanna is minice ċíteas é. Bíonn an fear gruamḋa doineannta le feicsint go minic. Is olc an sagar é. Ní maiṫ liom

é. Tagann fuaċt orm an uair ċím é. Agus is í an ċuid is gneannmhaire de'n ṡcéal nać eol dom cia aca an fear dorċa nó an fear geal an Piarṡać ceart.

Is maiṫ an gníomh do ṡinnis an uair do ċuirṡis Scoil Éanna ar bun. Is maiṫ an gníomh do ṡinnis an uair do ċuirṡis Scoil Íde ar bun. Mo ċomhairle duit: taḃair aire do Scoil Éanna agus do Scoil Íde agus ná bac a ṫuilleaḋ le cúrsaíḃ poilitiḋeaċta. Tá do ḋóṫain mór ar d'aire. Caiṫ uait an "Barr Buaḋ," ṡcaoil urċur le n-a ḟear ṡeannma, cuir deireaḋ leis an gCumann Nua úd gan ainm, agus déan go maiṫ an rud do ċuirṡis romhat le déanamh ceiṫre bliaḋna ó ṡoin. Níor éirig an dá ṫráig riamh leis an ngobadán. Táis-se ag iarraiḋ freastail ar ċeiṫre tráġaiḃ. Ní éireoċaid leat.

Rud eile. Impiḋim agus aṫċuingim ort gan a ṫuilleaḋ d'ḟaḃal-ṡcéaltaiḃ do ṡcríoḃaḋ.

Beir buaiḋ agus beannaċt.

Mise

IUḂAR MAC RIANGAḂRA.

ĊUM AIRT UÍ ĠRÍOḂTA

Beaṫa agus Sláinte.

Ċím go ḃfuil muinntir Sinn Féin ag corruiġe arís. Ba ṁiṫid dóiḃ sin. Is beag nár ṁarḃuiġis do leanḃ féin. Do ḃí an dé deiridh ag imṫeaċt ar. Ní raiḃ mórán báḋa agam-sa leis an leanḃ céadna riamh, aċt baḋ ṫruaġ liom a aṫair féin dá ṁarḃaḋ. Taḃair aire ṁaiṫ dó fearta agus do b'ḟéidir le Dia go mairfeaḋ an créatúr.

Beart Litreaċ do Ċuaiḋ Amuġa

Do ḃíṡ ṡó-ċṡuaiḋ. Do ḃíṡ ṡó-ḋúṡ. Do ḃí ṡo-ċaol-intinneaċ. Do ḃíṡ ṡó-ċeann-ḋána. Ní ṡaiḃ do ḋóċain muinġine aġaṫ aṡ do ċáiṡdiḃ. Do ḃí an iomaṡca muinġine aġaṫ aṡaṫ féin. Do ḃí an iomaṡca meaṡa aġaṫ aṡ do ḃaṡaṁail féin. Do ḃí dṡoċ-aṁṡaṡ oṡṫ ṡá ḋaoiniḃ do ḃí ċoṁ ḋíġiṡ leaṫ féin. Ní ṁoltá aon ċoṁaiṡle aċt do ċoṁaiṡle féin. Ní aontóċá aon ní aċt an ní do ṁoltá féin. Ní ḋéanṡá aon ġníoṁ. Do b'ṡeaṡṡ leaṫ a ċṡuṫuġaḋ do'n tṡaoġal naċ ṡaiḃ an ceaṡt ag duine eile ḋá ḋéanaṁ ioná an ní ċeaṡt do ḋéanaṁ ṫú féin. Ní ḋéanṡá féin aon ġníoṁ, agus dá moltaḋ éinne eile aon ġníoṁ le déanaṁ do ċṡuṫóċtá ḋó náṡ ġníoṁ indéanta é.

Ní ṡaiḃ aon dul aṡ aġaiḋ i ndán do Ċumann a ṡaiḃ a leiṫéid ṡin d'ṡeaṡ ina ċeannuṡ. Ní ṡanṡaḋ éinne i gcumann muna mbeaḋ ceaḋ cainnte aige ann. Do ḃí do ċáiṡde dod' ṫṡéigean ina nduine iṡ ina nduine, agus do ṫṡéigṡidíṡ go léiṡ ṫú dá leanṡá maṡ do ḃí aġaṫ.

Iṡ dóċa go dtuigiṡ an méid ṡin anoiṡ. Baḋ ċeaṡt dá dtuigṡeá. Ċím ṡuadaṡ nua ṡúṫ-ṡa agus ṡáḋ' ḃuiḋin le déiḋeannaiġe. Má'ṡ maiṫ iṡ miṫid. Tá buaḋa aġaṫ-ṡa naċ ḃṡuil ag aon ṡeaṡ eile d'ṡeaṡaiḃ Éireann. Baḋ ṁóṡ an tṡuaġ é dá ṡaċaḋ taiṡḃe na mbuaḋ ṡin amuġa toiṡc naċ ḃṡéadṡaḋ daoine eile oibṡiuġaḋ ṡáḋ' ċeannuṡ.

Ní beag ṡin.

Beiṡ buaiḋ agus beannaċt.

Miṡe

Laeġ mac Riangaḃra.

Fabal-scéalta

Sliocht leabair buidhe baile i bfad síos anuas

An Chlann do Bhí i nGéibheann agus an Fear Óg do Bhí ar Bheagán Céille

Clann aon athair do bhí i feilbh dúithche áilne gur éirigh earaontar eatorcha gur ghabadar ag flad agus ag ionnarbadh a chéile. Achadh abhal-mhór urghránna do bhí ina chomhnaidhe ar aon teorainn leo, ar n-a chlor dó go rabadar ag flad agus ag ionnarbadh a chéile, tháinig iftheach ar an dúthaigh d'iarraidh fíochcána do dhéanamh. Do rinne sé fíochcáin tar éis thrian de mhuinntir na dúithche do mharbadh dó agus thrian eile do dhíbirt tar bóchna. Agus annsin do bain sé feilbh na dúithche de'n tsearr thrian agus do chuaidh féin ina feilbh agus do chuir fuighleach an dreama ar leo an dúthaigh i nGéibheann agus ceangal na gcúig gcaol orcha.

Tamall fada dóibh mar sin go dtug Fear Óg do bhí ar Bheagán Céille fá deara go raibh an ceangal do bhí orcha caithte leis an aois agus leis an áraidheacht agus go mbadh furur a bhrisead. Do chuir sé an ní sin i n-iúl dá bráithreachaibh agus do chomairligh dóibh an ceangal do bhrisedh agus an tAthach do chur a feilbh a ndúithche agus iad féin do dhul ina feilbh arís.

D'fheagair duine aca darb' ainm Oráirteach é agus adubairt: "Ní bhrisfead-sa an ceangal sin agus ní leigfead dib-se a bhrisead, óir is Páraisí Fuilteacha sib-se agus atá sib fá smacht mo bhráthar annso .i. Sagart, agus adubairt an tAthach liom dá mbeimís scaoilte ó'n gcuibhreach so nach leigfead Sagart dom-sa marthain im' dúthaigh féin, agus ar an ádhbar sin is fearr dom an tAthach dom' choraint."

Do labair an bráthair darb' ainm Sagart annsin agus is é adubairt: "A Fhir Óig atá ar Bheagán Céille, bris an ceangal so atá orainn má tá sé de neart agus de mhisneach ionnat, ach ní thiubhrad-sa aon chongnamh duit chuige, óir adubairt an tAthach liom dá mbeimís scaoilte ó'n gcuibhreach ina bhfuilmíd agus gan eisean annso dom' choraint go n-iompóchad sib-se ar fad im' choinnib-se agus go ruaigfead sib ar an dúthaigh amach mé."

Do labair sean-duine chíon annsin agus is é adubairt: "A Fhir Óig atá ar Bheagán Céille, tá an tAthach ag tabairt cúig scilling gacha seachtmhaine dom-sa chum tobac do cheannach dom féin, agus adubairt sé liom dá mbeimís saor ó'n gcuibhreach so gur bhaoghalach dom gan mo chorcóin ghéal gacha seachtmhaine d'fhagháil, óir nach bhfuil mórán airgid agaib-se."

Do labair bráthair eile annsin do bí ina Mhaor ag an Athach ar an gcuid eile agus is é adubairt: "Tá tuasartal maith ag dul dom-sa ó'n Athach agus dá gcuirfidhe an tAthach ar ar ndúthaigh do bainfidhe an tuasartal sin díom. Agus, a Fhir Óig atá ar Bheagán Céille," ar sé agus a fhearg ag éirghe dó, "má leanair dár mbuaidhreadh agus sinn go socair sásta fá choimirce an Athaigh uasail so cuirfead ceangal fó

AISTIDE AS AN "MBARR BUAD"

ṫrí agus fó ċeaṫair ort agus muna bfanair id' ṫort annrin bainfead an ceann díot."

Do ghab imeagla an fear óg annrin agus níor labair a ṫuilleadh. Tar éis tamaill ṫáinig ciall dó agus do dhíol sé é féin leis an Aṫaċ agus do sinne an tAṫaċ Fó-Ṁaor de fá ċeannus an Ṁaois eile.

Agus d'fan an ċlann san ngéibeann ina sabhadar agus béid amhlaidh go bruinn an bhráṫa.

AN TEANGA DO BÍ I MBÉALAIB BÁIS AGUS NA HOLLAṀAIN

Cine do bí san Doṁan Ṫois agus do bí a dteanga dúṫċasaċ i mbéalaib báis. Do sinneadar Connsaḋ eatorṫa féin ċum na teangan do ċosaint ar an éag. Do ghabadar ag scrúdughaḋ leabhar a sean agus a sinnsear agus ag saoṫrughaḋ na teangan aṁail do ṡaoṫruigeaḋ luċt éigse na sean-aimsire í.

Tamall dóib mar sin gur éirig Ollaṁ síor-léigeanta go ndubairt leo go sabhadar ag dul amugha, óir nárb' ar nós a sean agus a sinnsear bhaḋ ċóir dóib an teangan do labairt agus do scríobhaḋ aċt ar nós muinntire na tuaiṫe mar gurab aca-san aṁáin do bí ceart na cainnte.

D'éirig iomarbhaiḋ uaṫṁar agus earaontas aḋbalṁór annrin, óir do bí gaċ éinne ag molaḋ canaṁna a ṗarráirte féin agus agá ṁaoiḋeaṁ gurab í a ṡeanṁáṫair féin an t-aon duine aṁáin a raiḃ ceart na canaṁna sin aici. Do leig gaċ éinne air féin nár ṫuig sé canaṁain a bhráṫar, agus do ḋearbhuig gaċ

éinne go raiḃ an teanga dá milleaḋ agus dá marḃaḋ, dá hatċumaḋ agus dá hiompóḋ bun os cionn ag gaċ éinne eile.

Tamall eile ḋóiḃ gur éirig an dara hOllaṁ, fear ba léigeanta i ḃfad ioná an ċéad ollaṁ óir do ḃí sé tar éis seal dá ḟaoġal do ċaiteaṁ ins na coigcríoċaiḃ, go ndeaḃairt gurab ionann cás do na canaṁnaiḃ ar fad óir go raḃadar ar fad truailliġte go mór ag an teangain iarraċta do ḃí dá labairt san dúċaiġ, agus go mbaḋ ċóir ḋóiḃ dul siar míle bliaḋain gur an aimsir naċ raiḃ aon teanga iarraċta san dúċaiġ agus gan aon ní do ráḋ ná do scríoḃaḋ aċt an ní adéarad nó do scríoḃad duine do ṁair míle bliaḋain roiṁe sin. Ba fear céilliḋe sruamḋa an tOllaṁ sin, agus ionnus go dtuigfiḋe i gceart é do labair sé san teangain iarraċta.

Do ḃrat gaċ éinne annsin dá ndéanad sé aiṫris ar an Ollaṁ síor-ċéilliḋe sin agus gaċ a raiḃ le ráḋ aige i dtaoiḃ na teangan dúṫċaraige do ráḋ san teangain iarraċta, ní hé aṁáin go dtuigfiḋe é, aċt naċ ḃféadfaiḋe a ċaraḋ leis naċ raiḃ an teanga dúṫċarac ina ceart aige, mar naċ mbeaḋ a ḟior ag éinne an raiḃ nó naċ raiḃ. Do ġaḃ gaċ éinne ag scríoḃaḋ san teangain iarraċta annsin agus ag noċtaḋ coṁairlí ċum na teangan dúṫċaraige do ċoraint. Do ṁol dream Litriuġaḋ na teangan do Ṡimpliuġaḋ. Do ṁol dream eile Ard-Litriḋeaċt do Ċumaḋ san teangain. Do ṁol an tréar dream Daoine Uairle do ċur ar fud na dúṫaige ar Ġluair-teánaiḃ agus iad ag labairt na teangan. Do ṁol dream eile fós a ċur d'ḟiaċaiḃ ar ṁáiġistríḃ scoile gan focal de'n teangain iarraċta do ṁúineaḋ do

Aistiúe as an "mBarr Buaḋ"

leanḃaiḃ ar scoil. Agus ó'r san teangain iarachta do molaḋ na neiṫe sin ar fad agus neiṫe eile nach n-áirimṫear annsa, do ḃí síoṫcáin san dúṫaiġ, agus níorḃ' féidir le héinne a ċaraḋ le héinne eile nach raiḃ an teanga dúṫċarach ina ceart aige.

Agus do ċuaiḋ an teanga dúṫċarach i laige agus d'éag sí agus do cuireaḋ go huaral onórach í agus do scríoḃaḋ a fearr-laoi san teangain iarachta.

Agus mairfiḋ an teanga iarachta go bruinn an ḃráṫa.

An fear ṫug fuaṫ d'uisce fá ṫalmain

Do ḃí fear i gCríċ gan Ainm agus iomad carad aige. Do ġlac sé fuaṫ do'n ní ar a dtugaḋ bunaḋ na Críċe sin "uisce fá ṫalmain." D'fulaingeaḋ sé uisce beaṫa nó uisce báis nó síor-uisce fá aon ċuma nó i n-aon áit acht é do ḃeiṫ ar cionn talmhan. Do ḃí de mhéid a fuaṫa d'uisce fá ṫalmain go dtáinig raoḃ-ċiall air go ramhluiġtí ḋó go mbíoḋ uisce fá ṫalmain ar gach taoiḃ de san áit nach mbíoḋ agus nach ḃféadfaiḋe a ḃeiṫ. Dá ḃfeiceaḋ sé duine ag laḃairt le feisire adeireaḋ sé: sin uisce fá ṫalmain. Dá gcluineaḋ sé gur laḃair duine le duine eile ar an ngután adeireaḋ sé: uisce fá ṫalmain arís. Dá dtigeaḋ dream daoine le ċéile ar ċomḋáil do ḃíoḋ sé cinnte gur d'aon tusar ċum uisce fá ṫalmain do ḋéanamh do ṫigidís. Dá gceannuiġeaḋ duine bairéad nua, nó dá mbearraḋ duine é féin, nó dá ndéanaḋ duine eile dearmad gan é féin

do beannaḋ, adeireaḋ sé: sin comhartha uisce fá thalmhain.

Do ghab a cáirde dá ḟeachaint annsin ar eagla go gcuirfeaḋ sé uisce fá thalmhain ina leiṫ, go nár lean dó acht triúr. Do ḟuiḋiḋir sin ina ḟochair ag imirt fiṫchille agus ag caiṫeamh tobac i dTiġ árd do bí i nÁrd-Chathair na Críche sin ar an tugaḋ mar ainm an D.B.C. Lá n-aon fuġ duine de'n triúr sin buaiḋ air i bhfiṫchill, agus do ḋíbir sé an té sin óir do bí sé cinnte gurab uisce fá thalmhain fó ndearr. Lá eile do bí droch-tobac ag duine eile de'n triúr agus do ḋíbir sé an té sin ó ba léir dó gurab uisce fá thalmhain fó ndearr. Lá eile fós do bain an tsear duine sraoi gan a ceadugaḋ ran roimh sé agus do ḋíbir sé eirean ó do b'ḟolluraḋ nach ndéanfaḋ éinne a leiṫéid muna mbeaḋ uisce fá thalmhain do beiṫ san áit.

Do mhéaduiġ ar a ṡaoḃ-ċéill ina ḋiaiḋ sin gur ḟeachain sé uisce agus deoch de gach cineál ar eagla gurab uisce fá thalmhain do beaḋ ann, agus do b'é deireaḋ a staire go bhfuair bás de'n tart.

Na héigse d'imir cleas ar na bodachaiḃ

Do bí cine san Doimhan Ṫear agus do bí teanga áluinn aca. Do ċuaiḋ meaṫ ar an teangain sin go raiḃ sí i mhoċt báis. Do ghab éigse an ċine ag raoṫ-fuġaḋ na teangan arís agus agá múineaḋ do'n aor óg. Níor ċian dóiḃ go raiḃ an teanga dá canaḋ arís go foirleathan ar fud na críche. Do fuair na

AISTIÚE AS AN "MBARR BUAÐ"

héigre gradam de ḃarr a ngníṁ agus do fuair foinn díoḃ tuarastal ċoṁ maiṫ.

Dream aṁáin do na héigriḃ, ar n-a ṫaḃairt fá ndeara ḋóiḃ a ṡéiḋe ir do ḃí muinntir na críċe ag dul i dtaiṫiġe na teangan arís, adubradar le n-a ċéile: "Má ṫéiġeann an daoscar-ṡluaġ i dtaiṫiġe na teangan ċoṁ ṡéiḋ sin, ní fada go mbéiḋ gaċ fó-ḋuine ina éigear ċoṁ maiṫ linne agus cáil agus gradam aige dá ṡéis. Cad déanfar linn?"

Do ġaḃadar ag dian-ṁaċtnaṁ gur ċeap duine ḋíoḃ coṁairle go ndubairt: "Déanaimís litriuġaḋ na teangan do ċur bun or cionn ionnus naċ ḃféadfaiḋ gaċ bodaċ a foġluim gan na bliaḋanta do ċaiṫeaṁ leis."

Do críoċnuiġeaḋ an ċoṁairle sin aca agus do ċeapadar litriuġaḋ nua agus ċum dallaḋ púicín do ċur ar an bpobal ir é do ġairmeadar de'n litriuġaḋ sin .i. an Leitiriú Simplí. Do ġaḃ uaṁan an ċoitċeannaċt roiṁ an Leitiriú Simplí gur ċuireadar ruar do'n teangain d'foġluim go nár ċleaċt iar sin í aċt na héigre gur lean cáil agus gradam ḋíoḃ.

AN FEAR MEATTA

Do ḃí Fear Meatta ann fad ó agus do ḃí de ṁéid a ṁeattaċta gur neaṁ-ġlan leis gaċ ní ḋá ġlaine agus gur léis dó ralaċar rán áit naċ mbíoḋ aon tralaċar. Dá ḃfeiceaḋ sé an focal "tóin" fá ċló do ṡcannruiġeaḋ sé; dá léiġeaḋ sé fá ċailín cornoċtuiġte do ḋearġaḋ sé; dá gcartaoi air fear

agus filleadh beag uime do ṫeicheadh sé ; dá sgríobhadh duine úrchluiche ina bhfeicfidhe cailín ag cur íochtláinte le coir a hathair tar éis a leointe do chorcadh sé ar mhnáibh na hÉireann dul ag féachaint ar an úrchluiche sin. Dá luaidhtí an focal "bhíste" ina láthair adeireadh sé: "Seachain, seachain! Do bh fhéidir go mbeadh bean ag éirteacht leat!" Dá ndéanfaidhe trácht ar chleamhnas nó ar iomchur cloinne or a chomhair do gheobhadh bás de'n náire.

Tamall fada dhó ag dian-mhachtnamh ar fhalachas an tsaoghail go dtáinig fadh-chiall air gur ghabh sé ar sgrúdughadh leabhar agus irisleabhar agus láimh-sgríbeann an domhain ar lorg falachais, agus ar aon tsalachas d'fhaghál dó do léigheadh arís agus arís eile é go mbíodh de ghlan-mheadhair aige, agus annsin do ṫéigheadh ó dhuine go duine dá cháirdis dá innsint agus dá ath-innsint dóibh. Do lean de sin gur thuaillighead a intinn-sean agus intinn a cháirde chomh mór sin nár fheadadar cuimhniughadh ná labhairt ar aon ní acht ar an lobhchacht agus ar an falachas agus ar gach ní dá bhéine.

Agus an uair do fuair an fear sin bás i ndeireadh a fhaoghail do damnuigheadh agus do cuireadh chum Ifrinn é.

AITEASC PÁDRAIC MIC PIARAIS

AR MÓR-DÁIL GAEDEAL 31 MÁRTA, 1912

"Mo gráḋ riḃ, a ḟeara Éireann, d'ḟreagair an comḡairm so in ḃur mílteaḃ, ní heaḋ acht in ḃur gcéadtaiḃ de mílteaḃ! Mo goirm riḃ tar ḟearaiḃ an domain ar ḃur ndílreacht, ar ḃur ndóchas, ar ḃur ndian-chomhrac! A Dia na ḃfearta, nach fada an cogaḋ againn é! Nár mór i ar ḃfoiḡid! Nár ḃuan é ar mireach! Tá daoine ar an láthair so ar cuimhin leo oct ir ceathramaḋ milliún Gaedeal ar talamh na hÉireann. Níl againn indiu acht ceithre milliún agus a dtrian sin ceannuiḡthe ag Gallaiḃ. Acht ní luḡaide ar mireach an díth do chuaiḋ orainn agus ní luḡaide ar ndóchas na catha do bhriseaḋ orainn.

"Múrclaimís ar meanma arís. Tá oiread tréanfhear annso ir do chuirfeaḋ impireacht Sasan ar neimhní acht iad do ḃeith ar aon aigneaḋ agus iad do chur chuige i gceart. Níl uainn impireacht Sasan do chur ar neimhní. Céard tá uainn? Tá, saoirse Gaedeal. Ní tigimíd ar fad le chéile i gcomhnaiḋe. Ní tigimíd le chéile i mion-neitiḃ. Ir cuma sin Táimíd ar fad ar aon aigneaḋ i dtaoiḃ an méid so .i. go ḃfuil de dhualgas orainn saoirse do ḃaint amach dár gcine ar air nó ar éigin. Ir leor sin.

"Tá dream dínn do ḃeaḋ sásta ḃeith fá chéannur

ríoġ Ṡaran acht raoirre do beiṫ aġainn in ar bfearann féin .i. gan ġaill ag cur irteaċ ar ġnóṫaiḃ naċ mbaineann acht le Ġaeḋealaiḃ. Tá an tárd-Ċomairleoir Cotton ar an dream rin de réir na cainnte do rinne ré annro. Tá dream eile ḋíonn nár ċrom ar gceann agus nár ḟeac ar nglún riaṁ i n-ómór do ríġ Ṡaran agus naċ ndéanfaiḋ go deo. Táim-re ar an dara dream de'n dá ḋream rin mar ir eol do ċáċ. Acht ċíteas ḋom gurab aṁlaiḋ do beinn ag déanaṁ feill ar mo ṁuinntir lá curṫa an ċaṫa muna bfreagróċainn an ċoṁġairm ro indiu; óir ir léir dom-sa go raċaiḋ an ceaċt ro atá ḋá ṁolaḋ ḋúinn i dtairḃe do Ġaeḋealaiḃ, agus go mbaḋ treise Ġaeḋil ċum troda fá'n ceaċt ionná ina éaġmuir. An té atá ar an intinn rin, ní beaḋ ann acht claḋaire muna dtiubraḋ a ċongnaṁ ċum an ceaċta do baint amaċ.

"Ná tuigtear go bfuilim ag glacaḋ leis an ceaċt roiṁ sé. Níl éinne ag glacaḋ leis an ceaċt roiṁ sé. An té do ġlacfaḋ leis roiṁ sé, ní beaḋ ann acht amadán. B'féidir go mbeaḋ orainn diúltaḋ do'n ceaċt. Níl dá ráḋ aġainn indiu acht go gcaiṫfear éirteaċt le glór Ġaeḋeal fearta; go gcaiṫfear fréartal orainne anoir; go bfuil ar bfoiġid caiṫte. Tá Ġaeḋil dá ḟóġairt, agus dá ċéad míle díoḃ ag labairt annro d'aiṫearc aon duine, go bfuil raoirre uaṫa agus go bfuil fúṫa a baint amaċ de ḋeoin Dé.

"Cuirimíd le ċéile agus bainimíd ceaċt maiṫ de Ġallaiḃ. Is dóiġ liom gur féidir ceaċt maiṫ do baint díoḃ acht ar ndóṫain ṁirniġ do ġabáil ċugainn. Agus má clirtear orainn de'n dul ro, tá dream i nÉirinn, agus táim-re ar ḋuine díoḃ, ṁolfar do

AISTIÚE AS AN "mBARR BUAÐ"

Ġaeðealaiḃ gan ḋul i gcoṁaiṗle ná i gcaiṗeaṁ le Gallaiḃ go deo aṗíṡ, acht iad d'ḟreagairt fearta le láiṁ láidir agus le faoḃar claiḋiṁ. Tuigeaḋ Gaill má feallfar orainn aṗíṡ go mbéiḋ ina ċogaḋ ċraoṗag ar fud na hÉireann."

MIONN

I n-ainm Dé,
Dar Criosd a Aon-Mac,
Dar Muire a Ċaoṁ-Máṫair,
Dar Pádraic Aṗṫal Gaeḋeal,
Dar Oilfeaċt Ċuilm Ċille,
Dar eiṡ ar gcoiniḋ,
Dar cṡú ar ṡinnṡear,
Dar dúnṁarḃaḋ Aoḋa Ruaiḋ,
Dar báṡ tṡuaiġṁéileaċ Aoḋa Uí Néill,
Dar oiḋeaḋ Eoġain Ruaiḋ,
Dar mian an tSáiṗṡéalaiġ le huċt a báiṡ,
Dar orna éagcoṁlainn an Ġearaltaiġ,
Dar cṡéaċtaiḃ cṡóilinnteaċa Tone,
Dar fuil uaṗail Emmet,
Dar coṗṗaiḃ an Ġorta,
Dar deoraiḃ deoraiḋe nGaeḋeal,
Do-ḃeiṡimíd na mionna do-ḃeiṡeaḋ ar ṡinnṡir
Go ḃfuaṗcloċaimíd do ġéibeann ar gcoiniḋ,
Nó go dtuitfimíd bonn le bonn. Ámén.

Date Due

BL
APR 1 1 2006

CAT. NO. 23 233 PRINTED IN U.S.A.

ACK-1851

TRENT UNIVERSITY
0 1164 0436662 1

PR6031 .E2
Pearse, Padraic H
Collected works of Padraic H.
Pearse

DATE	ISSUED TO

103634

103634